Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1594

8.10.2025

**RÚN (AE) 2025/1594 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA**

**an 7 Bealtaine 2025**

**maille le barúlacha atá ina gcuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023, Roinn III – an Coimisiún, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus an naoú, an deichiú agus an t-aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint dá chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023, Roinn III – an Coimisiún,

— ag féachaint dá cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséid na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2023,

— ag féachaint do Riail 101 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

— ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0074/2025),

A. de bhrí gur shroich an t-aonú CEF déag a chéim dheiridh de réir mar a tháinig a chlásal éagtha i bhfeidhm an 31 Nollaig 2020; de bhrí, áfach, gur síníodh conarthaí sonracha le haghaidh comhaontuithe maoiniúcháin a bhí ann cheana go dtí an 31 Nollaig 2023, agus go leanfar de chur chun feidhme na dtionscadal leanúnach arna gcistiú ag CEF go dtí go gcuirfear i gcrích iad go críochnaitheach;

B. de bhrí nár ionchorpraíodh an naoú, an deichiú agus an aonú ([1]) CEF déag i mbuiséad ginearálta an Aontais agus go leanfar dá gcur chun feidhme agus de thuairisciú a dhéanamh orthu ar leithligh go dtí go ndúnfar iad;

C. de bhrí, le haghaidh CAI 2021-2027, go bhfuil an chabhair le haghaidh comhar um fhorbairt do na tíortha atá mar chuid de Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) comhtháite san Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda ('ICFCI-An Eoraip Dhomhanda') mar chuid de bhuiséad ginearálta an Aontais, agus go bhfuil an chabhair le haghaidh comhar um fhorbairt do na tíortha agus críocha thar lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, ionchorpraithe sa Chinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear;

D. de bhrí go ndéantar na CEFanna a bhainistiú nach mór go hiomlán ag Ard-Stiúrthóireacht um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta de chuid an Choimisiúin le sciar beag (7 %) de chaiteachas CEF 2023 á bhainistiú ag Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú;

**Tosaíochtaí polaitiúla**

1. á chur i bhfios go láidir go bhfuil tiomantais láidir aici do luachanna bunúsacha agus bunphrionsabail an Aontais, a chumhdaítear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE); ag cur béim áirithe, faoi chuimsiú an phróisis um urscaoileadh, ar phrionsabail na bainistíochta fónta airgeadais mar a leagtar amach in Airteagal 317 CFAE agus ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 325 CFAE;

2. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá prionsabal dheighilt na gcumhachtaí san Aontas agus á mheabhrú, de réir an Chonartha, go gcleachtfaidh na hinstitiúidí comhar dílis eatarthu féin; á chreidiúint nár cheart, in imthosca ar bith, go ndéanfadh gníomhaíochtaí d'institiúid amháin de chuid an Aontais difear do neamhspleáchas institiúide eile; ag tathant ar gach institiúid eile urraim a thabhairt do ról na Parlaiminte mar an t-aon institiúid amháin de chuid an Aontais arna toghadh go díreach ag na saoránaigh agus staonadh ó aon chur isteach míchuí, díreach nó indíreach ar a próisis reachtacha, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go mbeidh próiseas cinnteoireachta na Parlaiminte fós saor agus neamhspleách ar institiúidí eile de chuid an Aontais nó ar aon eintitis eile;

3. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá buiséad an Aontais chun tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a bhaint amach, chomh maith leis an ról atá aige cuidiú leis na Ballstáit i gcásanna gan choinne amhail coinbhleachtaí idirnáisiúnta nó géarchéimeanna agus na hiarmhairtí lena mbaineann; á chur i bhfios, ina leith sin, ábharthacht leanúnach na n-infheistíochtaí agus na tacaíochta ó bhuiséad an Aontais chun éagothromaíochtaí idir na Ballstáit agus na réigiúin a laghdú, chun fás eacnamaíoch agus fostaíocht a chur chun cinn, chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, agus ar an gcaoi sin saol laethúil shaoránaigh na hEorpa a fheabhsú;

([1]) San 11ú CEF, clúdaítear CAI 2021-2027.

4. á thabhairt dá haire go bhfuil tuairim ghlan eisithe ag an gCúirt Iniúchóirí (an Chúirt) don bhliain airgeadais 2023 a bhaineann le beachtas na gcuntas agus dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim; á chur in iúl ag an am céanna gur oth léi gur ghá don Chúirt tuairim mhalartach a eisiúint den chúigiú bliain as a chéile maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas bhuiséad an Aontais agus tuairim cháilithe ar dhlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA):

5. á chur in iúl gur cúis mhór imní di go bhfuil an ráta earráide foriomlán arna thomhas ag an gCúirt ag dul i méid ón mbliain airgeadais 2020 agus gurb ionann é agus 5,6 % don bhliain airgeadais 2023; á thabhairt dá haire go bhfuil difríochtaí suntasacha sna rátaí earráide idir ceannteidil a chuimsíonn raon ó réimsí caiteachais le rátaí earráide faoin tairseach ábhartha de 2 % go ráta earráide 9,3 % i gcás an bheartais chomhtháthaithe; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur próiseas polaitiúil é an urscaoileadh inar féidir gach saincheist a bhaineann le bliain airgeadais ar leith a chur san áireamh agus ba cheart an cinneadh a bheith fíorasach agus neadaithe in *acquis* an Aontais chun urscaoileadh a dheonú nó diúltú dó, agus go ndéantar é le haghaidh an bhuiséid ar bhonn iomlán; ag tathant ar an gCoimisiún, ar deireadh, moltaí na Cúirte a chur san áireamh agus an ráta foriomlán earráide a laghdú le linn na mblianta amach anseo; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, plean gníomhaíochta a thíolacadh laistigh de 4 mhí maidir leis an ráta earráide a laghdú;

6. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil léirmhínithe éagsúla ag an gCoimisiún agus ag an gCúirt ar an méid atá i gceist leis an 'ráta earráide', agus dá bhrí sin go bhfuil mearbhall ann; á chur in iúl go dtacaíonn síle cur chuige agus modheolaíocht coiteann iniúchóireachta agus á iarraidh go láidir ar an dá institiúid teacht ar réiteach ar an dá chur chuige éagsúla roimh an urscaoileadh 2024; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil an Coimisiún ag gannmheas an leibhéal earráide atá ann cheana go córasach agus go bhféadfadh cosaint neamhéifeachtach ar leasanna airgeadais an Aontais a bheith ann dá bharr;

7. á chur in iúl arís gur cúis mhór imní di go bhfuil na gealltanais carntha le híoc (RAL – reste à liquider) tar éis an leibhéal is airde riamh de EUR 543 bhilliún a bhaint amach, arb ionann é agus 3,2 % de OTI iomlán an Aontais ag deireadh 2023 agus arb ionann é agus níos mó ná dhá oiread bhuiséad bliantúil an Aontais do 2023; á chur i bhfios go láidir go bhfuil riosca ann leis an leibhéal gealltanas le híoc, atá níos airde ná riamh, go mbeidh dúshláin ann do thodhchaí chur chun feidhme na leibhéal íocaíochtaí, atá thar a bheith ard, agus/nó go dtarlóidh saoradh suntasach chun dochair chur chun feidhme chuspóirí beartais an Aontais;

8. á chur in iúl tuilleadh gur cúis bhuartha di gur bhain an fiachas le híoc ó iasachtaí EUR 458,5 billiún amach, arb ionann é agus 2,7 % de OTI iomlán an Aontais faoi dheireadh 2023; á thabhairt dá haire go bhfuil an tAontas ar cheann de na heisitheoirí fiachais is mó san Eoraip mar gheall ar an méadú ar fhiachas le híoc le linn 2023, ar ionann é agus EUR 110,5 billiún; á thabhairt dá haire tuilleadh gur tuaradh go ndéanfar méid an fhiachais le híoc a mhéadú tuilleadh le linn na mblianta amach anseo, go háirithe mar gheall ar iasacht mhéadaithe atá nasctha le STA agus cúnamh airgeadais do roinnt tíortha lena n-áirítear an Úcráin, ar íospartach í de chogadh foghach na Rúise; á athdhearbhú gur cúis mhór imní di go bhfágann an méadú ar fhiachas go bhfuil buiséad an Aontais níos íogaire ar mhéaduithe ar rátaí úis ós rud é go mbeidh gá le cuid den fhiachas a sheirbhísiú agus a aisíoc le buiséad an Aontais;

9. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé rialacha airgeadais an Aontais a chur i bhfeidhm go docht i ngach clár agus ar gach tairbhí, chun gach cineál calaoise, coinbhleachta leasa, éillithe, cistiúcháin dhúbailte agus sciúrtha airgid a sheachaint;

10. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an smacht reachta mar ceann de luachanna bunúsacha an Aontais agus á chur i bhfáth go bhfuil an Sásra um Choinníollacht an Smachta Reachta ríthábhachtach chun a áirithiú go leanann na Ballstáit de phrionsabail an smachta reachta a urramú; á athdhearbhú gur cúis mhór imní di staid an smachta reachta atá ag dul in olcas i mBallstáit áirithe, lena n-áirítear ionsaithe nó srianta ar ghníomhaíochtaí eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ar bagairt shuntasach iad ní hamháin ar luachanna daonlathacha ach a bhfuil riosca méadaithe caillteanais airgeadais do bhuiséad an Aontais mar thoradh orthu freisin; á iarraidh go gcuirfí tacaíocht leormhaith ar fáil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach ar an talamh; ag aithint go bhfuil cineálacha nua sáruithe ar an smacht reachta ag teacht chun cinn ag rialtais náisiúnta agus á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin atá ag teacht chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar gach gné den sásra a chur chun feidhme go dian agus go tapa i gcás ina sáraíonn na Ballstáit prionsabail an smachta reachta má dhéantar sáruithe den sórt sin difear, má tá riosca ann go ndéantar difear, do leasanna airgeadais an Aontais; á chur i bhfios go láidir ag an am céanna gur gá faisnéis iomlán agus thráthúil maidir le cinntí a bhaineann le cur chun feidhme an tSásra um Choinníollacht an Smachta Reachta; ag spreagadh an Choimisiúin measúnú sainráite a dhéanamh ar chásanna ina bhfuil easnaimh sa smacht reachta de chineál sistéamach; á iarraidh go gcuirfí béim níos láidre ar chur chun feidhme moltaí tírshonracha, mar aon le sásraí leantacha éifeachtacha agus tagarmharcanna intomhaiste; á mholadh go mbunófaí creat cuimsitheach faireacháin ar an smacht reachta a mbeadh institiúidí uile an Aontais, na Ballstáit agus na tíortha is iarrthóirí rannpháirteach ann, arb é is aidhm dó comhleanúnachas agus aonfhoirmeacht a áirithiú ar fud an Aontais, agus cur i bhfeidhm cothrom agus neamhchlaonta á áirithiú ag an am céanna; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta a mholadh chun cosaint tairbhithe deiridh a áirithiú i gcásanna sáruithe ar an smacht reachta ag rialtais náisiúnta gan an bonn a bhaint de chur i bhfeidhm ná d'éifeachtacht an rialacháin;

11. ag cur sonrú i gcineál nuálach STA agus a rannchuidiú chun tacú leis na Ballstáit téarnamh ó iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta na paindéime agus geilleagar Eorpach níos athléimní a chruthú; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, maidir le haon aistriú chuig cur chuige feidhmíochtbhunaithe atá bunaithe ar STA mar shamhail, gur gá aghaidh a thabhairt ar go leor saincheisteanna a sainaithníodh ina chur chun feidhme, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar shonraí maidir lena thionchar iomlán, sula n-úsáidfear samhail den sórt sin; á mheabhrú gur sainaithníodh go leor fadhbanna i gcur chun feidhme STA ar gá aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: easpa comhairliúchán leordhóthanach leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile, amhail comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus easpa rannpháirtíochta uathu sa chur chun feidhme; an ghné lag trasteorann, a dtabharfadh le fios go mbeidh breisluach AE laghdaithe i ndáil leis sin; easpa sainmhíniú soiléir ar na garspriocanna agus ar na spriocanna agus comhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna sin; an tsolúbthacht neamhleor; an fiachas coiteann a bhfuil íocaíocht fhadtéarmach fiachais fós mar thoradh air sin; fadhbanna tromchúiseacha trédhearcachta, iniúchóireachta agus rialaithe an chláir a fhágann nach féidir na saoránaigh a chur ar an eolas faoi thairbhithe deiridh na ngníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas agus a chuireann brú ar na Ballstáit cistí STA a úsáid chun tionscadail a chumhdach atá an-chosúil leo siúd a mhaoinítear le cistí Comhtháthaithe ach a bhfuil acmhainneacht rialaithe i bhfad níos teoranta acu; á athdhearbhú gur cúis bhuartha di léirmhíniú an Choimisiún agus na mBallstát ar a bhfuil i gceist le 'faighteoir deiridh' mhaoiniú STA, nach bhfuil ar aon dul le comhaontú chaibidlíochtaí REPowerEU agus á áitiú arís nach féidir aireachtaí, údaráis phoiblí ná údaráis chonarthacha a liostú mar fhaighteoirí deiridh chistiú STA; á chur in iúl tuilleadh gur chúis bhuartha di cinneadh na Cúirte maidir le riosca an chistithe dhúbailte agus leis an riosca go maoineofaí caiteachas buiséadach leanúnach nach bhfuil i gcomhréir le bunús dlí STA;

12. á thabhairt dá haire go bhfágtar le socrú shásra NGEU nach mór tús a chur le haisíoc iasachtaí NGEU roimh dheireadh 2027 agus iad a chur i gcrích faoi 2058 ar a dhéanaí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur méadaíodh costais iasachta faoi NGEU go suntasach i gcomparáid leis na meastacháin bhunaidh mar gheall ar an méadú ar rátaí úis le blianta anuas; á athdhearbhú gur gá amlíne an treochláir atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach a urramú go hiomlán agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil dul chun cinn mear i leith acmhainní dílse nua bunriachtanach chun NGEU a aisíoc agus an CAI reatha agus na CAInna a bheidh ann amach anseo a choimirciú;

13. á chur i bhfáth go bhfuil géarghá leis an maorlathas a bhaint de bheartais uile an Aontais agus a gcistiú agus iad a chuíchóiriú agus a shimpliú, i gcomhréir le moltaí thuarascáil Draghi ([2]) chun na hualaí ar ghnólachtaí Eorpacha a mhaolú agus iomaíochas na hEorpa a mhéadú, agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais á háirithiú ag an am céanna; á chur i bhfios go láidir go mbeidh tionchar dearfach ag an simpliú ar rátaí earráide i gcur chun feidhme beartas toisc go dtarlaíonn go leor earráidí mar gheall ar rialacha róchasta a bhíonn ródheacair le leanúint, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), iarratasóirí nua, seach-chuideachtaí agus gnólachtaí nuathionscanta;

14. á athdhearbhú gur gá cothromaíocht a bhaint amach idir simpliú breise na rialacha agus na nósanna imeachta le húsáid i bhfad níos córasaí agus rialuithe agus seiceálacha *ex-post* leormhaithe níos fearr agus níos láidre ar na réimsí is minice ina dtarlaíonn caiteachas neamhrialta nach gcuirtear le castacht mhaorlathach iomarcach do thairbhithe, seisiúin oiliúna agus faisnéis phraiticiúil a fhorbairt d'iarratasóirí, d'iarratasóirí nua go háirithe, agus feabhas a chur ar an gcúnamh agus ar na treoirlínte do FBManna, do sheachghnólachtaí, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghníomhaireachtaí riaracháin agus íocaíochta agus do na geallsealbhóirí ábhartha eile go léir; á mheabhrú go bhfuil gá ar leith le córas rialaithe láidir faoi fhreagracht an Choimisiúin le haghaidh STA;

15. á chur i bhfáth go bhfuil gá le clár NDICI agus á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé tacaíocht a thabhairt do dhúshláin dhomhanda, agus cearta an duine, saoirsí agus an daonlathas a chur chun cinn; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé líne Chomharsanacht an Oirthir a threisiú chun tacú le hathchóirithe polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta sa réigiún seo a bhfuil dúshlán ann;

16. á chur i bhfios go láidir gur riachtanach do chreidiúnacht an Aontais go n-áiritheoidh an Coimisiún nach ndáilfear aon chistiú ón Aontas ar dhaoine aonair ná ar eagraíochtaí atá nasctha le haon chineál gluaiseachta sceimhlitheoireachta ná le haon ghluaiseacht eile a chuireann dearcthaí antoisceacha in iúl, lena spreagtar foréigean agus/nó fuath, atá go díreach in aghaidh luachanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear gluaiseachtaí Ioslamaíocha, gluaiseachtaí frith-Sheimíteacha, frith-Chríostaíoch agus gluaiseachtaí frith-Ioslamacha; sa chomhthéacs sin, á mheabhrú go bhfuil líomhaintí ann go raibh baint ag 19 as 13 000 fostaí de chuid UNRWA in Gaza leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta uafásacha a rinne Hamas ar Iosrael an 7 Deireadh Fómhair; á mheabhrú, i 9 gcás, gur foirceannadh a bhfostaíocht go foirmiúil ar mhaithe le UNRWA; ag cur sonrú i dtorthaí an imscrúdaithe a sheol Oifig na Náisiún Aontaithe um Sheirbhísí Formhaoirseachta Inmheánaí (OIOS); á chur i bhfios go láidir gur cheart don Choimisiún rialuithe níos fearr a bhunú freisin lena n-áiritheofar nach dtugtar an cistiú sin go hindíreach trí thríú páirtithe agus inrianaitheacht chistí an Aontais chuig tairbhithe deiridh a eagrú ar bhealach níos fearr;

([2]) The future of European competitiveness [Todhchaí iomaíochas na hEorpa], an 9 Meán Fómhair 2024.

17. ag athdhearbhú gur cúis mhór bhuartha di saothrú breise na gcistí ón Aontas ar bhealaí a thagann salach ar phrionsabail agus luachanna an Aontais, go háirithe i gcásanna nach féidir úsáid na gcistí agus aistrithe chuig eagraíochtaí eile a rianú go hiomlán ag tabhairt rabhadh go bhfuil an baol ann go mbeidh cistí ón Aontas in úsáid laistigh d'fháinní éillithe ar deireadh thiar agus faoi réir calaoise agus mírialtachtaí, cur isteach ón iasacht nó insíothlú polaitiúil; ag cur béim ar a thábhachtaí atá 'trédhearcacht na dtairbhithe deiridh' do chistí an Aontais;

18. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé sláine institiúideach a choinneáil agus trasnaíocht eachtrach a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc; ag cáineadh aon iarracht mhíchuí tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí reachtacha Pharlaimint na hEorpa; á áitiú go bhfuil freagracht ar OLAF na grinn-imscrúduithe uile is gá a dhéanamh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an obair a dhéanann Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) chun leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint; á áitiú go gcuirfí acmhainní airgeadais agus daonna leormhaithe ar fáil do OIPE; ag meabhrú an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlacht idirinstitiúideach um chaighdeáin eiticiúla do chomhaltaí na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus á áitiú go gcuirfear chun feidhme go pras é in institiúidí uile an Aontais;

19. á mheabhrú go bhfuil ról ríthábhacthach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), lena n-áirítear na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna), luachanna daonlathacha a sheasamh chun tacú le sochaí dhaonlathach fhuinniúil bheoga, rud lena n-áiritheofar bunús fónta le clúdach forleathan gach dearcaidh ábhartha i ndíospóireachtaí éagsúla agus á thabhairt chun suntais go bhféadfaidh ESSanna tacaíocht a fháil ó chistí an Aontais chun na feidhmeanna sin a fheidhmiú, dá bhforáiltear in Airteagal 11 den Chonradh ar an Aontas Eorpach;

20. ag tabhairt dá haire go raibh líomhaintí ann ó roinnt Comhaltaí den Choiste um Rialú Buiséadach gur áiríodh i gcomhaontuithe deontais, arna dtabhairt i gcrích ag an gCoimisiún, gníomhaíochtaí mionsonraithe brústocaireachta a d'fhéadfaí a léirmhíniú mar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh cur isteach ar chinnteoireacht inmheánach in Institiúidí an Aontais; ag tabhairt dá haire go ndearna an Coimisiún sraith beart chun aghaidh a thabhairt ar na líomhaintí trí threoir a ghlacadh maidir le cistiú do ghníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt, cur chun feidhme, faireachán agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartas an Aontais, ina luaitear cé nár sháraigh comhaontuithe deontais den sórt sin creat dlíthiúil an Aontais, go bhféadfadh riosca do chlú an Aontais a bheith i gceist leo; ag tabhairt dá haire go bhfuil séanadh i ngach comhaontú deontais ina luaitear 'nach léirítear tuairimí an Aontais ar bhealach ar bith le tuairimí an tairbhí agus nach féidir an t-údarás deonúcháin a chur freagrach astu'; ag tabhairt dá haire gur cuireadh séanadh den sórt sin leis an nglao ar thograí le haghaidh deontais oibríochta in 2024;

21. ag tabhairt dá haire go bhfuil scagadh á dhéanamh ar chomhaontuithe deontais i ngach punann chun a n-ailíniú leis an treoir nua a fhíorú agus, go dtí seo, nár chuir an Coimisiún torthaí iomlána an scagtha ná bearta eile a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh in iúl don Pharlaimint, más gá; á iarraidh ar an gCoimisiún an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas i gcónaí; á chur i bhfios go láidir go bhfuil trédhearcacht i gcruinnithe páirtithe leasmhara ríthábhachtach don sláine dhaonlathach agus gur cheart feidhm a bheith aici go cothrom maidir le gach eintiteas a bhíonn ag plé le hinstitiúidí an Aontais; á chur i bhfáth go neartaítear le doiciméadú soiléir agus le nochtadh na n-idirghníomhaíochtaí sin muinín an phobail agus cuntasacht dhaonlathach;

22. á mheabhrú go n-éilíonn cistiú an Aontais dianchaighdeáin chuntasachta agus trédhearcachta; i gcomhréir le moltaí CIE i dTuarascáil Speisialta 05/2024 ([3])* agus i dTuarascáil Speisialta 11/2025 a foilsíodh le déanaí ([4])**, ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis a nochtar sa Chóras Trédhearcachta Airgeadais a nuashonrú go minic, go mbeidh sí iontaofa, inchomparáide agus úsáideach; á chur i bhfáth gur gá acmhainní breise a leithdháileadh ar Rúnaíocht EUTR chun faireachán córasach agus críochnúil ar an gClár Trédhearcachta a chumasú; ba cheart go n-áireofaí leis sin acmhainní a leithdháileadh ar chur chun feidhme na hintleachta saorga chun sásra cuardaigh IS-bhunaithe a fhorbairt; á mheabhrú gur gá a sheiceáil go réamhghníomhach go n-urramaíonn na heintitis uile ar tairbhithe chistí an Aontais iad luachanna an Aontais;

23. á chur in iúl gur geal léi freagra an Choimisinéara Serafin ar an gceist i scríbhinn ([5]), lenar deimhníodh arís gur dheonaigh agus gur úsáid ENRanna cistiú an Aontais agus lánurraim á tabhairt do Chonarthaí an Aontais agus do Rialachán LIFE ([6]); ag cur sonrú, thairis sin, sa Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa le déanaí maidir le trédhearcacht chistiú ón Aontas a dheonaítear d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha ([7]), lena ndearbhaítear freisin go

([3]) Tuarascáil Speisialta 05/2024: Clár Trédhearcachta an Aontais Eorpaigh – Cuireann sé faisnéis úsáideach ach theoranta ar fáil maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta.
([4]) Tuarascáil Speisialta 11/2025 Trédhearcacht chistiú an Aontais a dheonaítear d'eagraíochtaí neamhrialtasacha – In ainneoin an dul chun cinn atá déanta, níl an forléargas iontaofa fós.
([5]) https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/P-10-2025-000595-ASW_EN.pdf.
([6]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R0783.
([7]) https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/P-10-2025-000595-ASW_EN.pdf.

bhfuil sé i gcomhréir le ceanglais trédhearcachta dlíthiúla an Aontais mar a leagtar síos i Rialachán Airgeadais an Aontais iad, cé go luaitear inti go bhfuil úsáid chistiú an Aontais le haghaidh abhcóideacht Eagraíochtaí Neamhrialtasacha dlíthiúil; ag an am céanna, léiríonn Tuarascáil Speisialta CIE 11/2025 gur cheart níos mó a dhéanamh chun feabhas a chur ar thrédhearcacht chistiú an Aontais a fhaigheann gach tairbhí; á iarraidh, i ndáil leis sin, ar an gCoimisiún moltaí CIE a chur chun feidhme maidir le féindearbhuithe i gCóras Trédhearcachta Airgeadais an Aontais a scagadh, chomh maith le faireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar an urraim a thugann na tairbhithe do bhunluachanna agus do bhunphrionsabail an Aontais;

24. á chur in iúl gur geal léi teacht i bhfeidhm athmhúnlú an Rialacháin Airgeadais; á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, na feabhsuithe a bhaineann le cistí an Aontais a rianú trí uirlisí digiteacha agus idir-inoibritheacht lena neartófar cosaint leasanna airgeadais an Aontais, síneadh spriocdhírithe an Chórais Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES) chuig bainistíocht chomhroinnte tar éis CAI 2027, an tagairt do Shásra Coinníollachta an smachta reachta agus coinníollacht a thabhairt isteach atá bunaithe ar luachanna an Aontais mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, chomh maith leis an deis chun FBManna agus iarratasóirí aonair a chuíchóiriú trí dheontais ar luach an-íseal a thabhairt isteach;

CAIBIDIL 1

***an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI)***

**Ráiteas dearbhaithe agus bainistiú buiséadach agus airgeadais Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**

*Beachtas na gcuntas*

25. á chur in iúl gur geall léi conclúid na Cúirte ina tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2023 ([8]), go bhfuil cuntais chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain sin beacht; á thabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt tuairim ghlan ar bheachtas na gcuntas gach bliain ó 2007;

26. á thabhairt dá haire gurbh ionann iomlán na ndliteanas ar an 31 Nollaig 2023 agus EUR 679,9 billiún, agus gurbh ionann iomlán na sócmhainní agus EUR 467,7 billiún; á thabhairt dá haire gurb ionann an difríocht EUR 212,2 billiún agus na glansócmhainní diúltacha, atá comhdhéanta d'fhiachas agus an chuid sin de na speansais a bhí tabhaithe cheana ag an Aontas suas go dtí an 31 Nollaig 2023 agus a chaithfear a chistiú le buiséid amach anseo;

27. ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2023, gurbh é an luach measta a bhí ar speansais incháilithe tabhaithe ach nach raibh éilithe fós a bhí dlite do thairbhithe ná EUR 155,2 billiún (2021: EUR 148,7 billiún), a bhfuil EUR 7,4 billiún de bainteach le caiteachas STA tabhaithe;

28. á chur in iúl gur geal léi conclúid na Cúirte go bhfuil na sócmhainní, na dliteanais, an t-ioncam agus na speansais, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le NextGenerationEU (NGEU), an meastachán a bhaineann le próiseas tarraingthe siar na Ríochta Aontaithe, agus tionchar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, léirithe go cothrom sna cuntais bhliantúla chomhdhlúite;

*Dlíthiúlacht agus rialtacht ioncam an Aontais*

29. ag cur sonrú i gconclúid na Cúirte go bhfuil ioncam an Aontais saor ó earráid ábhartha agus go raibh na córais bhainistíochta a scrúdaigh an Chúirt éifeachtach tríd is tríd;

*Dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas an Aontais*

30. á chur in iúl gur oth léi go mór an tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas bhuiséad an Aontais arna heisiúint ag an gCúirt don chúigiú bliain as a chéile; á mheas go bhfuil sé sin ag éirí níos achrannaí, ós rud é gur cosúil nach bhfuil an Coimisiún in ann, nó nach bhfuil sé toilteanach, an chúis a shainaithint agus aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna bunaidh; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil an Coimisiún ag glacadh le roinnt moltaí ón gCúirt Iniúchóirí; ag tabhairt dá haire, go háirithe, a thábhachtaí atá sé bainistíocht airgeadais an Choimisiúin agus na mBallstát a neartú, ar bainistíocht í a mheasann an Chúirt a bheith neamhiontaofa agus, dá bhrí sin, rud a chuirfeadh iontaofacht na Tuarascála Bliantúla Bainistíochta agus Feidhmíochta i mbaol; á iarraidh ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta soiléir a thíolacadh maidir leis an ráta earráide a laghdú laistigh de 4 mhí ina dhiaidh sin; á chur i bhfáth go ndéanfaidh an Pharlaimint grinnscrúdú cuí ar phlean gníomhaíochta den sórt sin;

([8]) IO C, C/2024/5882, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5882/oj.

31. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di meastachán na Cúirte gurb ionann an leibhéal earráide agus 5,6 % i gcaiteachas 2023; á thabhairt dá haire gur meath brostaithe é sin i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin (4,2 % in 2022 agus 3,0 % in 2021); á thabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, go leanann an Chúirt d'fhadhbanna móra a bhrath i gcaiteachas bunaithe ar aisíocaíochtaí, inarb ionann an leibhéal earráide measta agus 7,9 %; á thabhairt dá haire go meastar go bhfuil éifeacht na n-earráidí arna n-aimsiú ag an gCúirt ábhartha agus rábach; á iarraidh go ndéanfaí bainistiú airgeadais an Choimisiúin níos doichte, i gcomhréir leis na moltaí a rinne an Chúirt ina Tuarascálacha Bliantúla agus ina Tuarascálacha Speisialta, chun dul i ngleic go diongbháilte leis an ráta ard earráide sna blianta beaga amach romhainn; á chur i bhfios go láidir gur thug an Chúirt rabhadh go bhfuil brú níos mó á chur ar bhuiséad an Aontais leis an méadú atá ag teacht ar fhiachas na hEorpa;

32. ag tabhairt dá haire go ndéanann an Coimisiún ina Thuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht an caiteachas a chatagóiriú i gcatagóirí riosca níos airde, meánriosca agus riosca níos ísle, chun gníomhaíocht a dhíriú ar réimsí ardriosca; cé nach n-úsáideann an Chúirt ach dhá chatagóir riosca chun tuairim a thabhairt maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur léirigh obair na Cúirte na teorainneacha seo a leanas in obair *ex-post* an Choimisiúin, a dhéanann difear, nuair a thógtar le chéile iad, do stóinseacht mheasúnú riosca an Choimisiúin: ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh 'Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna' ar cheann de na réimsí ba mhó a raibh tionchar orthu, inar mheas an Chúirt go raibh ardriosca ag baint le formhór an chaiteachais, agus nach ndearna an Coimisiún ach mionlach a aicmiú ar an mbealach sin;

33. ag athdhearbhú na n-ábhar imní faoin mbarúil ón gCúirt gur dócha go ndéanfar gannmheastachán ar leibhéal an riosca i roinnt réimsí de bharr mheasúnú riosca an Choimisiúin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di freisin laigí athfhillteacha arna sainaithint ag an gCúirt i gcórais bhainistíochta agus rialaithe na mBallstát, nach bhfuil fós ag cosc ná ag brath neamhrialtachtaí i gCeannteideal 2, rud a chuireann teorainn leis an spleáchas is féidir a chur ar a gcuid oibre, agus go bhfuil rátaí earráide an Choimisiúin fós ag brath ar na córais náisiúnta sin, nach n-oibríonn go héifeachtach;

34. á thabhairt dá haire gurb é an príomhchúis leis an méadú sin ná an leibhéal earráide measta faoi Cheannteideal 2 de CAI, comhtháthú, athléimneacht agus luachanna, inar chinn an Chúirt gur sháraigh 9,3 % den chaiteachas rialacha agus rialacháin an Aontais; á mheabhrú gur thuairiscigh an Chúirt fadhbanna bunaidh agus go bhfuil siad ar eolas le roinnt bliana;

35. á chur i bhfios go láidir gur meastachán é an leibhéal earráide measta do chaiteachas an Aontais, arna gcur i láthair ag ráiteas dearbhaithe na Cúirte, ar an airgead nár cheart a bheith íoctha amach toisc nár úsáideadh é i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme; á mheas, cé nach táscaire calaoise ná éillithe é, gurb é atá i gceist leis an leibhéal earráide measta ná caiteachas a bhfuil gá le gníomhaíochtaí ceartaitheacha ina leith, agus a léiríonn úsáid diomailteach acmhainní dá bhrí sin; á chur in iúl gur oth léi, cé gur fadhb ann féin é, go dtabharfaidh sé sin tionchar diúltach do shaoránaigh freisin, agus go bhféadfadh sé amhras a chaitheamh fiú ar chumas an Choimisiúin leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtach;

36. á thabhairt dá haire agus é ina chúis bhuartha di nach amháin gurb é meastachán an Choimisiún féin ar an riosca tráth na híocaíochta ná 1,9 % le haghaidh 2023 agus go raibh sé ar an leibhéal sin ó 2020; á thabhairt dá haire go measann an Coimisiún gurb ionann a acmhainneacht chun caiteachas neamhrialta a cheartú agus a aisghabháil le linn chur chun feidhme na gclár gaolmhar agus 1,0 %, as a n-eascródh riosca 0,9 % tráth an dúnta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach amháin go bhfuil riosca tráth na híocaíochta don Choimisiún arís i mbliana faoi bhun leibhéal measta earráide 5,6 % ag an gCúirt ach go bhfuil sé faoi bhun raon na Cúirte freisin, atá idir 4,4 % agus 6,8 %; á thabhairt chun suntais go bhfuil an éagsúlacht idir ráta foriomlán earráide na Cúirte agus riosca tráth na híocaíochta don Choimisiún le feiceáil freisin i roinnt de na réimsí caiteachais sonracha, go háirithe i gceannteideal 2, níos mó fós ná mar a bhí roimhe seo; á chur in iúl gur geal léi meastachán na Cúirte ar an leibhéal earráide mar tháscaire tábhachtach do na rioscaí atá ann cheana;

37. ag cur sonrú i léargas ilbhliantúil riosca an Choimisiúin tráth an dúnta, ós rud e nach bhfuil ceartúcháin agus aisghabhálacha tar éis dheireadh na bliana léirithe i meastachán na Cúirte ar an leibhéal earráide; á chur in iúl gur oth léi, áfach, gur chruthaigh an Coimisiún mearbhall agus lena chur i láthair den riosca tráth na híocaíochta;

38. ag meabhrú na seasamh arna léiriú i rún um urscaoileadh 2022 agus na malartuithe dearcthaí sna héisteachtaí um urscaoileadh don bhliain airgeadais 2023 maidir leis na modheolaíochtaí agus meastacháin éagsúla idir an Chúirt agus an Coimisiún i ndáil le hearráidí arna ndéanamh i gcaiteachas an Aontais; ag tabhairt dá haire go háirithe go bhfuil ráta earráide na Cúirte bunaithe ar shampla staidrimh, de bhrí go ndéantar riosca tráth na híocaíochta don Choimisiún a thiomsú den chuid is mó ó na rátaí earráide arna dtuairisciú ag údaráis iniúchóireachta náisiúnta sna Ballstáit agus nach ndéantar é a ríomh ach amháin tar éis ceartúcháin agus aisíocaíochtaí; á mheabhrú go n-áirítear i ráta earráide na Cúirte na hearráidí nach raibh braite ag na Ballstáit ná ag an gCoimisiún, ina léirítear go bhfuil

gannmheastachán déanta ar rátaí earráide an Choimisiúin. á thabhairt dá haire agus é ina chúis bhuartha di go bhfuil bearna níos leithne fós ann idir meastacháin na Cúirte agus meastacháin an Choimisiúin; á thabhairt dá haire, ina theannta sin, go bhfuil an Coimisiún agus an Chúirt ag eagrú ceardlanna comhpháirteacha ar an bhfadhb sin; á thabhairt dá haire gur ailínigh an Chúirt a modheolaíocht maidir le soláthar sna gníomhaireachtaí díláraithe le modheolaíocht an Choimisiúin; ag athdhearbhú a tacaíocht do chur chuige agus modheolaíocht iniúchóireachta neamhspleáiche na Cúirte agus á iarraidh ar an gCoimisiún dul i gcomhar leis an gCúirt d'fhonn cuíchóiriú a mhéadú agus meastacháin níos inchomparáide ar an leibhéal earráide a sholáthar;

39. á mheabhrú go bhfuil ráiteas dearbhaithe de dhíth ar an údarás um urscaoileadh, arna sholáthar ag an gCúirt, maidir le beachtas na gcuntas agus dlíthiúlachta agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo ag deireadh na bliana le haghaidh a chinnidh maidir le hurscaoileadh don bhliain sin; á thabhairt dá haire go bhfuil cláir chaiteachais an Aontais ilbhliantúil agus go gcumhdaíonn a gcórais bainistíochta agus rialaithe blianta iomadúla, lena n-éascaítear ceartúcháin agus aisghabhálacha tar éis dheireadh na bliana;

40. á mheabhrú go bhfuil an Coimisiún freagrach as calaois a chosc agus a bhrath; á thabhairt dá haire go bhfuil an oibleagáid ar an gCúirt, i bhfeidhmiú a sainordaithe, gach cás neamhrialtachta a thuairisciú; á thabhairt dá haire go gcuireann an Chúirt amhras faoi chionta coiriúla a thagann faoina hinniúlachtaí ar aghaidh chuig OIPE agus amhras faoi chalaois, éilliú nó gníomhaíocht neamhdhleathach eile, a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais ar aghaidh chuig OLAF; á thabhairt dá haire gur thuairiscigh an Chúirt, in 2023, 20 cás calaoise amhrasta do OLAF, agus i gcomhthráth gur thuairiscigh sí 12 cinn de na cásanna sin do OIPE, rud a d'fhág ceithre imscrúdú OLAF agus naoi n-imscrúdú OIPE go dtí seo; ag moladh na Cúirte as cásanna neamhrialtachta a thuairisciú chuig OLAF agus OIPE, ós rud é go mbíonn leibhéal ard beachtais ag baint leis an bhfaisnéis a fhaightear de thoradh ar iniúchtaí go hiondúil; á mheabhrú, sa chreat sin, go bhfuil ról lárnach ag ailtireacht frithchalaoise an Aontais ina iomláine agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur dhiúltaigh roinnt Ballstát comhoibriú le ceann dá ghnéithe, OIPE;

*Bainistiú buiséadach agus airgeadais*

41. á thabhairt dá haire gur úsáideadh 98,9 % de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhí ar fáil in 2023 (EUR 184,4 billiún as EUR 186,5 billiún); á thabhairt dá haire go raibh na leithreasuithe a bhí ar fáil níos airde ná an teorann EUR 182,7 billiún de CAI mar gheall ar úsáid ionstraimí speisialta do theagmhais nua nó gan choinne; á thabhairt dá haire gur úsáideadh 90,0 % de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (EUR 162,0 billiún de EUR 165,2 billiún ar fáil);

42. á thabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, gur bhain iomlán na ngealltanas gan íoc, a mbíonn fiachais i gceist leo amach ansin mura saortar iad, méid níos airde ná riamh de EUR 543 bhilliún amach (2022: EUR 450 billiún); á thabhairt dá haire go dtuarann an Coimisiún laghdú ó 2025 go 2029 toisc gur cheart go mbeadh méideanna geallta le haghaidh NGEU agus na clárthréimhse 2021-2027 íoctha amach; á thabhairt dá haire áfach go bhfuil méideanna iarbhír le haghaidh 2023 (EUR 543 bhilliún) i bhfad níos airde ná an méid tuartha (EUR 490 billiún), agus dá bhrí sin go gcuirtear meastacháin an Choimisiúin in amhras;

43. á mheabhrú go bhfuil an tréimhse atá ann chun cistí bainistíochta comhroinnte a chur chun feidhme faoi CAI 2021-2027 níos giorra ná faoi CAInna roimhe mar gheall ar an n+2 don bhliain roimhe, agus mar gheall air sin chomh maith le RAL ard, go méadófar an riosca saortha; ag cur sonrú sa bharúil ón gCúirt gurb amhlaidh gur mhéadaigh an Coimisiún méid tuartha a shaortha ó EUR 7.6 billiún le haghaidh 2023-2027, chuig EUR 8,1 billiún le haghaidh 2024-2027 chuig EUR 8,8 billiún le haghaidh 2025-2027, arb ionann é sin agus méadú 15 % laistigh de 2 bhliain; á chur i bhfios go láidir, agus é ina ábhar imní di, go ndearna an Coimisiún gannmheastachán ar a réamh-mheastacháin do RAL le dhá bhliain anuas, agus gur dócha mar sin go ngannmheasann an Coimisiún méid an tsaortha a dhéanfar go dtí 2027; á thabhairt dá haire gur tugadh isteach an 'sásra cascáide' tar éis an athbhreithnithe mheántéarmaigh ar CAI 2021-2027 agus an dreasacht chun méideanna saortha a úsáid chun costais úis mhéadaithe do mhéideanna, arna bhfáil ag an gCoimisiún ar iasacht le haghaidh NGEU, a chumhdach;

44. ag tabhairt dá haire go ndéanfar foráil sa réamhaisnéis fhadtéarmach íocaíochta is déanaí a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le saoradh suntasach amhail ó 2027 mura rud é go ndéanfaidh na Ballstáit iarrachtaí breise agus go gcuirfidh siad chun feidhme iad ar luas i bhfad níos tapúla ná mar a rinne siad sa tréimhse 2014-2020; ag tabhairt dá haire, i gcás cistí faoin mbeartas comhtháthaithe a thagann faoi CC, CFRE agus CSE+, gur thuar an Coimisiún gur EUR 2,2 billiún a bheadh in iomlán an tsaortha ó ghealltanas le haghaidh 2024-2027, suim atá cúig huaire níos mó ná an EUR 0,4 billiún a bhí i réamhaisnéis 2022; ag tabhairt rabhaidh, i gcás an Chiste um Aistriú Cóir (CUAC), go gcuireann an cur chun feidhme íseal in 2023 méideanna tábhachtacha i mbaol ó 2025 ar aghaidh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leas a bhaint as na féidearthachtaí uile atá ar fáil chun saoradh a sheachaint;

45. á thabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, gur mhéadaigh fiachas an Aontais ó EUR 344,3 billiún in 2022 go EUR 458,5 billiún in 2023, a bhfuil 60 % de bainteach le NGEU; á thabhairt dá haire, maidir leis an bhfiachas arna eisiúint le haghaidh NGEU amháin, gur gá costais bhainteacha úis a íoc go díreach ó Bhuiséad an Aontais agus, mar gheall ar rátaí laghdaithe úis, gur meastar go mbeidh na costais sin do CAI reatha (go dtí deireadh 2027) idir EUR 17 mbilliún agus EUR 27 mbilliún níos airde ná an EUR 14,9 billiún a bhí tuartha ar dtús báire;

46. á thabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, gur méadaíodh neamhchosaint iomlán bhuiséad an Aontais chuig EUR 298,0 billiún mar gheall ar ráthaíochtaí agus dliteanais theagmhasacha; ag tabhairt dá haire gur cheart toimhdí maidir le hús sa mhargadh caipitil a dhéanamh go coimeádach, i gcás fiachais atá ann cheana agus i gcás fiachais nua araon agus go bhfuil gá le plean inmharthana don dá chatagóir chun é a aisíoc; ag thabhairt dá haire go bhfuair an Chúirt faisnéis ón gCoimisiún lena léirítear go méadóidh an neamhchosaint de réir a chéile sna blianta amach anseo, lena gcuirtear tuilleadh brú ar lamháil an bhuiséid agus lena laghdófaí solúbthacht bhuiséad an Aontais tuilleadh; ag tacú leis na moltaí ón gCúirt don Choimisiún gníomhú ar bhealach níos réamhghníomhaí chun a áirithiú go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach ag a uirlisí maolaithe (amhail an Ciste don Soláthar Coiteann) chomh maith le tuairisciú níos trédhearcaí a sholáthar maidir le neamhchosaint bhuiséadach bhliantúil iomlán, agus a mheastachán á chur ar fáil don phobal;

47. á thabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, gur chuir an Chúirt barúil in iúl i dTuarascáil Speisialta 07/2024 ([9]) uaithi go raibh cuid shuntasach de na horduithe aisghabhála arna n-eisiúint idir 2014 agus 2022 fós gan íoc tráth na hiniúchta orthu; á thabhairt dá haire tuilleadh gur luaigh an Coimisiún, ina fhreagraí ar cheisteanna scríofa Choiste na Parlaiminte um Rialú Buiséadach (CONT) le haghaidh urscaoileadh 2023 go bhfuil 1 357 ordú aisghabhála thar téarma ann i gcomhair méid iomlán gan íoc atá thart ar EUR 335 mhilliún don tréimhse 2014-2023; á iarraidh ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt do bhailiú airgid faoi orduithe aisghabhála atá thar téarma agus an Coiste um Rialú Buiséadach a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta;

48. á thabhairt chun suntais gur luach bunaidh de chuid an Aontais é an comhionannas agus go bhfuil sé cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; ag meabhrú thiomantas an Aontais do phríomhshruthú inscne ina cheapadh beartais agus i gcur chun feidhme chistí an Aontais, lena n-áirítear buiséadú inscne; ag spreagadh an Choimisiúin leanúint de na hiarrachtaí a rinneadh maidir le buiséadú inscne agus maidir le tionchar bhuiséad an Aontais a rianú chun comhionannas inscne a chothú; á mheabhrú go bhfuil sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún measúnú tionchair a chur leis na tograí reachtacha uile nuair a mheastar go mbeidh tionchar suntasach eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil acu chun dáileadh cothrom cistí a ráthú, i measc nithe eile;

49. ag tabhairt dá haire go bhfuil an t-athbhreithniú ar an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir leis an gClár Trédhearcachta le déanamh faoi mhí Iúil 2025; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh an próiseas chomh hoscailte agus is féidir, ceanglais tuairiscithe airgeadais a ailíniú ar fud gach catagóire cláraithe (lena n-áirítear foinsí cistiúcháin agus buiséid bhrústocaireachta), agus aghaidh á tabhairt freisin ar an riosca a sainaithníodh i dTuarascáil Speisialta na Cúirte maidir le Clár Trédhearcachta AE (SR 05/2024) maidir le féindearbhuithe ar chatagóir na hionadaíochta leasa; á chreidiúint, chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí na Cúirte, gur cheart acmhainní rúnaíocht an Chláir Trédhearcachta a mhéadú;

50. á mheabhrú na dtorthaí seo a leanas ó Thuarascáil Speisialta 11/2025 ón gCúirt Iniúchóirí: (i) nach mbíonn sainaithint agus clárú eintiteas mar ENRanna comhsheasmhach ná iontaofa i gcónaí; (ii) in ainneoin próiseas deonúcháin níos cuíchóirithe, go bhfuil saincheisteanna fós ann maidir le hiomláine agus cruinneas na sonraí; (iii) go gcuireann easpa forléargais iontaofa ar chaiteachas an Aontais maidir le hENRanna bac ar anailís úsáideach; (iv) go raibh na glaonna ar thograí i sampla na Cúirte trédhearcach; (v) nach bhfíoraítear urraim do luachanna an Aontais go réamhghníomhach; agus (vi) go bhfuil éagsúlacht mhór idir cleachtais trédhearcachta i sampla na Cúirte, agus go bhfeidhmíonn ENRanna níos mó ar bhealach níos fearr; á iarraidh ar an gCoimisiún na moltaí i dTuarascáil Speisialta na Cúirte a chur chun feidhme ina n-iomláine;

*Moltaí*

51. ag tacú go láidir le moltaí na Cúirte ina tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2023 (tuarascáil bhliantúil don bhliain airgeadais 2023) ([10]) agus i dtuarascálacha speisialta gaolmhara; á iarraidh ar an gCoimisiún iad a chur chun feidhme gan mhoill agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn an chur chun feidhme;

([9]) Tuarascáil Speisialta 07/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Na córais atá ag an gCoimisiún chun caiteachas neamhrialta AE a aisghabháil – Is féidir níos mó a aisghabháil agus é a dhéanamh níos tapúla.
([10]) IO C, C/2024/5882, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5882/oj.

52. á iarraidh ar an gCúirt bealaí a chuardach, in éineacht leis an gCoimisiún, chun a modheolaíochtaí a ailíniú don bhuiséad ginearálta, mar atá amhlaidh i gcás an tsoláthair do na gníomhaireachtaí díláraithe, agus na róil éagsúla á n-urramú;

53. á iarraidh ar an gCoimisiún, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) leanúint de theagmháil a dhéanamh leis an gCúirt chun tuiscint, cóineasú agus inchomparáideacht a mhéadú le haghaidh an dá chur chuige maidir leis na meastacháin éagsúla ar earráidí i gcaiteachas an Aontais;

(ii) tionchar na mbeart ceartaitheach ar an leibhéal foriomlán earráide a cháiliú;

(iii) bealaí a chuardach, in éineacht leis an gCúirt, chun a modheolaíochtaí a ailíniú, a mhéid a bhaineann le measúnú earráidí soláthair agus leis an meastachán ar an leibhéal earráide, don bhuiséad ginearálta, mar atá amhlaidh i gcás an tsoláthair do na gníomhaireachtaí díláraithe, agus na róil éagsúla á n-urramú;

(iv) straitéis a chur i láthair don údarás um urscaoileadh chun úsáid na gcistí a neartú dá gcuspóir beartaithe, ionsú a mhéadú agus saoradh a chosc chun luach breise Bhuiséad an Aontais a uasmhéadú don Aontas;

(v) beachtas thuar na ngealltanas gan íoc a mhéadú le meastachán níos réalaíche ar ionsú chistí an Aontais chun tuar níos fearr a thabhairt don údarás um urscaoileadh maidir le forbairt an RAL thar na blianta agus chun buiséad an Aontais a chosaint níos fearr;

(vi) tuairisciú a dhéanamh ar bhuiséad an Aontais a chosaint ar na rioscaí éagsúla a sainaithníodh lasmuigh de RAL, amhail saoradh sa bheartas comhtháthaithe, an fiachas atá ag dul i méid, neamhchosaint mhéadaithe ar an mbuiséad agus tionchar an bhoilscithe mhéadaithe, agus bearta leordhóthanacha a sholáthar chun an méid sin a chosaint;

(vii) tuairisciú níos trédhearcaí a sholáthar ar neamhchosaint iomlán an bhuiséid bhliantúil trí dhearcadh ilbhliantúil a chur i láthair, sa Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht maidir le nochtadh Bhuiséad an Aontais ar ráthaíochtaí buiséadacha;

(viii) rialacha agus nósanna imeachta a shimpliú go suntasach agus feabhas a chur ar an gcúnamh do FBManna, d'iarratasóirí nua, do sheachghnólachtaí, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghníomhaireachtaí riaracháin agus íocaíochta, do ESSanna agus do na geallsealbhóirí ábhartha eile go léir, agus treoirlínte comhsheasmhacha soláimhsithe a áirithiú dóibh, gan baint de cháilíocht na rialuithe;

(ix) a áirithiú go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach ag na huirlisí maolaithe atá i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar rioscaí neamhchosanta bhuiséad an Aontais;

(x) borradh a chur faoi iarrachtaí chun feabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le húsáid cistí, lena n-áirítear maidir le faisnéis faoi thairbhithe deiridh, lena n-áirítear maidir leis na cistí a leithdháiltear chun tograí beartais agus reachtacha a ullmhú;

(xi) na modhanna uile is gá a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gclárófar na hionadaithe sainleasa uile a théann i dteagmháil le hinstitiúidí an Aontais sa Chlár Trédhearcachta; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, sásra éifeachtach a chur ar bun chun a áirithiú go mbeidh eintitis arna gcistiú ag an Aontas sa Chlár Trédhearcachta ailínithe le luachanna an Aontais agus chun trédhearcacht iomlán a éileamh maidir lena maoiniú, lena dtabharfar léargas níos doimhne ar mhaoiniú na n-eintiteas uile a chláraítear agus ar cheart go mbeadh sé ina choinníoll chun dul i dteagmháil le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais;

(xii) in éineacht leis an bParlaimint agus leis an gComhairle, acmhainní leormhaithe a ráthú do rúnaíocht an Chláir Trédhearcachta chun a áirithiú go bhféadfar na hiontrálacha faoi ghníomhaíochtaí stocaireachta na n-ionadaithe sainleasa uile a sheiceáil ó thaobh an chruinnis de agus go n-éireoidh an bhrústocaireacht níos trédhearcaí mar a iarradh sa Chúirt i dTuarascáil Speisialta 05/2024 maidir le Clár Trédhearcachta an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún acmhainní leormhaithe a leithdháileadh chun neamhrialtachtaí a shainaithint chun raon leathan cumas cuardaigh a ráthú;

(xiii) a cheangal ar ionadaithe sainleasa sa Chlár Trédhearcachta a lucht tacaíochta airgeadais a liostú trína bhféindearbhú nach ndéanann siad ionadaíocht ach amháin ar a leasanna nó ar chomhleasanna a gcomhaltaí agus leasú ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 a mholadh chun ceangal a chur orthu a lucht tacaíochta airgeadais a liostú i gClár Trédhearcachta an Aontais, fiú má shonraíonn siad sa chlár sin nach bhfuil siad ach ag déanamh ionadaíocht ar leasanna a gcomhaltaí féin; ag tathant ar eintitis atá cláraithe cheana agus nach bhfuil a n-acmhainní airgeadais liostaithe acu trí fhéindearbhú iad a dhearbhú go deonach sula leasófar an comhaontú idirinstitiúideach;

(xiv) leanúint de thacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chainníocht na seiceálacha agus dea-chleachtais a roinnt sa chomhrac i gcoinne na calaoise agus an éillithe;

(xv) aghaidh a thabhairt ar an staid maidir le horduithe aisghabhála déanacha agus gach beart is gá a dhéanamh chun formhór an mhéid gan íoc don tréimhse 2014-2023 a aisghabháil, lena n-áirítear sásraí géaraithe corparáideacha a chur chun feidhme, agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta maidir leis na suimeanna a aisghabháil;

(xvi) acmhainneacht Ailtireacht Frith-Chalaoise an Aontais a threisiú, lena n-áirítear acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a sholáthar, agus an comhar eatarthu a éascú;

**Ioncam**

54. á chur in iúl gur geal léi, le haghaidh 2023, go bhfuil an Chúirt in ann tuairim ghlan a eisiúint maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim; á chur i bhfáth ag an am céanna go bhfuil na fadhbanna le mainneachtain dleachtanna custaim a dhearbhú nó iad a bheith dearbhaithe go mícheart (bearna custaim), a bhíonn ina gcúis le heasnamh dleachtanna custaim bailithe, ina bhfadhb leanúnach le haghaidh roinnt blianta agus go bhféadfadh baint a bheith acu le cailleadh acmhainní dílse traidisiúnta don Aontas agus do na Ballstáit;

55. á thabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór bhuartha di, go bhfuil imscrúdú déanta ag an gCúirt ar chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Custaim an Choimisiúin, a bhfuil d'acmhainn aige a bheith ina chúis le laghdú suntasach ar an mbearna chustaim, agus a shainaithin arís go bhfuil dul chun cinn neamhleor ann i gcur chun feidhme roinnt gníomhaíochtaí ón bplean; á thabhairt dá haire gur mhol an Coimisiún, mar chuid den phlean seo, athchóiriú custaim i mí Bealtaine 2023 ([11]), lena n-áirítear bunú Údarás Custaim an Aontais agus Mol Sonraí Custaim an Aontais;

56. á mheabhrú gur leag an Chúirt béim ar na rioscaí do leasanna airgeadais AE ó rialuithe custaim neamhleora nó neamhéifeachtacha ar earraí allmhairithe; ag moladh na n-iarrachtaí atá déanta ag OLAF maidir leis an gcomhrac i gcoinne na Calaoise a bhaineann le dleachtanna custaim agus CBL; á chur i bhfios go láidir go bhfuil méadú tagtha ar na rioscaí don ríomhthráchtáil agus d'ardáin ar líne mar gheall ar bhagairtí slándála agus sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith ann agus an riosca nach gcomhlíonfar rialacha cánachais agus custaim AE, caighdeáin táirgí, cearta maoine intleachtúla, toirmisc agus srianta;

57. á thabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, gur chuir an Chúirt in iúl nár mhuirearaigh an Coimisiún íocaíochtaí úis mhall le haghaidh 6 chás a bhaineann le ceartúcháin ar shonraí OIN ag na Ballstáit i gcás ina bhfuil amhras curtha in iúl ag an gCoimisiún; ag aontú leis an gCúirt gur cheart don Choimisiún, mar phrionsabal, íocaíochtaí úis mhall a mhuirearú sna cásanna sin chun dreasacht a chruthú do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na forchoimeádais laistigh de na spriocdhátaí;

58. á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gurbh ionann an acmhainn dhílis nua bunaithe ar dhramhaíl pacáistithe phlaistigh neamh-athchúrsáilte arna ghiniúint ag na Ballstáit in 2023 agus EUR 7,2 billiún, arbh ionann é sin agus 4,0 % d'ioncam iomlán an Aontais; á thabhairt dá haire tuilleadh gur shainaithin an Chúirt ([12]) roinnt fadhbanna a bhaineann le hiontaofacht agus inchomparáideacht na sonraí; á chur i bhfáth go soláthraítear leis sampla iontach d'acmhainn dhílis nua, toisc go gcruthaítear leis dreasachtaí dearfacha do na Ballstáit chun líon an phacáistithe phlaistigh neamh-athchúrsáilte a laghdú agus ag an am céanna sruth ioncaim nua a ghiniúint don Aontas;

59. á chur i bhfáth gur roghanna soiléire iad na tograí ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse nua ó 2021 atá déanta de thrí ghné, an chéad cheann acu bunaithe ar ioncam ó thrádáil astaíochtaí (CTA), a dtarraingíonn an dara ceann acu ar na hacmhainní arna nginiúint ag sásra an Aontais um choigeartú carbóin ar theorainneacha, agus an tríú ceann acu bunaithe ar sciar na mbrabús iarmharach ó fhiontair idirnáisiúnta a ath-leithdháilfear ar Bhallstáit faoi chomhaontú OECD/G20 maidir le hath-leithdháileadh ceart cánachais ('Colún a hAon'), le haghaidh na n-acmhainní dílse sin; á chur in iúl ag an am céanna go bhféadfaí foinsí eile a mheas má chruthaítear go bhfuil siad níos éasca do na Ballstáit a fhormheas; á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh eile a bhféadfadh acmhainní dílse nua do bhuiséad an Aontais a bheith mar thoradh orthu;

60. á iarraidh ar an gCoimisiún, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) díriú agus brú a mhéadú ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Custaim agus go háirithe ar an togra le haghaidh athchóiriú suntasach custaim ó Bhealtaine 2023, lena n-áirítear bunú Údarás Custaim an Aontais agus Mol Sonraí Custaim an Aontais; a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha chun feidhme i gcás neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe; imeachtaí um shárú a thionscnamh sna cásanna sin ina bhfuil fianaise leordhóthanach ann go bhfuil córas pionóis atá go follasach neamhleor á chur chun feidhme ag na Ballstáit i leith sáruithe ar an Treoir maidir le Comhar Riaracháin 6 ([13]) (DAC 6);

([11]) COM(2023)0258.

([12]) Tuarascáil Speisialta 16/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Ioncam an Aontais bunaithe ar dhramhaíl pacáistithe phlaistigh neamh-athchursáilte – Tús dúshlánach ar cuireadh bac air le sonraí nach bhfuil inchomparáide nó iontaofa go leordhóthanach.

([13]) Treoir (AE) 2018/822 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE a mhéid a bhaineann leis an uathmhalartú sainordaitheach faisnéise i réimse an chánachais i ndáil le socruithe intuairiscithe trasteorann (IO L 139, 5.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/822/oj).

(ii) áitiú a thábhachtaí atá sé an comhar custaim idirnáisiúnta le comhpháirtithe trádála a threisiú agus a éagsúlú agus á chur i bhfáth gur gá an comhrac i gcoinne na calaoise trasteorann cánach agus custaim a neartú i gcomhthéacs leathnú na ríomhthráchtála;

(iii) dreasachtaí a chruthú do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar amhras a bhaineann le ceartúcháin ar shonraí OIN ag na Ballstáit laistigh de na sprioc-amanna trí íocaíochtaí úis mhall a ghearradh;

(iv) leanúint den obair i dtreo acmhainní dílse nua breise a thabhairt isteach;

**An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach**

61. á thabhairt dá haire gur EUR 25,3 billiún (13,2 % de bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi Cheannteideal 1 de CAI ‘An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach’ a dáileadh mar seo a leanas: EUR 15,3 billiún (60,5 %) le haghaidh Taighde, EUR 4,1 billiún (16,1 %) don Iompar, Fuinneamh agus Digiteach, EUR 2,3 billiún (9,1 %) don Chlár InvestEU, EUR 2,2 billiún (8,7 %) don Spás, agus EUR 1,4 billiún (5,6 %) do réimsí eile;

62. ag tabhairt dá haire go bhfuil scrúdú déanta ag an gCúirt ar 127 n-idirbheart lena gcumhdaítear an raon iomlán caiteachais faoin gceannteideal CAI seo, go háirithe an clár Fís 2020 (90 idirbheart), Fís Eorpach (7 n-idirbheart), an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), cláir spáis agus ionstraimí airgeadais, agus freisin go bhfuil athbhreithniú déanta aici ar chóras rialaithe *ex ante* na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) le haghaidh deontais SCE in earnálacha an iompair agus an fhuinnimh agus ar an bhfaisnéis rialtachta a thugtar sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ó Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta agus ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú (HADEA);

63. á thabhairt dá haire go measann an Chúirt go raibh an leibhéal earráide sa chaiteachas ar ‘An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach’ in 2023 ábhartha ag 3,3 %; ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte gurb é an caiteachas ar thaighde agus nuálaíocht is mó a ndéanann earráid difear dó, go háirithe i réimse na gcostas pearsanra; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go measann an Coimisiún gurb ionann an riosca tráth na híocaíochta agus 1,4 % don cheannteideal sin, atá sa leath íochtarach de raon mheastachán na Cúirte; á chur in iúl gur cúis bhuartha di conclúid na Cúirte go bhfuil riosca tráth na híocaíochta ag an gCoimisiún don cheannteideal sin fós ina ghannmheastachán, mar gheall ar laigí a shainaithin an Chúirt in iniúchtaí *ex-post* an Choimisiúin sa réimse sin ó bhí an bhliain airgeadais 2019 ann ([14]);

64. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh earráidí i 39 (31 %) de na 127 n-idirbheart a scrúdaigh an Chúirt; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di, i 7 gcás earráidí inchainníochtaithe arna ndéanamh ag tairbhithe, go raibh faisnéis leordhóthanach ag an gCoimisiún (nó ag na hiniúchóirí arna bhfostú ar chonradh ag na tairbhithe) chun an earráid a chosc, nó chun an earráid a bhrath agus a cheartú sular ghlac siad leis an gcaiteachas agus dá bhrí sin, dá mba rud é gur bhain an Coimisiún úsáid chuí as an bhfaisnéis uile a bhí ar fáil dó, go mbeadh an leibhéal measta earráide don chaibidil seo 1,4 pointe céatadáin níos ísle; á thabhairt chun suntais go léiríonn sé sin laigí i rialuithe an Choimisiúin;

*Taighde agus Nuálaíocht*

65. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá cláir chistiúcháin taighde agus nuálaíochta (T&N) an Aontais d’fhorbairt eolaíoch, shochaíoch, eacnamaíoch agus theicneolaíoch an Aontais, agus chun neamhionannais a laghdú, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach agus spleáchas fuinnimh an Aontais ar an Rúis a laghdú; á mheabhrú gurb é Fís Eorpach an clár taighde agus nuálaíochta is suntasaí san Eoraip, a bhfuil buiséad iomlán EUR 95,5 billiún aige le haghaidh 2021-2027, lena n-áirítear EUR 5,4 billiún ó ionstraim NGEU; á thabhairt dá haire go bhfuil thart ar EUR 48 mbilliún in infheistíochtaí leithdháilte ag STA ar T&N; cuireann sí i dtreis go bhfuil gá le cistiú breise do T&N chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú agus an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, agus moltaí ábhartha thuarascáil Draghi á gcur san áireamh; á thabhairt chun suntais, go háirithe, gur gá an caiteachas ar thaighde agus nuálaíocht a bhaineann leis an gcosaint a mhéadú mar gheall ar na dálaí geopholaitiúla atá ann faoi láthair, a d’fhéadfadh a bheith ina chomhpháirt thábhachtach de straitéis an bheartais nuálaíochta;

66. á thabhairt dá haire gur chistigh a réamhtheachtaí, Fís 2020, a raibh buiséad EUR 75,6 billiún aige, níos mó ná 35 000 tionscadal idir 2014 agus 2020 agus gur mealladh os cionn milliún iarratas aonair ó 177 dtír lena glaonna; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur leag an Coimisinéir Ivanova béim ina héisteacht d’urscaoileadh 2023, ar bhreisluach an Aontais a bhaineann le T&F an Aontais, inar míníodh gur measadh sa mheastóireacht deiridh ar Fhís 2020, i gcás gach euro de chostais a bhaineann leis an gclár, go nginfí tairbhí ar fiú cúig euro iad don tsochaí faoi 2040; á chur in iúl gur oth léi go mór nach bhféadfaí 74 % de na tograí a mheas saineolaithe neamhspleácha mar

([14]) Tuarascáil Bhliantúil 2023 CIE mír 1.35.

thograí ardcháilíochta a chistiú mar gheall ar shrianta buiséid; ag tabhairt dá haire go mbeadh gá le EUR 159 mbilliún breise chun na tograí ardcháilíochta uile a chistiú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cistiú leordhóthanach a áirithiú do thaighde agus nuálaíocht an Aontais, go háirithe chun iomaíochas agus rathúnas an Aontais a mhéadú, i gcomhréir le clár oibre straitéiseach an Aontais do 2024-2029;

67. á thabhairt dá haire gur glacadh bunúis dlí Fís Eorpach go déanach in 2021 agus á chur in iúl gur geal léi gur éirigh leis an gCoimisiún beagnach 100 % de chur chun feidhme an bhuiséid a bhaint amach in 2023; á thabhairt dá haire gurbh é 10 674 líon na gcomhaontuithe deontais a síníodh faoi dheireadh 2023 agus gur síníodh dhá chreat-chomhaontú eile;

68. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur aimsigh an Chúirt earráidí a bhain le costais neamh-incháilithe i 30 de na 97 n-idirbheart taighde agus nuálaíochta ina sampla, agus gurb ionann na hearráidí sin agus 71 % de leibhéal measta earráide na Cúirte don cheannteideal sin in 2023; á athdhearbhú gur cúis bhuartha di gur mórfhoinse earráidí fós é ríomh na gcostas pearsanra tar éis 9 mbliana de chur chun feidhme an chláir Fís 2020, ós rud é go ndéanann cur i bhfeidhm mícheart na modheolaíochta chun costais phearsanra a ríomh difear do 22 de na 30 idirbheart taighde a bhfuil earráidí inchainníochtaithe acu i sampla na Cúirte (thart ar 73 %); ag aithint iarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin agus na Cúirte araon chun an cás sin a leigheas; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur ghlac an Coimisiún leis na moltaí ón gCúirt chun feabhas a chur ar chomhlíonadh na dtairbhithe leis na rialacha maidir le ráta laethúil agus chun soiléireacht a áirithiú maidir le rialacha ráta laethúil i ndoiciméid Fís Eorpach;

69. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé na rialacha agus na nósanna imeachta lena rialaítear maoiniú T&F an Aontais a shimpliú; á thabhairt dá haire gur lean an Coimisiún in 2023 de roghanna costais simplithe a chur i bhfeidhm amhail cnapshuimeanna agus costais aonaid in Fís Eorpach; á thabhairt dá haire thairis sin gur thug Ard-Stiúrthóir an Taighde agus na Nuálaíochta barúlacha sa mhalartú tuairimí leis an gCoiste CONT go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún eisíocaíocht chistí Fís Eorpach a mhéadú trí chnapshuimeanna go 50 % in 2027; á chur in iúl gur geal léi go ndéanfaidh an Coimisiún, agus moltaí na Cúirte arna n-eisiúint ina thuarascálacha bliantúla do 2022 á gcur san áireamh aige, na ceanglais lena sainítear cur chun feidhme cuí deontas cnapshuime a shonrú tuilleadh, lena n-áirítear na gnéithe de gach pacáiste oibre lena spreagtar íocaíocht, agus go gcuirfidh sé treoir mhionsonraithe ar fáil freisin dóibh siúd a bhfuil baint acu le measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme tionscadal; á thabhairt dá haire thairis sin, mar a thuairiscítear sa mheasúnú ón gCoimisiún ar Chistiú Cnapshuime i bhFís 2020 agus i bhFís Eorpach 2018-2024, go mba gheall le tairbhithe níos mó soiléireachta maidir leis an gcaoi a ndéanfaí iniúchadh ar dheontais chnapshuime; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfuil an straitéis iniúchóireachta *ex-post* do Fís Eorpach forbartha go fóill;

70. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag an earnáil phríobháideach maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbearna nuálaíochta san Aontas agus maidir le hiomaíochas agus rathúnas an Aontais a fheabhsú; á chreidiúint, go háirithe, go bhfuil sé ríthábhachtach rannpháirtíocht FBManna i gcláir chistiúcháin T&N an Aontais a chur chun cinn agus a éascú a mhéid is féidir; ag tabhairt dá haire conclúid na Cúirte gur mó an seans go ndéanfaidh FBManna agus nuatheachtaithe earráidí ná tairbhithe eile ós rud é nach bhfuil an taithí ná na hacmhainní acu chun na cistí a riar; á chur in iúl gur sásaimh di na hiarrachtaí a rinne an Coimisiún chun tacú go sonrach le FBManna, mar shampla trí fheachtais faisnéise, trí theagmhálaithe le córas na bPointí Teagmhála Náisiúnta agus le deasc chabhrach thiomnaithe na Seirbhíse Fiosrúcháin Taighde; á mheas gurb é simpliú na rialacha agus na nósanna imeachta an príomhspreagadh do rannpháirtíocht mhéadaithe FBManna;

*Fuinneamh, Iompar agus Inneachar Digiteach*

71. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá infheistíochtaí an Aontais i bhforbairt gréasán tras-Eorpach ardfheidhmíochta, inbhuanaithe agus idirnasctha go héifeachtúil i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na seirbhísí digiteacha agus á thabhairt dá haire gur príomhionstraim de chuid an Aontais í an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), a mbeidh caiteachas EUR 4,1 billiún aici in 2023, chun na cuspóirí sin a bhaint amach;

72. ag tarraingt aird ar an ngá atá leis na nósanna imeachta iarratais faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE-T) a shimpliú chun go mbeidh eintitis bheaga agus tionscnaimh áitiúla níos rannpháirtí i bhforbairt bhonneagar iompair na hEorpa; á chur in iúl gur oth leis nach gcumhdaítear le buiséad SCE-T na riachtanais uile le haghaidh infheistíochtaí iompair inbhuanaithe agus gur leithdháileadh an chuid is mó de bhuiséad SCE-T cheana féin, rud a fhágann bearna chistiúcháin go dtí 2027;

73. á mheabhrú gur lean cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus na smachtbhannaí a forchuireadh ar an Rúis mar thoradh air sin de dhrochthionchar a imirt ar earnáil iompair an Aontais in 2023, as a n-eascraíonn ganntanais tráchta, scrogaill sa slabhra soláthair, agus an gá le bealaí traidisiúnta a sheachaint, agus ar an gcaoi sin síneadh a chur le hamanna turais agus costais atá ag dul i méid; á chur i bhfios go raibh tionchar ar leith ag caillteanais eacnamaíocha agus stad na soghluaisteachta trasteorann mar thoradh ar ionsaí na Rúise ar réigiúin teorann an Oirthir, go háirithe sna stáit Bhaltacha, san Fhionlainn, sa Pholainn agus sa Rómáin; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta spriocdhírithe a thabhairt isteach, lena n-áirítear sa chéad CAI eile, chun téarnamh na réigiún atá buailte a éascú;

74. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an gcistiú arna leithdháileadh ar na tionscadail bhonneagair trasteorann agus ilnáisiúnta, a bhfuil dúshláin shuntasacha cur chun feidhme, deacrachtaí airgeadais, nó moilleanna rompu, amhail Rail Baltica; á chur i bhfios gur cheart don athbhreithniú sin aghaidh a thabhairt ar neamhéifeachtúlachtaí i bpleanáil agus i mbainistiú chomh maith le costais tógála atá ag dul i méid agus atá ina mbagairt ar amlínte agus ar chuspóirí tionscadail; á athdhearbhú go gcuireann trédhearcacht níos fearr i mbainistiú cistí poiblí le muinín na saoránach as institiúidí an Aontais;

75. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur aimsigh an Chúirt dhá earráid i dtionscadail SCE ina sampla in 2023, agus go mbaineann ceann amháin díobh sin le sárú tromchúiseach ar rialacha soláthair phoiblí an Aontais, agus gur dámhadh an conradh ar chuibhreannas nár chomhlíon na critéir roghnúcháin agus gur rannchuidigh an earráid sin 28 % leis an ráta earráide measta do Cheannteideal 1;

76. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di torthaí na Cúirte maidir le córas rialaithe *ex ante* na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) le haghaidh deontais SCE in earnálacha an iompair agus an fhuinnimh, go háirithe conclúid na Cúirte, cé go bhfuil na straitéisí do SCE1 (2014-2020) agus SCE2 (2021-2027) araon bunaithe ar anailís fhónta ar rioscaí agus ar neamhrialtachtaí roimhe seo, nach raibh na treoirlínte le haghaidh seiceálacha *ex ante* ar sholáthar mionsonraithe go leor; ag tacú go hiomlán leis an moladh ón gCúirt gur cheart don Choimisiún na treoirlínte sin a fhorbairt tuilleadh;

*Moltaí*

77. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) soláthar acmhainní leordhóthanacha a áirithiú chun tacú le tograí tionscadail taighde agus nuálaíochta ar ardchaighdeán a bhfuil breisluach acu don Aontas sa ghearrthéarma trí dhréachtbhuiséad 2026 agus sa mheántéarma tríd an togra ón gCoimisiún don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile;

(ii) leanúint de rialacha agus nósanna imeachta a shimpliú i gcomhréir leis an rialachán nua airgeadais, chun tacú le seisiúin oiliúna agus le faisnéis sholáimhsithe, chomhsheasmhach agus phraiticiúil d'iarratasóirí sna Ballstáit, go háirithe do FBManna, d'iarratasóirí nua, do sheachghnólachtaí, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ESSanna nó do ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta agus chun iarratais ó thairbhithe sna Ballstáit a bhfuil rannpháirtíocht níos teoranta acu, agus ó eintitis bheaga chomh maith, a spreagadh;

(iii) leanúint de rialacha agus nósanna imeachta simplithe, bearta digitithe agus roghanna costas simplithe a chur i bhfeidhm agus aghaidh á tabhairt, go háirithe, ar an riosca neamhrialtachtaí agus calaoise agus ar chostais rialuithe, agus bailchríoch a chur ar an straitéis iniúchóireachta *ex-post* le haghaidh Fís Eorpach a luaithe is féidir;

(iv) sonrú breise a dhéanamh ar na ceanglais chun cur chun feidhme cuí na ndeontas cnapshuime a shainiú, agus moltaí ábhartha na Cúirte óna Tuarascáil Bhliantúil 2022 á gcur san áireamh, agus cur chun feidhme iarbhír na dtionscadal a úsáideann cnapshuimeanna a fhíorú;

(v) anailís chríochnúil a dhéanamh ar earráidí soláthair a aimsítear agus forbairt bhreise dhéanamh ar na treoirlínte lena ndéantar cur síos ar mhéid na seiceálacha atá le déanamh ar rialuithe *ex ante* ar sholáthar do thionscadail SCE, mar a mhol an Chúirt;

**Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna**

78. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá beartas comhtháthaithe an Aontais do chóineasú agus forbairt eacnamaíoch agus chríochach i réigiúin an Aontais, chomh maith le tacú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; á thabhairt dá haire gur EUR 73,3 billiún (38,4 % de bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi cheannteideal 2 de CAI 'Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna' a dáileadh mar seo a leanas: 47,8 % do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus oibríochtaí réigiúnacha eile, 18,9 % do Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), 9,8 % don Chiste Comhtháthaithe (CC), 3,8 % do Erasmus+, 2,1 % do SCE Iompar, agus 3,8 % do réimsí eile;

79. á thabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla de 238 idirbheart lena gcumhdaítear raon iomlán an chaiteachais faoi Cheannteideal 2 de CAI; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur mhéadaigh leibhéal foriomlán measta earráide na Cúirte sa chaiteachas faoin gceannteideal sin in 2023 go 9,3 %, atá go mór os cionn na tairsí ábharthachta; ag tarraingt aird ar an méadú suntasach ar an leibhéal foriomlán earráide a mheas an Chúirt in 2023 i gcomparáid leis na blianta roimhe sin (6,4 % in 2022, 3,6 % in 2021);

80. á chur in iúl gur cúis bhuartha di barúil na Cúirte gur chuir na hacmhainní suntasacha breise a cuireadh ar fáil faoin gCúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU), deireadh na tréimhse incháilitheachta do chláir 2014-2020 (31 Nollaig 2023), agus cur chun feidhme comhthreomhar chlár NGEU, brú breise ar lucht riaracháin na mBallstát, lenar méadaíodh an baol earráidí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go háirithe an cleachtas maidir le comhchistiú na mBallstát a laghdú, mar is amhlaidh faoi REACT-EU, faoin Tionscnamh Infheistíochta don Choróinvíreas (CRII) agus faoi CRII+, lenar laghdaíodh úinéireacht agus dreasachtaí gaolmhara chun maoirseacht chuí a dhéanamh ar chaiteachas; á thabhairt dá haire ó na freagraí ón gCoimisiún go n-aithnítear go bhféadfadh sé go ndearna roinnt údarás rialuithe agus fíoruithe nach raibh chomh héifeachtach céanna mar gheall ar an ró-ualach trom agus an brú méadaitheach a bhaineann le cur chun feidhme comhthreomhar chláir 2014-2020 agus le cistiú breise faoi NGEU;

81. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt anailís ar idirbhearta le cistiú breise trí REACT-EU agus solúbthacht trí CRII + agus trí Ghníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe (CARE) agus a rannchuidiú leis na leibhéil mheasta earráide; ag tabhairt dá haire go háirithe gurb ann don chonclúid gur rannchuidigh earráidí arna n-aimsiú i dtosaíochtaí atá 100 % cistithe ag an Aontas 5,0 % leis an leibhéal earráide measta iomlán de 9,3 %; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur chuir méadú na solúbthachta, gan ceanglais a laghdú ná seiceálacha agus rialuithe coisctheacha a mhéadú ag an am céanna, leis an ráta ard earráide;

82. ag tabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt Athbhreithniú 03/2024 'Forléargas ar an gcreat dearbhaithe agus na príomhthosca a chuireann le hearráidí i gcaiteachas comhtháthaithe 2014-2020' lena dtugtar forléargas ilbhliantúil lena gcumhdaítear 6 bliana de thorthaí iniúchóireachta, lena n-áirítear measúnú ar shaincheisteanna bainistíochta agus rialaithe, arb é is aidhm leis an tsamhail dearbhaithe a neartú; á chur in iúl gur cúis bhuartha di conclúid na Cúirte, cé gur chuidigh an creat dearbhaithe don bheartas comhtháthaithe leis an leibhéal earráide a laghdú, nach raibh sé éifeachtach maidir leis an leibhéal foriomlán earráide a thabhairt faoi bhun na tairsí ábharthachta 2 %; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach féidir leis an gCoimisiún brath ach go pointe teoranta ar obair na n-údarás náisiúnta iniúchóireachta, mar gheall ar na laigí córasacha; ag tacú leis an moladh ón gCúirt don Choimisiún cur chun feidhme an chreata dearbhaithe do chaiteachas comhtháthaithe 2021-2027 a neartú; á mheabhrú don Choimisiún gur iarr an t-údarás um urscaoileadh oibriú go dlúth leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar an gcóras bainistithe agus rialaithe do chaiteachas an Aontais chun an ráta ard earráide a laghdú go dtí faoi bhun na tairsí ábharthachta 2 %;

83. ag tabhairt dá haire go bhfuil barúil tugtha ag an gCúirt ina hathbhreithniú ar iontaofacht obair na bpríomhghníomhaithe sa chóras rialaithe don bheartas comhtháthaithe; á chur in iúl gur cúis bhuartha di cinneadh na Cúirte nach bhfuil na húdaráis bhainistíochta, le linn tréimhse 6 bliana, arb é an chéad líne chosanta iad chun earráidí a bhrath agus a chosc, éifeachtach go leor chun an t-ardriosca bunúsach earráide sa bheartas comhtháthaithe a mhaolú; á mheas gur cúis níos mó imní fós é gur chinn an Chúirt nach bhfuil an dara líne chosanta, údaráis iniúchóireachta na mBallstát, in ann an ráta earráide ceart a chinneadh do na pacáistí caiteachais a ndéanann siad iniúchadh orthu agus a dtugann siad dearbhú ina leith, ós rud é gur bhraith an Chúirt earráidí breise i 39 % ar a laghad de na pacáistí sin; á thabhairt dá haire go bhfuil na hearráidí sin braite agus tuairiscithe ag an gCúirt gach bliain le breis agus 6 bliana anuas agus, dá bhrí sin, gur saincheist shistéamach atá ann;

84. ag tabhairt dá haire gur aicmigh an Chúirt earráidí a fuarthas sa chaiteachas comhtháthaithe, agus gurbh ionann tionscadail neamh-incháilithe agus 29 %, costais neamh-incháilithe agus 26 % agus neamhchomhlíonadh tromchúiseach i nósanna imeachta soláthair phoiblí agus 21 % d'earráidí agus gurbh ionann an caiteachas a bhaineann le CFRE agus CC freagrach as an sciar is mó d'earráidí (80 %); ag tabhairt dá haire gur lú go comhréireach an difear a dhéanann earráidí do chaiteachas faoi CSE+, TFAO (an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg) agus FEAD (an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí), ós rud é gurb ionann iad le chéile agus 16 % d'earráidí, agus gurb ionann iad le chéile agus thart ar 20 % den bhuiséad faoin gceannteideal sin;

85. ag tabhairt dá haire gur choimisiúnaigh an Coiste um Rialú Buiséadach staidéar maidir le 'Ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme uirlisí freagartha ar ghéarchéimeanna' ina léirítear gur thacaigh na solúbthachtaí a tugadh isteach faoi CRII agus CRII+ le hionsú acmhainní comhtháthaithe nár gealladh; á chur in iúl gur cúis bhuartha di toradh na dtaighdeoirí go bhféadfadh sé nár shroich cáilíocht na dtionscadal mearaithe an leibhéal céanna le hinfheistíochtaí roimh an bpaindéim; á chur in iúl gur cúis bhuartha di freisin barúil na dtaighdeoirí go bhfuil an riosca go mbeadh tionscadail ar cháilíocht íseal ann go hiomlán ar Bhuiséad an Aontais, mar gheall ar chistiú 100 % ón Aontas in CRII, CRII+ agus REACT-EU; á mheas go bhféadfadh cistiú 100 % ón Aontas cabhrú le hionsú, ach nach sprioc ann féin é an t-ionsú sin;

86. á chur i bhfáth, sna tuairimí is déanaí maidir le hurscaoileadh, gur iarr an Coiste um Fhorbairt Réigiúnach go dtabharfadh an Coimisiún tacaíocht chomhairleach bhreise do na húdaráis náisiúnta, áitiúla agus réigiúnacha chun cás an ró-ualaigh riaracháin a sheachaint; ag aithint iarrachtaí an Choimisiúin ach ag tabhairt faoi deara, ar an drochuair, nár leor iad sin chun an riosca earráide a mhaolú; ag tabhairt rabhaidh go bhféadfadh ró-ualach riaracháin comhchosúil tarlú ag deireadh thréimhse incháilitheachta RRF agus ag blianta deiridh CAI; á chur i bhfios go láidir gur gá aghaidh a thabhairt ar acmhainneacht neamhleor riaracháin na n-údarás náisiúnta, áitiúil agus réigiúnach mar ábhar práinne; á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndáil leis sin, treoraíocht shoiléir a thabhairt dóibh, agus a thacaíocht d'fhothú acmhainní riaracháin a mhéadú, lena n-áirítear trí oiliúint foirne, comhroinnt dea-chleachtais, athbhreithnithe idir piaraí agus cúnamh teicniúil chun bainistiú éifeachtach cistí a áirithiú;

87. á thabhairt dá haire go ndearnadh plé poiblí ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil tar éis 2027 lena bhféadfaí athrú i dtreo samhail fheidhmíochtbhunaithe a léiriú, infheistíochtaí agus athchóirithe a chúpláil, agus uaillmhian chun rialacha agus nósanna imeachta a shimpliú; á iarraidh ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt do na freagairtí airgeadais ar na bagairtí reatha a eascraíonn as an staid gheopholaitiúil; ag tabhairt rabhaidh nár cheart aon chinneadh maidir le dearadh na gclár caiteachais amach anseo a bheith chun dochair d'fhormhaoirseacht agus do rialú chaiteachas an Aontais ó thaobh trédhearcachta agus faisnéise de ar leibhéal an Aontais maidir le neamhchomhlíonadh rialacha agus rialachán; á mheas gur léiriú iad na hearráidí a shainaithin an Chúirt agus an chaoi a láimhseálann an Coimisiún na hearráidí sin ar chóras bainistithe agus rialaithe atá ag feidhmiú go cuí agus á thabhairt dá haire gur chuir an dá institiúid in iúl go bhfuil siad tiomanta don chóras a fheabhsú agus don ráta earráide a laghdú;

88. ag tabhairt dá haire, mar a tharla sna blianta roimhe seo, gur thug an Chúirt barúil go bhfuil athbhreithnithe deisce an Choimisiúin, chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar obair na n-údarás iniúchóireachta, dírithe ar chomhsheasmhacht na faisnéise rialtachta amháin a sheiceáil, agus dá bhrí sin go bhfuil siad rótheoranta chun an ráta earráidí iarmharacha arna thuairisciú ag na húdaráis náisiúnta ina bpacáistí dearbhaithe a dheimhniú; á thabhairt dá haire gur thug an Coimisiún freagra go gcomhlánaíonn sé a athbhreithniú deisce le hobair iniúchóireachta ar an láthair lena gcumhdaítear na cláir agus na pacáistí dearbhaithe, rud a chuireann ar a chumas meastachán réasúnta agus cothrom a bhunú ar na rátaí earráide do gach clár; á mheas go mbaineann barúil na Cúirte le raon feidhme na n-athbhreithnithe deisce agus leis an bhfíoras nach bhfuil siad dírithe ach ar chomhsheasmhacht agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad rótheoranta chun faisnéis atá iontaofa go leor a chur ar fáil don Choimisiún;

89. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na heasnaimh leanúnacha a thug an Chúirt faoi deara in obair na n-údarás iniúchóireachta náisiúnta mar easnaimh atá le feiceáil sna laigí a sainaithníodh sna pacáistí dearbhaithe, le ráta earráidí iarmharacha atá os cionn na tairsí ábharthachta le haghaidh níos mó ná 60 % de luach na bpacáistí dearbhaithe a ndearnadh iniúchadh orthu in 2023; á chur i bhfáth, agus é ina ábhar imní di, go dteipeann go comhsheasmhach ar údaráis bhainistíochta neamhrialtachtaí sa chaiteachas arna dhearbhú ag tairbhithe a chosc nó a bhrath agus go laghdaíonn sé sin a mhéid is féidir leis an gCoimisiún brath ar a gcuid oibre;

90. á mheabhrú, sa bhainistíocht chomhroinnte, go bhfuil sé de fhreagracht ar an gCoimisiún a áirithiú go mbunóidh na Ballstáit córais bhainistíochta agus rialaithe a fheidhmíonn go héifeachtach le linn chur chun feidhme na gclár; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur shainaithin an Coimisiún agus an Chúirt araon nach bhfeidhmíonn córais bhainistíochta agus rialaithe na mBallstát uile go héifeachtach, rud a dhéanann difear diúltach d'iontaofacht rátaí earráide an Choimisiúin, ós rud é go mbraitheann siad ar na córais náisiúnta sin, nach n-oibríonn go héifeachtach; ag cur amhras ar an bhféidearthacht go leanfadh an Coimisiún de bheith ag brath ar chórais náisiúnta;

91. á mheas, chun go n-oibreoidh an cur chuige iniúchóireachta aonair go maith, agus chun ualach riaracháin laghdaithe a bhaint amach do thairbhithe agus d'údaráis bhainistíochta, go bhfuil sé ríthábhachtach go gcloífear le caighdeáin iniúchóireachta ar gach leibhéal rialaithe agus iniúchóireachta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, dá bhrí sin, cinneadh na Cúirte ina tuarascáil bhliantúil nár thíolaic údaráis na gclár ná tairbhithe doiciméid tacaíochta riachtanacha maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta, agus freisin le cinneadh na Cúirte a cuireadh i láthair ina hathbhreithniú go gcuireann doiciméadacht neamhleor ar obair iniúchóireachta ó údaráis iniúchóireachta teorainn leis an spleáchas is féidir a chur ar obair iniúchóireachta na n-údarás iniúchóireachta náisiúnta;

92. á mheabhrú, tar éis Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]) (CPR) don chlárthréimhse 2021-2027, nach mór do na Ballstáit coinníollacha cumasúcháin cothrománacha agus téamacha a chomhlíonadh, ar gá dóibh leanúint de bheith á gcomhlíonadh agus á n-urramú le linn thréimhse cur chun feidhme na gcistí; á mheabhrú, nuair nach gcomhlíontar coinníollacha cumasúcháin tráth a chuirtear iarratas ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin don chuspóir sonrach lena mbaineann, nach n-aisíocfar an caiteachas gaolmhar ó bhuiséad an Aontais go dtí go mbeidh an Coimisiún sásta gur comhlíonadh an coinníoll cumasúcháin; á mheabhrú gur oth go mór leis an údarás um urscaoileadh maidir le Cinneadh ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 ([16]) ós rud é gur chomhlíon an Ungáir an coinníoll cumasúcháin cothrománach a bhaineann le neamhspleáchas breithiúnach a chuir ar chumas údaráis na hUngáire éilimh ar aisíocaíocht suas le EUR 10,2 billiún a thíolacadh; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach bhfuil bearta déanta ag rialtas na hUngáire ó scaoileadh na gcistí sin chun neamhspleáchas na mbreithiúna a athbhunú ach a mhalairt; á athdhearbhú gur cúis bhuartha di an easpa sásraí rialaithe leormhaithe nó nósanna imeachta neamhiontaofa soláthair phoiblí chun bainistíocht fhónta airgeadais agus cosaint bhuiséad an Aontais a ráthú; á chreidiúint go bhfuil an cinneadh sin contrártha go polaitiúil le fadú na mbeart arna nglacadh faoi Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]) (an 'Rialachán maidir le Coinníollacht');

93. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na torthaí i dTuarascáil 2023 maidir leis an Smacht Reachta maidir le staid an smachta reachta san Ungáir, go háirithe na dúshláin leanúnacha agus shistéamacha in earnálacha na mbreithiúna agus na meán; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil brú méadaitheach ar neamhspleáchas na mbreithiúna, lena n-áirítear ábhair imní maidir le breithiúna a roghnú agus a ardú, agus tuairiscí le déanaí maidir le himeaglú agus cur isteach ar chinntí breithiúnacha, mar a léiríodh le linn éirí as oifig breithiúna mar agóid i gcoinne tionchar polaitiúil; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, ar an gcaoi chéanna, go bhfuil brú méadaitheach ó rialtas na hUngáire ar cheann Údarás Sláine na hUngáire, ar príomhinstitiúid í a bunaíodh mar choinníoll arna leagan síos ag an gCoimisiún chun cistí an Aontais a scaoileadh faoin Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta; á iarraidh ar an gCoimisiún cur chuige comhordaithe agus iomlánaíoch a áirithiú ar fud chistí agus uirlisí reachtacha ábhartha uile an Aontais, agus béim á leagan aige nár cheart cistí an Aontais a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den daonlathas nó lena dtreisítear an t-údarásaíochas;

94. á mheabhrú go mbunaítear leis an Rialachán maidir le Coinníollacht sásra agus bearta chun Buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar an smacht reachta nuair nach ndéanfadh nósanna imeachta eile a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais an buiséad a chosaint ar bhealach níos éifeachtúla; á mheabhrú gur gníomhachtaíodh an sásra sin ar an 15 Nollaig 2022 i gcás na hUngáire mar gheall ar ábhair imní a bhaineann lena córas soláthair phoiblí, rud a d'fhág gur cuireadh 55 % de ghealltanais bhuiséadacha ar fionraí go sealadach le haghaidh 3 chlár beartais chomhtháthaithe; á mheabhrú go sonraítear sa rialachán céanna, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ([18]) ón gComhairle ('Rialachán CAI'), nach bhféadfar gealltanais ar fionraí ó 2022 (bliain n), a athiontráil sa bhuiséad tar éis 2024 (bliain n+ 2) agus, dá bhrí sin, go ndearnadh 55 % de na gealltanais ó 2022, thart ar EUR 1 bhilliún, a shaoradh i mí na Nollag 2024; á thabhairt dá haire nach bhfuil aon nósanna imeachta eile faoin Rialachán maidir le Coinníollacht ar siúl faoi láthair;

95. ag tabhairt dá haire gur leithdháil an Coimisiún coibhéis de chúigear ball foirne lánaimseartha ar chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Coinníollacht agus ag athdhearbhú ábhair imní Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a cuireadh in iúl i dTuarascáil Speisialta 03/2024 uaithi gur cosúil nach leor an líon foirne atá ann faoi láthair chun cur i bhfeidhm docht agus comhleanúnach an Rialacháin a áirithiú;

96. á athdhearbhú gur gá déileáil leis na bearta uile is gá chun cistiú ón Aontas a scaoileadh faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus faoi Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]) ('Rialachán STA') mar phacáiste aonair lárnach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leasanna airgeadais an Aontais a chosaint freisin chun réamh-mhaoiniú a eisíoc;

([15]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

([16]) Cinneadh ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 maidir leis an athmheasúnú, ar thionscnamh an Choimisiúin, ar chomhlíonadh na gcoinníollacha faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 tar éis Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir leis an Ungáir, C(2023) 8999.

([17]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj).

([18]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

([19]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

97. ag tabhairt dá haire go n-áirítear sna Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta roinnt infheistíochtaí a bheadh incháilithe do mhaoiniú faoin gcomhtháthú; á mheabhrú gurb é cuspóir ginearálta RRF a chumhdaítear in Airteagal 4 de Rialachán RRF comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn, agus go bhfuil ceann dá shé cholún tiomnaithe go sonrach don chuspóir sin; á aithint go bhfuil forluí teoranta ann mar thoradh ar raon feidhme leathan RRF le cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais, mar a bhí beartaithe ag na comhreachtóirí agus Airteagal 9 de Rialachán RRF á bhunú, lena mbunaítear cistiú breisíochta agus comhlántachta mar phríomhphrionsabail; ag tarraingt aird, áfach, ar na rioscaí a bhaineann le cistiú dúbailte a eascraíonn as na cásanna sin;

98. á chur in iúl go bhfuil imní uirthi faoi na moilleanna infheicthe i gcur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe sna Ballstáit agus faoin easpa acmhainneachta atá ag rialtais náisiúnta déileáil i gcomhthráth le cláir chaiteachais éagsúla (e.g. cláir chomhtháthaithe agus cláir STA) lena gcumhdaítear cuspóirí comhlántacha nó cuspóirí comhchosúla fiú; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear cúnamh teicniúil leordhóthanach ar fáil do na Ballstáit a bhfuil deacrachtaí acu chun aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna atá ann cheana i gcur chun feidhme na gclár comhtháthaithe;

99. ag aithint thionchar díréireach chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar réigiúin thoir an Aontais atá ar theorainn na Rúise agus na Bealarúise; ag tarraingt aird ar na costais atá ar na réigiúin agus ar na Ballstáit sin mar thoradh ar an teorainn chomhroinnte atá acu le tíortha comharsanachta naimhdeacha, go háirithe an gá atá acu cistiú poiblí a dhíriú níos mó agus níos mó ar shlándáil, ar chosaint agus ar ullmhacht, agus ag an am céanna aghaidh a thabhairt ar acmhainní atá laghdaithe go mór mar gheall ar shuaitheadh i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, trádáil trasteorann agus malartuithe eile, agus i gcláir chomhtháthaithe, go háirithe cláir Interreg; ag cur sonrú sna bearta a rinne an Coimisiún Eorpach chun tacú leis na réigiúin sin, go háirithe trí sholúbthachtaí a chuirtear ar fáil faoin mbeartas comhtháthaithe; á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear tacaíocht a chur ar fáil do na réigiúin teorann thoir is mó atá thíos le fogha na Rúise i litir mhisin an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Chomhtháthú agus Athchóirithe; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear tacaíocht leormhaith ar fáil do réigiúin thoir an Aontais atá ar theorainn na Rúise agus na Bealarúise chun déileáil le hiarmhairtí díréireacha chogadh foghach na Rúise, sa ghearrthéarma trí dhréachtbhuiséad 2026 agus sa mheántéarma araon tríd an togra ón gCoimisiún don chéad CAI eile;

100. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá CSE+ arb é is aidhm leis ardfhostaíocht, cosaint shóisialta chothrom, lucht saothair oilte agus athléimneach, agus sochaithe cuimsitheacha/comhtháite a bhaint amach mar phríomhghné chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht; á chur in iúl gur gá tacaíocht leanúnach airgeadais agus pholaitiúil ó institiúidí an Aontais, ó institiúidí náisiúnta agus ó institiúidí réigiúnacha a chur ar fáil dó chun a chuspóirí agus a spriocanna a bhaint amach sna blianta atá le teacht; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé dlúthpháirt a thabhairt do ghníomhaithe réigiúnacha, go háirithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus comhpháirtithe sóisialta atá ag obair ar an láthair i gcur chun feidhme gníomhaíochtaí arna gcistiú ag CSE+;

101. á chur in iúl gur geal léi tús-ualú EUR 100 milliún ó bhuiséad Erasmus+ 2027 go buiséad 2023 Erasmus+, rud a chumasaigh tacaíocht leanúnach do dhaltaí, mic léinn, múinteoirí agus baill foirne cáilithe a d'éalaigh ón Úcráin, agus an EUR 20 milliún breise a bronnadh ar Erasmus+ in 2023 mar thoradh ar áiteamh na Parlaiminte; á chur i bhfáth nach mór tús-ualú a bheith ina eisceacht i gcónaí ar fhreagairt thapa ar ghéarchéimeanna móra gan choinne; á chur i bhfios go láidir nach féidir ciorruithe cláir a bheith mar thoradh ar aon tús-ualú ar Erasmus+ ag deireadh an CAI reatha; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór gach iarracht a dhéanamh freagairt do chásanna den sórt sin go fabhrach le cistiú breise;

102. ag cur béim ar an ngá atá le maoirseacht dhian a dhéanamh ar leithdháileadh na gcistí chun mí-úsáid laistigh de chlár Erasmus a chosc; á iarraidh ar an gCoimisiún fianaise a bhailiú chun imscrúdú a dhéanamh ar aon chás d'fhaighteoirí calaoiseacha nó amhrasacha, i gcomhréir lena dhualgais a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais agus i gcomhaontuithe deontais Erasmus+; á iarraidh go ndéanfaí an clár a choimirciú go leormhaith i gcoinne mí-úsáid ag eagraíochtaí nach bhfuil a ngníomhaíochtaí ailínithe le bunluachanna an Aontais (dínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta, cearta an duine); á mheabhrú go bhfuil an Coimisiún faoi cheangal dlíthiúil chun a áirithiú go ngeallfaidh tairbhithe an chláir go n-urramóidh siad na luachanna sin agus nach ndéanfaidh siad mí-iompar gairmiúil;

103. ag tabhairt dá haire gurbh ionann buiséad an chláir EU4Health in 2023 agus EUR 735 mhilliún, clár arb é an phríomhionstraim airgeadais é chun tacú le tionscnaimh sláinte an Aontais, arna bhainistiú go príomha ag an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia agus ag an Údarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA) agus arna chur chun feidhme tríd an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú; ag aithint dhul chun cinn na dtionscnamh arna gcistiú faoin gclár sin, go háirithe i réimsí na hullmhachta i dtaca le héigeandálaí sláinte, an Phlean Sáraithe Ailse, na Straitéise Cógaisíochta don Eoraip agus i gcur chun feidhme reachtaíocht sláinte an Aontais;

*Moltaí*

104. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) athmhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas maidir le cistiú 100 % ón Aontas in ionstraimí freagartha ar ghéarchéimeanna de chuid an Aontais, i gcás ina bhféadfaí cistí a chur ar fáil ar bhealach níos tapúla trí réamh-mhaoiniú a mhéadú, agus freagracht chomhroinnte maidir le rialú buiséadach airgeadais á coinneáil i gcur chun feidhme na gcistí trí rannpháirtíocht airgeadais a choinneáil ar bun ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon;

(ii) a áirithiú go roghnófar tionscadail atá go maith ó thaobh cáilíochta de a fhaigheann cistí ón mbeartas comhtháthaithe trí thús áite a thabhairt d'infheistíochtaí fadtéarmacha, agus údar cuí a thabhairt do chistiú 100 % ón Aontas agus a chur i bhfeidhm a theorannú ag an am céanna;

(iii) aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist shistéamach maidir le neamhbhrath earráidí ar leibhéal an Bhallstáit i gcaiteachas an bheartais chomhtháthaithe le plean gníomhaíochta, arb é is aidhm dó ráta earráide cruinn a thuairisciú i bpacáistí dearbhaithe, agus earráidí a bhrath ar na chéad línte cosanta trí níos mó a chur ar fáil, agus/nó trí dhíriú níos fearr ar acmhainní atá ann cheana agus acmhainneacht bhraite a mhéadú ar leibhéal na mBallstát agus an Choimisiúin;

(iv) costas rialaithe an chaiteachais uile a láimhseálann údaráis náisiúnta maidir le cistí an bheartais chomhtháthaithe, agus NGEU, a ríomh agus a thuairisciú don údarás um urscaoileadh, agus na figiúirí sin a chur i gcomparáid leis an gcostas rialaithe nuair nár láimhseáil na húdaráis chéanna ach cistí an bheartais chomhtháthaithe;

(v) aghaidh a thabhairt ar shaincheist athfhillteach na doiciméadachta neamhleora ar leibhéal an tairbhí, an údaráis chláir agus an údaráis iniúchóireachta, ní hamháin trí sheiceálacha, múscailt feasachta agus faisnéis maidir le ceanglais, ach trí dhigitiú méadaithe freisin agus i gcás inar féidir, trí dhreasachtaí airgeadais chun pionós a ghearradh ar neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le bainistíocht fhónta airgeadais;

(vi) raon feidhme a athbhreithnithe deisce ar phacáistí dearbhaithe a leathnú chun athbhreithniú a dhéanamh ar níos mó critéir cháilíochta chomh maith le comhsheasmhacht chun meastachán iontaofa a dhéanamh ar an ráta earráidí iarmharacha don phacáiste dearbhaithe atá faoi athbhreithniú, chomh maith leis an riosca tráth na híocaíochta ina iomláine;

(vii) dlús a chur lena fhaireachán ar na coinníollacha cumasúcháin cothrománacha agus téamacha sna Ballstáit uile chun bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do chosaint Bhuiséad an Aontais a shainaithint agus trédhearcacht fheabhsaithe agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí i gcur i bhfeidhm na huirlise sin a áirithiú;

(viii) an tuarascáil ar an smacht reachta a ailíniú go dlúth leis an Rialachán maidir le Coinníollacht agus tuarascáil níos mionsonraithe a thabhairt ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta is féidir a úsáid mar ionchur chun an Rialachán maidir le Coinníollacht a ghníomhachtú;

(ix) faireachán leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle [20] ag Rialtas na hUngáire; measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá feabhas nó dul in olcas tagtha ar an staid, lena n-áirítear i ndáil leis na dúshláin atá os comhair Údarás Sláine na hUngáire, agus gach gníomhaíocht is gá a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Coinníollacht;

(x) cúnamh teicniúil méadaithe a sholáthar do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna i gcur chun feidhme na gclár náisiúnta chun an ráta ionsúcháin a mhéadú;

(xi) dlúthfhaireachán agus maolú a dhéanamh ar an riosca méadaitheach a bhaineann le cistiú dúbailte idir cláir Chomhtháthaithe agus cistiú STA agus aghaidh a thabhairt ar aon chás den chineál sin gan mhoill;

(xii) simpliú a fheabhsú tuilleadh i gcur chun feidhme na gclár comhtháthaithe agus oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun dea-chleachtais a shainaithint maidir le digitiú cleachtas agus nósanna imeachta;

(xiii) gach beart is gá a dhéanamh chun an ráta earráide a laghdú i ndlúthchomhar leis an gCúirt Iniúchóirí;

(xiv) á áirithiú go gcuirfear tacaíocht leormhaith ar fáil do réigiúin thoir an Aontais atá ar theorainn na Rúise agus na Bealarúise chun déileáil le hiarmhairtí díréireacha chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma araon;

[20] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir (IO L 325, 20.12.2022, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/2506/oj).

**Acmhainní nádúrtha**

105. á thabhairt dá haire gur EUR 59,5 billiún (31,1 % de bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi Cheannteideal 3 de CAI 'Acmhainní nádúrtha' agus a dáileadh mar seo a leanas: 65.0 % le haghaidh íocaíochtaí díreacha faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), 27.6 % don Chiste Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), 4,2 % do chaiteachas a bhaineann leis an margadh faoi CERT, 1,9 % do Ghnóthaí Muirí agus Iascaigh, 0,9 % don Chomhshaol agus don Aeráid (LIFE), agus 0,4 % do réimsí eile;

106. á thabhairt dá haire go bhfuil scrúdú déanta ag an gCúirt ar shampla ina raibh 218 n-idirbheart a chlúdaíonn an raon iomlán caiteachais faoin gceannteideal seo de CAI; ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt freisin an fhaisnéis rialtachta a thugtar sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ó Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe agus ón Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, chomh maith le córais roghnaithe in 20 mBallstát agus sa Ríocht Aontaithe; á thabhairt dá haire go measann an Chúirt gurb é 2,2 % (2,2 % in 2022) an leibhéal earráide le haghaidh 'Acmhainní Nádúrtha' agus go ndearna tromlach na n-earráidí difear d'idirbhearta forbartha tuaithe;

107. á chur i bhfios, áfach, gurb é castacht na scéimeanna comhshaoil i gcláir forbartha tuaithe agus an tsaincheist dhiúltach aitheanta maidir le 'rórialáil' ar an leibhéal náisiúnta is cúis leis sin i bpáirt;

108. ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, an ráta cur chun feidhme níos ísle ná mar a bhíothas ag dréim leis maidir le cistiú CETFT don tréimhse 2023-2027, le ráta ionsúcháin de 1 % ag deireadh 2023, le híocaíochtaí arb ionann iad agus EUR 0,7 billiún, agus ag dréim leis go dtiocfaidh méadú suntasach ar an ráta ionsúcháin le linn na chéad tréimhse tuairiscithe eile;

109. á thabhairt dá haire gur aimsigh an Chúirt 16 earráid inchainníochtaithe i bhforbairt tuaithe, 15 gcinn in íocaíochtaí díreacha, 3 cinn i gcaiteachas a bhaineann le bearta margaidh agus 3 cinn i gcaiteachas neamh-CBT; á chur in iúl go bhfuil sí muiníneach as measúnú an Choimisiúin go mbaineann formhór na n-earráidí le botúin chléireachais agus as na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún chun earráidí a chosc amach anseo;

110. á thabhairt dá haire go ndearna an Chúirt earráidí a chatagóiriú, agus gurb ionann éilimh neamh-incháilithe agus 35 % de na hearráidí, agus i gcás earráidí riaracháin agus faisnéis mhíchruinn maidir le réimsí nó ainmhithe, 21 % agus 20 % faoi seach; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, mar a bhí i mblianta roimhe, gur chinn an Chúirt i roinnt cásanna go raibh faisnéis leordhóthanach ag údaráis na mBallstát agus ag an gCoimisiún chun an earráid a chosc, nó chun an earráid a bhrath agus a cheartú sular ghlac siad leis an gcaiteachas agus, dá mba rud é gur bhain údaráis an Bhallstáit agus an Coimisiún úsáid chuí as an bhfaisnéis uile a bhí ar fáil dóibh, go mbeadh an leibhéal measta earráide don chaibidil seo 1,0 pointe céatadáin níos ísle;

111. ag tabhairt dá haire gurbh í 2023 an chéad bhliain de shamhail seachadta nua CBT 2023-2027, lena gcomhtháthaítear gnéithe feidhmíochta, arna gcomhaontú leis na Ballstáit i bPleananna Straitéiseacha, mar bhonn d'íocaíochtaí; á thabhairt dá haire gur tús beag a bhí ann in 2023 leis an tsamhail seachadta nua, EUR 63,65 milliún arna dhearbhú ar bhonn aschur ginte, agus dá bhrí sin, faoi réir 'imréiteach feidhmíochta' ó AS na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe as EUR 215,52 milliún arna dhearbhú faoi Phleananna Straitéiseacha CBT faoi idirghabhálacha earnála agus faoi fhorbairt tuaithe; á thabhairt dá haire go mbeidh méadú suntasach tagtha in 2024 ar íocaíochtaí faoin tsamhail seachadta nua; ag tabhairt dá haire go bhfuil barúlacha tugtha ag an gCúirt maidir le sonraí feidhmíochta a phróiseáil le haghaidh na dTuarascálacha Bliantúla ar Fheidhmíocht i gcás ina bhfuil córais agus nósanna imeachta á mbunú ag na Ballstáit agus, uaireanta, sonraí á gcomhiomlánú de láimh, agus rioscaí gaolmhara ann d'iontaofacht sonraí;

112. ag meabhrú agóidí na bhfeirmeoirí ar fud na hEorpa i dtreo dheireadh 2023 agus thús 2024 agus fhreagairt an Choimisiúin a bhí dírithe ar shimpliú, go háirithe d'fheirmeoirí beaga, agus ar chumhachtaí lánroghnacha a mhéadú do na Ballstáit; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh an simpliú fite fuaite le bainistíocht fhónta airgeadais agus go gcuirfí gealltanais aeráide an Aontais san áireamh; á chur in iúl gur geal léi cur chuige spriocdhírithe an Choimisiúin, go háirithe maidir leis an idirdhealú idir méid na feirmeacha ó thaobh talamh talmhaíochta agus líon na bhfeirmeacha de; ag tabhairt rabhaidh gur cheart go mbeadh maoirseacht chríochnúil ón gCoimisiún ag gabháil leis an lánrogha a thugtar do na Ballstáit;

113. á mheabhrú gurb iad an Coimisiún agus na Ballstáit araon atá freagrach as aghaidh a thabhairt ar chalaois i gcaiteachas CBT; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an obair a rinneadh ó thaobh measúnuithe riosca frithchalaoise agus an nuashonrú a rinne AS na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe ar a straitéis frithchalaoise;

114. ag tabhairt dá haire gur chuir an Chúirt Tuarascáil Speisialta 20/2024 amach maidir le córais an Choimisiúin chun caiteachas neamhrialta a aisghabháil, agus gur thug an Coimisiún freagra; á thabhairt dá haire gur thug an Chúirt barúil gur éirigh go measartha maith le haisghabhálacha a bhaineann le caiteachas talmhaíochta, a sannadh i bpáirt don riail 50-50, mar a thugtar uirthi, lenar dreasaíodh na Ballstáit cistí a aisghabháil; á thabhairt dá haire nár coinníodh an riail sin in CBT 2023-2027 agus gur thug an Chúirt rabhadh go bhféadfadh meath ar an ráta aisghabhála do chaiteachas talmhaíochta a bheith mar thoradh air sin;

115. á thabhairt dá haire gur chuir an Chúirt Tuarascáil Speisialta 20/2024 amach maidir le Pleananna an Chomhbheartais Talmhaíochta, agus gur thug an Choimisiúin freagra; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear na príomhghnéithe uile ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht; á mheas gur gá cásanna sonracha i mBallstáit shonracha a chur san áireamh i bpleananna agus, dá bhrí sin, go bhfuil leibhéal áirithe éagsúlachta inmhianaithe fiú, á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, go bhféadfadh sé go gciallódh éagsúlacht sna huaillmhianta nach bhfuil cothrom iomaíochta ann d'fheirmeoirí ar fud na mBallstát; á chur in iúl gur cúis díomá di freisin cinneadh na Cúirte, cé go ndearnadh an creat faireacháin nua a shimpliú, go bhfuil easpa soiléireachta i gcuspóirí CBT agus go ndíríonn táscairí ar aschuir seachas ar thorthaí, agus go bhfuil táscairí toraidh tábhachtacha in easnamh; ag tabhairt dá haire go molann an Chúirt don Choimisiún malartú dea-chleachtas a chur chun cinn sna pleananna agus an creat faireacháin CBT a bheidh ann amach anseo a neartú;

116. á thabhairt dá haire gur chuir an Chúirt Tuarascáil Speisialta 19/2024 amach maidir le feirmeoireacht orgánach san Aontas, agus gur thug an Choimisiúin freagra; á chur in iúl gur cúis bhuartha di arís cinneadh na Cúirte go gcuireann creat straitéiseach lag agus srianta sonraí cosc ar thionchar an bheartais a thomhas; á mheas gur gá tacú leis an mbéim mhéadaithe ar fheidhmíocht agus ar shainiú spriocanna agus táscairí, agus leis an bhfaireachán gaolmhar ar thorthaí ar fud bheartais an Aontais trí mhéadú comhionann a dhéanamh ar acmhainneacht an Choimisiúin creataí feidhmíochta a shainiú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht;

117. á chur in iúl gur geal léi an t-iomaíochas méadaithe a baineadh amach trí bhearta margaidh in earnáil an fhíona agus ag spreagadh an Choimisiúin agus na mBallstát leanúint dá n-iarrachtaí an rath sin a mhacasamhlú in earnálacha eile;

118. á mheabhrú gur bunluachanna de chuid an Aontais iad an daonlathas agus an t-iolrachas a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE; á mheabhrú, thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 11 CAE, go dtabharfaidh institiúidí an Aontais an deis do shaoránaigh agus do chomhlachais ionadaíocha a dtuairimí a chur in iúl agus a mhalartú go poiblí i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais chun idirphlé oscailte, trédhearcach agus rialta a choinneáil ar bun; á chur i bhfios go láidir nach mór scaradh na gcumhachtaí idir na hinstitiúidí mar a leagtar síos in Airteagal 13 CAE a urramú i gcónaí agus go gcleachtfaidh institiúidí an Aontais comhar dílis frithpháirteach;

119. aithníonn sí a thábhachtaí atá clár LIFE; ag meabhrú fhorálacha Rialachán LIFE+, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le deontais oibriúcháin, na coinníollacha incháilitheachta, na critéir dhámhachtana, an leithdháileadh foriomlán do 2021-2027 agus dáileadh na gcistí laistigh den chlár;

120. ag tabhairt dá haire gur iarr roinnt comhaltaí den Choiste um Rialú Buiséadach rochtain ar shraith comhaontuithe deontais faoi chlár LIFE, chomh maith le cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais, agus tar éis grinnscrúdú a dhéanamh orthu gur chuir siad in iúl go raibh imní orthu faoi ábhar roinnt de na cláir i mí Feabhra 2024; ag tabhairt dá haire nach raibh an Coimisiún, lena n-áirítear an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS), ar an eolas ar dtús faoi aon saincheist, ach gur ghlac sé sraith beart chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní; ag meabhrú na gceisteanna agus na n-éisteachtaí i scríbhinn le hArd-Rúnaí an Choimisiúin an 5 Samhain 2024, leis na Coimisinéirí atá freagrach as Ceannteideal 3 CAI an 12 Samhain, agus leis an gCoimisinéir atá freagrach as an mBuiséad agus as an riarachán an 9 Nollaig 2024 inar pléadh na hábhair imní agus freagra an Choimisiúin;

121. ag tabhairt dá haire gur chuir roinnt comhaltaí den Choiste um Rialú Buiséadach in iúl go n-áirítear i gcomhaontuithe deontais áirithe idir Gníomhaireacht Feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) agus tairbhithe, amhail ESSanna agus cuideachtaí príobháideacha, faoin gClár LIFE, 'pleananna oibre' ina bhfuil gníomhaíochtaí mionsonraithe abhcóideachta i leith institiúidí an Aontais nó a n-ionadaithe, chomh maith le gníomhaíochtaí eile atá dírithe ar chomhaontuithe trádála áirithe a raibh caibidlíocht á déanamh ag an Aontas ina leith, nó bearta dlíthíochta atá le saothrú ag na heintitis faoi seach; á aithint go bhféadfaí é sin a léirmhíniú mar chur isteach ar chinnteoireacht inmheánach in institiúidí an Aontais; ag tabhairt dá haire go ndearna an Coimisiún anailís dhlíthiúil ar na comhaontuithe deontais ar léirigh imní roinnt Comhaltaí de Choiste CONT imní ina leith, inar thángthas ar an gconclúid nach raibh aon fhianaise ann gur sháraigh na heintitis lena mbaineann a n-oibleagáidí conarthacha nó cód iompair, ach d'iarr an Coimisiún ar roinnt tairbhithe leasuithe a dhéanamh ar na comhaontuithe deontais ina raibh na forálacha sonracha a bhféadfadh riosca do chlú a bheith ag baint leo; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil séanadh i ngach comhaontú deontais ina luaitear 'nach léirítear tuairimí an Aontais ar bhealach ar bith le tuairimí an tairbhí agus nach féidir an t-údarás deonúcháin a chur freagrach astu';

122. á chur i bhfios go láidir nár cheart go rannchuideodh maoiniú an Aontais leis an mbonn a bhaint den smacht reachta, ná de na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe; ag meabhrú fhorálacha Airteagal 163 den Rialachán Airgeadais; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach nach mbeadh aon chistiú ann gan inrianaitheacht cistí;

123. ag cur sonrú sna gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún chun aghaidh a thabhairt ar na líomhaintí lena n-áirítear treoir a eisiúint do sheirbhísí an Choimisiúin maidir le gníomhaíochtaí cistiúcháin a bhaineann le reachtaíocht agus beartas an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a fhorfheidhmiú agus scagadh a dhéanamh ar a bpunanna conartha chun a chinneadh cé na comhaontuithe nach raibh i gcomhréir leis an treoir; ag cur sonrú sna bearta a ghlac an Coimisiún go dtí seo agus é ag fanacht le torthaí an scagtha ar na comhaontuithe deontais leis na tairbhithe uile, a d'iarr Bord Bainistíochta Corparáideach an Choimisiúin;

124. ag cur sonrú sa struchtúr cinnteoireachta lena n-áirítear an bord meastóireachta laistigh de CINEA chun cinneadh a dhéanamh maidir le conarthaí idir an Coimisiún agus na tairbhithe; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh cuntasacht shoiléir, freagrachtaí soiléire agus struchtúr praiticiúil i struchtúr cinnteoireachta CINEA chun cinneadh a dhéanamh maidir le conarthaí atá le dámhachtain;

125. ag tabhairt dá haire go ndéanann an ghníomhaireacht feidhmiúcháin cleachtaí bliantúla bainistíochta riosca ón mbun aníos agus nár sainaithníodh aon rioscaí criticiúla leis na cleachtaí bainistithe riosca ón mbun aníos sin; ag tabhairt dá haire, gan beann ar an gclár maoinithe, gur cheart athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar nósanna imeachta meastóireachta agus iad a oiriúnú más gá;

126. á thabhairt dá haire go dtuairiscítear sna meáin gur fhostaigh Uachtarán an Choimisiúin comhairleoir speisialta íoctha chun tuarascáil a sholáthar maidir leis an 'Idirphlé Straitéiseach ar Thodhchaí Thalmhaíocht an Aontais' a fuair tuarastal comhionann le hArd-Stiúrthóir sa Choimisiún; á chur in iúl gur cúis bhuartha di luach saothair na gcomhairleoirí speisialta uile agus an discréid atá ag an gCoimisiún maidir lena luach saothair a chinneadh, rud a chruthaíonn neamhionannais threallacha;

*Moltaí*

127. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) dlúthfhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát maidir le próiseáil sonraí feidhmíochta agus comhiomlánú sonraí don tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoi shaincheisteanna a bhaineann le hiontaofacht sonraí feidhmíochta, go háirithe i gcás ina mbaineann sé le sonraí a chomhiomlánaítear de láimh;

(ii) an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoin gcúis go gcinneann an Chúirt go bhféadfaí roinnt earráidí a chosc ar feadh roinnt blianta, dá n-úsáidfeadh an Coimisiún agus na Ballstáit an fhaisnéis uile atá ar fáil dóibh agus an chúis nach n-éiríonn leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin go hiomchuí;

(iii) na ceachtanna a foghlaimíodh a chur i bhfeidhm maidir leis an ualach riaracháin a laghdú óna fhreagairt ar agóidí na bhfeirmeoirí i dtionscnaimh bheartais a bheidh ann amach anseo, agus aird chuí á tabhairt ar an riosca go mbainfí mí-úsáid as cistí i gcás ina laghdaítear bearta rialaithe, nó ar an riosca go mbeadh an iomarca éagsúlachta idir na Ballstáit nuair a úsáidtear cumhachtaí lánroghnacha gan maoirseacht chuí;

(iv) an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoi rátaí téarnaimh chaiteachas talmhaíochta, go háirithe má thagann meath ar an ráta i gcomparáid leis an ráta téarnaimh faoi CBT roimhe sin agus na cúiseanna leis an meath a mhaolú go tapa, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar dhreasachtaí nua a thabhairt isteach d'údaráis na mBallstát cistí a aisghabháil;

(v) measúnú a dhéanamh ar na difríochtaí in uaillmhian na bpleananna straitéiseacha agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas an bhfuil éagsúlacht idir na Ballstáit, rud a chuireann an cothrom iomaíochta d'fheirmeoirí i mbaol, agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a dtugann an Coimisiún aghaidh ar na difríochtaí sin;

(vi) úsáid níos fearr a bhaint as a acmhainneacht chun creataí feidhmíochta a chur ar bun, chun cuspóirí agus táscairí a shainiú agus chun iad siúd a chuireann leis an méid atá bainte amach a choinneáil cuntasach as a rannchuidiú, bídís ina mBallstáit nó ina dtairbhithe;

(vii) straitéis frithchalaoise an Choimisiúin a thabhairt cothrom le dáta chun aird a dhíriú ar dheighilt shoiléir idir cumhacht feidhmiúcháin agus reachtach san Aontas a mholadh agus a chaomhnú;

(viii) straitéis shoiléir chuimsitheach a bheith acu ar leibhéal an Choimisiúin maidir le conas leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar bhealach níos fearr agus a áirithiú go gcaitear cistí de chuid an Aontais chun na gcríoch atá beartaithe dóibh agus forálacha an Rialacháin Airgeadais a chur i bhfeidhm go dícheallach, lena n-áirítear trína áirithiú gur féidir comhaontuithe deontais a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh nuair a sháraíonn tairbhithe reachtaíocht an Aontais;

(ix) dáileadh cothrom chistí an Aontais ar ESSanna a áirithiú chun rannchuidiú le sochaí iolraíoch agus bhríomhar;

(x) a áirithiú go gcuirfidh gach oifigeach údarúcháin an treoir ón gCoimisiún a glacadh in 2024 i bhfeidhm agus, más gá, treoir a fhorbairt a thuilleadh chun comhaontuithe deontais a ailíniú go hiomlán le forálacha an Chonartha agus leis an reachtaíocht atá ann cheana;

(xi) torthaí an scagtha ar chomhaontuithe deontais a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar a mhéid a d'fhéadfadh an Coimisiún a bheith neamhchosanta ar riosca clú;

(xii) aghaidh leordhóthanach a thabhairt ar shaincheisteanna amhail doirse imrothlacha, trédhearcacht i maoiniú agus tabhartais, an comhrac i gcoinne sciúradh airgid, teorainn a chur le cur isteach eachtrach, neamhspleáchas ar thionchar polaitiúil agus eacnamaíoch, sceithireacht agus struchtúir rialachais thrédhearcacha, i leith na n-eintiteas uile a fhaigheann cistí ón Aontas;

(xiii) athbhreithniú a dhéanamh ar an teimpléad le haghaidh MTanna idir an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin chun roinnt freagrachtaí níos soiléire a áirithiú;

(xiv) treoir a thabhairt don struchtúr iniúchóireachta athbhreithniú a dhéanamh ar chonarthaí le tairbhithe agus bratach a chur in iúl i gcás ina sainaithníonn siad conarthaí nach bhfuil i gcomhréir leis na rialacha airgeadais is infheidhme;

(xv) athbhreithniú ar chonarthaí IAS idir an Coimisiún agus deontaithe, go sonrach chun ábhar a chuardach nach bhfuil i gcomhréir leis na rialacha airgeadais is infheidhme laistigh de phacáistí oibre;

(xvi) meastóireacht a dhéanamh ar an struchtúr cinnteoireachta sna réimsí a bhaineann le conarthaí a dhámhachtain agus treoir a thabhairt do sheirbhísí an Choimisiúin agus do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin seiceálacha níos fearr a dhéanamh ar ábhar conarthaí ag gach céim, lena n-áirítear trína áirithiú go mbeidh pacáistí oibre agus príomhtháscairí feidhmíochta arna liostú ag iarratasóirí ag teacht le cuspóirí na gclár cistiúcháin faoi seach;

(xvii) catagóiriú níos beaichte na n-eintiteas a liostaítear sa Chóras Trédhearcachta Airgeadais a ghlacadh;

(xviii) athbhreithniú a dhéanamh ar a rialacha maidir le comhairleoirí speisialta chun deireadh a chur leis an roghnú treallach agus leis an luach saothair treallach;

(xix) simpliú a fheabhsú tuilleadh i gcur chun feidhme na gclár agus oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun dea-chleachtais a shainaithint maidir le digitiú cleachtas agus nósanna imeachta;

(xx) feabhas a chur ar cháilíocht an idirphlé le feirmeoirí ó na Ballstáit uile;

(xxi) freagairt níos tapúla nuair a chuirtear ábhair imní thromchúiseacha an údaráis um urscaoileadh in iúl don Choimisiún;

(xxii) seiceálacha leordhóthanacha a dhéanamh ar eintitis a liostaítear sa Chlár Trédhearcachta, chun a áirithiú go liostóidh siad a ngníomhaíochtaí go cuimsitheach sa Chlár;

(xxiii) línte freagrachta níos soiléire a tharraingt agus ardáin chomhoibríocha á gcur chun feidhme;

(xxiv) treoir a thabhairt don Bhord Bainistíochta Corparáideach faisnéis chomhdhlúite maidir le liosta na rioscaí criticiúla a chur faoi bhráid na seirbhíse iniúchóireachta inmheánaí agus a áirithiú go dtabharfaidh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin aghaidh ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus roghnú trédhearcach meastóirí neamhspleácha a áirithiú chun coinbhleacht leasa a chosc agus a neamhspleáchas a ráthú;

(xxv) treoir a thabhairt do na hArd-Stiúrthóireachtaí agus do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin uile athbhreithniú a dhéanamh ar dháileadh na gcistí atá tiomnaithe don iniúchóireacht chun acmhainní leordhóthanacha a áirithiú;

(xxvi) a áirithiú go mbeidh treoirlínte soiléire ag tograí le haghaidh Cláir Oibre Ilbhliantúla d'aon ionstraim chistiúcháin de chuid an Aontais maidir leis na gníomhaíochtaí atá incháilithe do chistiú, rialacha níos soiléire maidir le scagadh iarratas agus maidir le hábhar inghlactha chomh maith le ceanglais níos soiléire maidir le trédhearcacht agus inrianaitheacht maidir le húsáid chistí an Aontais, lena n-áirítear i ndáil leis na ceanglais maidir le nochtadh faoi Chlár Trédhearcachta an Aontais;

(xxvii) a áirithiú go n-urramóidh gach comhaontú deontais na ceanglais is gá a bhaineann le trédhearcacht, inrianaitheacht agus infheictheacht cistí;

**Imirce agus Bainistiú Teorainneacha**

128. á thabhairt dá haire gur EUR 2,7 billiún (1,4 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad in 2023 do na cláir faoi Cheannteideal 4 de CAI,'Imirce agus Bainistiú Teorainneacha' a dáileadh mar seo a leanas: 1,2 billiún (46,5 %) le haghaidh trí ghníomhaireacht dhíláraithe, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA); 1 bhilliún (38,6 %) don Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF), agus 0,4 billiún (14,9 %) don Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (CBCT);

129. á thabhairt dá haire go raibh cion suntasach den chaiteachas faoi Cheannteidil 4 agus 5 de CAI in 2023 fós bainteach le tionscadail a chur i gcrích a bhí fágtha ó CAI 2014-2020; á thabhairt dá haire go raibh 18 % de chláir náisiúnta AMIF do 2014-2020 fós neamhdhearbhaithe ag deireadh 2023 agus go gcuirfidh na Ballstáit na cuntais bhliantúla dheireanacha agus an iarraidh ar íoc an iarmhéid deiridh do na cistí sin ar fáil mar chuid den phacáiste um dhúnadh faoin 31 Nollaig 2024 ar a dhéanaí;

130. á thabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla de 23 idirbheart, nach bhfuil mór go leor chun bheith ionadaíoch don chaiteachas faoi Cheannteidil 4 agus 5 de CAI agus, dá bhrí sin, nach féidir léi meastachán ar leithligh a thabhairt ar an ráta earráide do na ceannteidil sin; á thabhairt dá haire ina theannta sin go léirítear i dtorthaí iniúchóireachta na Cúirte go bhfuil tionchar ag saincheisteanna incháilitheachta agus soláthair ar an gcaiteachas faoi Cheannteidil 4 agus 5 de CAI agus gur réimse ardriosca é (bhí tionchar ag earráidí ar 7 as 23 idirbheart a ndearnadh iniúchadh orthu, i.e. 30,4 %); á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur bhraith an Chúirt ceithre earráid inchainníochtaithe a raibh tionchar airgeadais acu ar na méideanna a gearradh ar bhuiséad an Aontais agus gur aimsigh sí freisin deich gcás eile de neamhchomhlíonadh forálacha dlíthiúla agus airgeadais (nach raibh aon tionchar díreach airgeadais acu ar bhuiséad an Aontais); á iarraidh ar an gCúirt, dá bhrí sin, meastachán soiléir a thabhairt ar an ráta earráide le haghaidh Cheannteideal 4; á thabhairt dá haire go dtagann an Coimisiún ar an gconclúid gurb ionann an riosca tráth na híocaíochta in 2023 agus 1,1 % don chaiteachas ar imirce agus ar bhainistiú teorainneacha;

131. ag tabhairt dá haire gur ghlac an Coimisiún leis an moladh ón gCúirt a rinneadh ina tuarascáil bhliantúil do 2023 treoir bhreise a thabhairt maidir leis na rialacha is infheidhme d'údaráis na mBallstát atá freagrach as cistiú Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile a chur chun feidhme trí bhainistíocht chomhroinnte; á chur in iúl gur oth léi nár chuir an Coimisiún na moltaí ón gCúirt roimhe seo, a raibh aghaidh le tabhairt orthu faoi dheireadh 2023, chun feidhme go hiomlán fós; á thabhairt dá haire go bhfuil athmheasúnú á dhéanamh ag AS um Imirce agus Gnóthaí Baile ar a mhodheolaíocht *ex-ante* chun a áirithiú go n-urramófar na rialacha is infheidhme maidir le giniúint deontas tar éis 2021, agus go dtabharfar aghaidh san athmheasúnú sin freisin ar mholtaí ábhartha na Cúirte agus ar mholtaí iniúchadh na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach maidir le hullmhacht i gcomhair gníomhaíochtaí agus cláir arna gcistiú faoin gCiste Slándála Inmheánaí (CSI) agus faoi AMIF 2014-2020 a dhúnadh trí bhainistíocht dhíreach agus chomhroinnte;

132. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur eisíodh dhá fhorchoimeádas maidir leis an dearbhú urrúis i dTuarascáil Bhliantúil AS um Imirce agus Gnóthaí Baile ar a Ghníomhaíochtaí do 2023 agus go mbaineann forchoimeádas amháin le cur chun feidhme AMIF agus ISF 2014-2020 i roinnt Ballstát agus go mbaineann an forchoimeádas eile le cur chun feidhme na hIonstraime don Bhainistiú Teorainneacha agus do Víosaí (IBTV) 2021-2027 i mBallstát amháin; á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin bearta feabhais a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna bunúsacha a raibh gá leis na forchoimeádais ina leith;

133. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn a shainaithin an Chúirt ina hathbhreithniú ar an obair ullmhúcháin a rinne cúig údarás iniúchóireachta de chuid na mBallstát maidir le haistriú chistí AMIF, IBTV agus CSI chuig Rialachán na bhForálacha Coiteanna de CAI 2021-2027 a bhainistiú; ag tabhairt faoi deara gur thuairiscigh na húdaráis iniúchóireachta sin don Chúirt go raibh an tacaíocht agus an treoraíocht a thug AS HOME dóibh sásúil; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach raibh a straitéisí iniúchóireachta tugtha chun críche ag ceithre údarás iniúchóireachta as cúig údarás iniúchóireachta de chuid na mBallstát tráth iniúchadh na Cúirte;

134. ag tabhairt dá haire gur glacadh an Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann; á chur in iúl gur geal léi gur leithdháileadh EUR 2 bhilliún breise leis an athbhreithniú meántéarma ar CAI 2021-2027 don imirce agus do bhainistiú teorainneacha le haghaidh 2024-2027 chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhéadaitheacha maidir le himirce agus bainistiú teorainneacha a eascraíonn as an gcomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhféadfadh sé go mbeadh gá le cistí breise d'fhonn cur chun feidhme iomlán an Chomhshocraithe a áirithiú; á iarraidh go ndéanfaí an Comhshocrú a chur chun feidhme go tapa sna Ballstáit;

135. á chur i bhfáth gur colún den Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann é teorainneacha seachtracha an Aontais a dhaingniú; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thuairiscigh an Coimisiún gur tháinig méadú ar líon na dtrasnuithe teorann neamhrialta san Aontas in 2023 go 380 000, i gcomparáid le 330 000 in 2022; á thabhairt faoi deara gur féidir le IBTV tacú leis na Ballstáit túslíne chun a áirithiú go bhfuil na hacmhainní acu le haghaidh an bhonneagair, na saoráidí agus na suiteálacha is gá chun teorainneacha seachtracha an Aontais a dhaingniú, lena n-áirítear feabhsuithe leictreonacha slándála teorann agus uirlisí eile le haghaidh

faireachas teorann dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán IBTV; ag tabhairt dá haire na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 9 Feabhra 2023 go gcuirfidh an tAontas dlús lena ghníomhaíocht chun imeachtaí neamhrialta agus básanna a chosc, chun an brú ar theorainneacha an Aontais agus ar acmhainneachtaí glactha a laghdú, chun smuigléirí a chomhrac agus chun fillteacha a mhéadú; á chur i bhfios go láidir gur gá cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine leochaileacha ar líonraí smuigleála agus gáinneála agus aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí diúltacha an bhuntáiste a ghlactar ar imircigh mar chuid d'ionsaithe hibrideacha, go háirithe a buntáiste a ghlacann fórsaí atá ar son na Rúise as imircigh, agus ag réimeas na Bealarúise;

136. á mheabhrú, de réir Rialachán (AE) 2021/1060, nach mór do na Ballstáit agus don Choimisiún a áirithiú go n-urramófar cearta bunúsacha agus comhlíonadh Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcur chun feidhme chistí an Aontais;

137. ag tabhairt dá haire gur tháinig an Chúirt ar an gconclúid go raibh AMIF 2014-2020 ag feidhmiú faoi bhun na n-ionchas ó thaobh filleadh imirceach a éascú: ag tabhairt dá haire freisin go n-aontaíonn an Chúirt agus an Coimisiún go raibh tionchar ar leith ag srianta taistil a bhain le COVID-19 ar dhul chun cinn sa réimse sin; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur tacaíodh le bearta um fhilleadh in 2023 le EUR 29,8 milliún ó AMIF; á mheas nach mór nach mór don Choimisiún iarrachtaí níos láidre a dhéanamh chun cabhrú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar thrasnú teorann neamhrialta agus filleadh náisiúnach tríú tír a chur chun feidhme go rathúil, chomh maith le himircigh dhleathacha a lánpháirtiú; á chur in iúl go bhfuil sí ag tnúth le faisnéis chomhdhlúite a fháil in 2025 maidir leis an dul chun cinn i ndáil leis sin tríd an meastóireacht *ex-post* ar AMIF 2014-2020; á thabhairt chun suntais gur cheart don Choimisiún leanúint de ghníomhaíocht a dhéanamh maidir le himirce agus tearmann faoi chuimsiú na gníomhaíochta seachtraí, lena n-áirítear an cur chuige 'Foireann na hEorpa' agus, ag an am céanna, trédhearcacht chlársceidealú agus chur chun feidhme chistí gnóthaí baile an Aontais i dtríú tíortha a mhéadú agus ról na Parlaiminte a chosaint;

*Moltaí*

138. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) aghaidh a thabhairt ar mholtaí na Cúirte ar bhealach críochnúil agus tráthúil agus modheolaíocht *ex ante* athbhreithnithe AS um Imirce agus Gnóthaí Baile a chomhroinnt, a luaithe a bheidh sí tugtha chun críche, leis an údarás um urscaoileadh;

(ii) leanúint de thacaíocht a thabhairt d'údaráis bhainistíochta agus iniúchóireachta na mBallstát a straitéisí iniúchóireachta do chistí CAI 2021-2027 a thabhairt chun críche go tráthúil, agus aird ar leith á tabhairt ar shaincheisteanna incháilitheachta agus soláthair, chomh maith le torthaí athfhillteacha eile uile na Cúirte;

(iii) Gníomhaíocht a dhéanamh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas ó thaobh filleadh éifeachtach de agus ó thaobh an imirce neamhrialta a chomhrac, agus lánurraim do reachtaíocht an Aontais agus do luachanna bunúsacha an Aontais á n-áirithiú ag an am céanna;

(iv) gníomhaíocht a dhéanamh chun éifeachtúlacht chaiteachas an Aontais ar chosaint agus ar bhainistiú theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a mhéadú;

(v) faireachán, cúnamh agus grinnscrúdú a dhéanamh ar dhul chun cinn tráthúil na gcéimeanna riaracháin, oibríochtúla agus dlíthiúla a éilíonn na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais chun an Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme go hiomlán faoi 2026;

(vi) trédhearcacht chlársceidealú agus chur chun feidhme chistí gnóthaí baile an Aontais i dtríú tíortha a mhéadú, agus ról na Parlaiminte á chosaint ag an am céanna maidir le grinnscrúdú daonlathach ar chaiteachas an Aontais a áirithiú;

(vii) measúnú leanúnach a dhéanamh, agus Buiséad an Aontais á chur chun feidhme, ar chomhlíonadh na Cairte um Chearta Bunúsacha agus luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán Airgeadais;

**An tSlándáil agus an Chosaint**

139. á thabhairt dá haire gur EUR 1,4 billiún (0,7 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad in 2023 do na cláir faoi Cheannteideal CAI 5 'An tSlándáil agus an Chosaint' a dáileadh mar seo a leanas: 500 milliún (38,4 %) don Chiste Eorpach Cosanta (EDF), 300 milliún (19 %) don tsoghluaisteacht mhíleata, 200 milliún (17,1 %) do ghníomhaireachtaí díláraithe, eadhon an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA), Europol agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), 200 milliún (13,1 %) do CSI, agus 200 milliún (12,4 %) don tsábháilteacht núicléach, díchoimisiúnú agus réimsí eile;

140. á thabhairt dá haire go raibh cion suntasach den chaiteachas faoi cheannteideal 5 de CAI in 2023 fós ag baint le tionscadail a chur i gcrích a bhí fágtha ó CAI 2014-2020; á thabhairt dá haire go raibh 25 % de chláir náisiúnta CSI le haghaidh 2014-2020 fós neamhdhearbhaithe ag deireadh 2023 agus go gcuirfidh na Ballstáit na cuntais bhliantúla dheireanacha agus an iarraidh ar íoc an iarmhéid deiridh do na cistí sin ar fáil mar chuid den phacáiste um dhúnadh faoin 31 Nollaig 2024 ar a dhéanaí;

141. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach féidir leis an gCúirt, ar na cúiseanna a mhínítear sa roinn maidir le himirce agus bainistiú teorainneacha, meastachán ar leith a thabhairt ar an ráta earráide do cheannteideal 5 CAI 'Slándáil agus Cosaint' agus, bunaithe ar thorthaí a hiniúchta, go measann an Chúirt go bhfuil ardriosca ag baint le caiteachas ón gceannteideal sin; á iarraidh ar an gCúirt, dá bhrí sin, meastachán den ráta earráide a sholáthar don cheannteideal seo freisin; á thabhairt dá haire go gcinneann an Coimisiún gurb é 0,5 % an riosca tráth na híocaíochta in 2023 don chaiteachas ar shlándáil agus ar chosaint;

142. á thabhairt faoi deara nár ghlac an Coimisiún leis an moladh ón gCúirt gnéithe teicniúla na n-iarratas ar dheontais soghluaisteachta míleata chuig an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) a sheiceáil agus a dhoiciméadú go cúramach le linn an nós imeachta um dhámhachtain deontas agus go measann an Coimisiún go n-áirithítear leis na próisis atá aige faoi láthair go seiceálfaí cheana féin an gcomhlíonann tionscadail bonneagair dé-úsáide na coinníollacha incháilitheachta;

143. ag meabhrú na staide geopholaitiúla an-éagobhsaí i gcomharsanacht an Aontais as a n-eascraíonn dúshláin níos mó slándála agus cosanta, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha, agus ar an gcaoi sin riachtanais infheistíochta níos mó sa tslándáil, sa chosaint agus san ullmhacht, ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; ag tarraingt aird ar an bhfíoras gurb é Ceannteideal CAI 5, atá tiomnaithe don tslándáil agus don chosaint, an ceannteideal is lú de cheannteidil uile CAI agus á chur in iúl gur oth léi nach ionann buiséad reatha an Aontais chun slándáil agus cosaint a shaoránach a áirithiú agus na dúshláin atá le sárú sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma; á thabhairt dá haire gur ó CEF go heisiach a tháinig cistiú an Aontais chun tacú leis an tionscal cosanta in 2023; á mheabhrú go bhfuil ról ag CEF maidir le tacú le saineolas teicneolaíoch na hEorpa i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus i dteicneolaíochtaí suaiteacha; á chur in iúl gur geal léi gur tháinig méadú 72 % ar aighneachtaí chuig glaonna EDF 2023 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, rud a léiríonn spéis láidir agus mhéadaitheach ghníomhaithe thionscal cosanta na hEorpa agus eagraíochtaí taighde in CEF agus an t-éileamh ard ar chistiú san earnáil sin; á thabhairt dá haire, faoi ghlaonna 2023, gur gheall an tAontas EUR 1,15 billiún do 61 thionscadal T&F cosanta, a chuaigh chun tairbhe do 581 eintiteas dhlíthiúla ó 26 Bhallstát agus ón Iorua; ag tabhairt dá haire go bhfuil 17 n-eintiteas ar an meán ó ocht mBallstát éagsúla agus ón Iorua rannpháirteach i ngach tionscadal; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cothrom iomaíochta chun tacú le comhar trasteorann T&F i réimse na cosanta;

144. á chur in iúl gur geal léi gníomhaíochtaí an Choimisiúin chun feabhas a chur ar thacaíocht FBManna, go háirithe á chur in iúl gur mór aici gur tháinig Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais (EUDIS), lena gcuirtear raon éagsúil ionstraimí ar fáil atá saincheaptha chun tacú le FBManna laistigh d'éiceachóras na cosanta, chun bheith oibríochtúil go hiomlán in 2023, agus EUR 224 mhilliún leithdháilte uirthi ó bhuiséad CEF; á chur in iúl gur mór aici, thairis sin, ról bhónas FBM faoi CEF maidir le rochtain gníomhaithe agus nuálaithe beaga i slabhraí soláthair cosanta a éascú; á thabhairt dá haire, i nglaonna CEF 2023, gur FBManna iad 42 % de na heintitis a roghnaíodh le haghaidh cistiúcháin, sciar méadaithe i gcomparáid le 2022 (38,2 %), agus go ndéantar 18 % den chistiú iomlán atá ar fáil trí ghlaonna CEF a leithdháileadh ar FBManna;

145. á mheabhrú gur réamhchlár de chuid CEF a bhí sa Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (RBTC) le buiséad EUR 90 milliún lenar maoiníodh 18 dtionscadal taighde a roghnaíodh tar éis glaonna ar thograí sna blianta 2017 go 2019; á mheabhrú tuilleadh gur thug an Chúirt faoi deara, i dTuarascáil Speisialta 10/2023 uaithi dar teideal 'An Réamhbheart maidir le taighde cosanta', nach raibh straitéis fhadtéarmach fós ag an Aontas le haghaidh na dtionscadal faoi CEF, go háirithe ó thaobh tionchair, taighde breise, forbartha, monaraíochta, agus soláthair de; á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Coimisiún leis na moltaí uile ón gCúirt agus gur dheimhnigh sé go bhfuil a gcur chun feidhme fós ar siúl; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis an méid sin, gur ghlac an Coimisiún Straitéis Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach (EDIS) agus togra reachtach lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP) chomh maith lena thiomantas CEF a fhorbairt; mar sin féin, i bhfianaise na fírinní geopholaitiúla atá os comhair an Aontais, á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfuiltear ag dréim le cur chun feidhme iomlán mholtaí na Cúirte go dtí 2026;

146. ag meabhrú bharúlacha na Cúirte ina Tuarascáil Speisialta 10/2023 maidir le hinfhaighteacht theoranta acmhainní daonna ag an gCoimisiún agus an riosca ina dhiaidh sin do CEF; ag tabhairt dá haire go bhfuil brú suntasach ar acmhainní daonna mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar líon na dtograí chun meastóireacht a dhéanamh orthu agus ar líon na dtionscadal chun bainistiú a dhéanamh orthu; á thabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil sciar mór saineolaithe náisiúnta ar iasacht (17 %) i measc fhoireann Ard-Stiúrthóireacht um an Tionscal Cosanta agus an Spás in 2023 agus go bhfuil sé ar intinn ag AS um an Tionscal Cosanta agus an Spás an fhoireann a threisiú trí oifigigh a roghnú trí chomórtais speisialaithe EPSO i réimse an spáis agus na cosanta, ar tugadh na liostaí ionadaithe ina leith chun críche i mí na Samhna 2023;

147. á thabhairt dá haire go bhfuil cur chun feidhme 'Plean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata 2.0' ar siúl faoi láthair, agus EUR 1,74 billiún leithdháilte ar thionscadail bonneagair iompair dé-úsáide faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) idir 2021-2027; á thabhairt dá haire go bhfuil 95 thionscadal soghluaisteachta míleata comhchistithe ag an Aontas go dtí seo in 21 Bhallstát agus go bhfuil 94 de na tionscadail sin fós ar siúl agus go bhfuiltear ag dréim leis go dtabharfar an chuid is mó díobh chun críche idir 2026 agus 2027; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, tar éis trí ghlao ar thograí a eagraíodh in 2021, 2022 agus 2023, go bhfuil an t-imchlúdach soghluaisteachta míleata ina iomláine faoi SCE don chlárthréimhse reatha ídithe cheana féin; á mheas, cé gur fhreagair an buiséad a chur ar fáil go tapa trí mhéideanna a thús-ualú i nglaonna 2022 agus 2023 ar an ngá atá le héabhlóid na staide slándála san Eoraip a chur san áireamh tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, go raibh cistiú an Aontais éagobhsaí agus dothuartha ag an am céanna trí bhearna níos mó ná 4 bliana a fhágáil agus gan níos mó cistí de chuid an Aontais a bheith ar fáil le haghaidh glaonna soghluaisteachta míleata chun tionscadail bhonneagair dé-úsáide a mhaoiniú go dtí CAI tar éis 2027; ag meabhrú chonclúidí na Cúirte ina Tuarascáil Speisialta 04/2025 nár tógadh an plean gníomhaíochta ar bhonn sách láidir agus go raibh inathraitheacht le sonrú sa dul chun cinn i dtreo a chuspóra, eadhon gluaiseacht mhear gan uaim pearsanra, ábhar agus sócmhainní a áirithiú ar gearrfhógra agus ar mhórscála, mar gheall ar laigí deartha agus bacainní ar chur chun feidhme atá fós ann; á thabhairt dá haire go measann an Coimisiún go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta chun conairí bonneagair iompair dé-úsáide a neartú, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna rialála amhail nósanna imeachta um chead gluaiseachta trasteorann; ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte nach ndearna an Coimisiún measúnú láidir ar an gcistiú foriomlán is gá chun a chuspóirí agus a spriocanna a bhaint amach; á chur in iúl gur oth léi nár caitheadh ach EUR 300 milliún ar shoghluaisteacht mhíleata in 2023 agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di go raibh ráta ró-shuibscríofa ceithre huaire roimh ghlaonna ar thograí faoin imchlúdach soghluaisteachta míleata, rud a léiríonn an spéis mhéadaithe i measc na mBallstát agus na dtairbhithe tionscadail;

148. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di cinneadh an Choimisiúin dul ar aghaidh le glacadh an tionscnaimh 'ReArm Europe' gan dul i gcomhairle roimh ré le Parlaimint na hEorpa; á chur in iúl gur oth léi go ndéanann cinneadh den sórt sin prionsabal na cothromaíochta institiúidí a sheachaint agus go mbaineann sé an bonn de ról na Parlaiminte mar chomhreachtóir maidir le tosaíochtaí straitéiseacha agus buiséadacha a mhúnlú; ag tathant ar an gCoimisiún staonadh ó ionstraimí suntasacha beartais a thionscnamh a bhfuil tionchar acu ar ollstruchtúr airgeadais agus straitéiseach an Aontais gan urraim iomlán do shainchumais na Parlaiminte a áirithiú;

149. ag tabhairt dá haire gur iarr Parlaimint na hEorpa ar an Aontas agus ar a Bhallstáit creat dlíthiúil a chur ar bun lena bhféadfar an Rúis a aicmiú mar urraitheoir Stáit sceimhlitheoireachta;

*Moltaí*

150. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) straitéis níos fadtéarmaí a fhorbairt do CEC, ag tógáil ar an taithí a fuarthas le Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (PADR) agus le moltaí na Cúirte, a luaithe is féidir;

(ii) soláthar acmhainní leordhóthanacha a áirithiú chun comhar cosanta an Aontais a fheabhsú, sa ghearrthéarma trí dhréachtbhuiséad 2026 agus trí fhoireann saineolaithe a earcú go tráthúil, agus sa mheántéarma tríd an togra ón gCoimisiún don chéad CAI eile;

(iii) soghluaisteacht mhíleata san Aontas a neartú tuilleadh tríd an gcistiú atá ar fáil a mhéadú go suntasach chun feabhas a chur ar chonairí bonneagair iompair dé-úsáide agus trí ghníomhaíocht a dhéanamh chun deireadh a chur le bacainní riaracháin, nós imeachta agus rialála ar ghluaiseachtaí míleata trasteorann, agus tosaíocht á tabhairt ag an am céanna do chistiú ón Aontas do thionscadail is fearr a fhreagraíonn do thimpeallacht bhagartha na hEorpa atá ann faoi láthair; ag cur torthaí agus moltaí na Cúirte i dTuarascáil Speisialta 04/2025 san áireamh;

(iv) gníomhaíocht a dhéanamh chun dícheall cuí a áirithiú i ndáil le critéir thionscadail le haghaidh tionscadail bonneagair soghluaisteachta míleata dé-úsáide, i gcomhréir leis an moladh ón gCúirt;

**An Chomharsanacht agus an domhan**

151. á thabhairt dá haire gur EUR 15,2 billiún (7,4 % de bhuiséad an Aontais) a dáileadh mar seo a leanas a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi Cheannteideal 6 de CAI 'An Chomharsanacht agus an domhan': 63,4 % le haghaidh na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda (ICFCI-an Eoraip Dhomhanda), 16,4 % le haghaidh Cabhair Dhaonnúil (HUMA), 16 % le haghaidh Cúnamh Réamhaontachais (IPA III) agus 4,2 % le haghaidh gníomhaíochtaí agus cláir eile; á thabhairt dá haire gur shroich íocaíochtaí le haghaidh 'An Chomharsanacht agus an Domhan' 15,2 billiún in 2023, arb ionann iad agus thart ar 8 % de chaiteachas foriomlán an Aontais gan STA a áireamh;

152. á thabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla de 72 idirbheart nach bhfuil ionadaíoch go leordhóthanach den chaiteachas faoin gceannteideal sin de CAI agus, dá bhrí sin, nach féidir léi meastachán a thabhairt ar an ráta earráide; ós rud é go léiríonn torthaí iniúchóireachta na Cúirte gur réimse ardriosca é sin (bhí tionchar ag earráidí ar 37 n-idirbheart as 72 idirbheart, i.e. 51,4 %, a ndearnadh iniúchadh orthu), á iarraidh go ndéanfadh an Chúirt meastachán soiléir a thabhairt ar an ráta earráide don chaibidil seo; á thabhairt dá haire gur aimsigh an Chúirt 31 earráid a raibh tionchar airgeadais acu ar bhuiséad an Aontais, a bhain le tairbhithe neamh-incháilithe, costais neamh-incháilithe, caiteachas nár tabhaíodh, agus sáruithe ar rialacha soláthair phoiblí, réimsí a bhféadfadh rioscaí a bheith ag baint leo maidir le feidhmiú neamhiontaofa sásraí rialaithe;

153. á thabhairt dá haire, ina theannta sin, gur bhraith an Chúirt 19 gcás de neamhchomhlíonadh forálacha dlíthiúla agus airgeadais, nach raibh tionchar díreach airgeadais ag aon cheann acu ar bhuiséad an Aontais, agus inar áiríodh saincheisteanna amhail leithdháiltí débhríocha costais, neamhchomhlíonadh rialacha infheictheachta, agus doiciméadacht neamhleor;

154. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur chinn an Chúirt go raibh neamhchomhlíonadh suntasach ann maidir le rialacha infheictheachta i dtionscadal arna chistiú ag an Aontas faoi bhainistíocht indíreach ag an AS um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú, a bhain le comhaontú ranníocaíochta ar fiú EUR 21,2 milliún é a síníodh le heagraíocht idirnáisiúnta i dtionscadal ina raibh sé mar aidhm tacú le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir dul i ngleic le COVID-19; á thabhairt dá haire gur chinn an Chúirt de na deimhnithe deonaithe a sheiceálamar, áfach, fuaireamar nach raibh aon admháil iontu gur chistigh an tAontas an trealamh leighis a deonaíodh. á mheabhrú go gceanglaítear ar thairbhithe chistí an Aontais a phoibliú go soiléir gur mhaoinigh nó gur chómhaoinigh an tAontas an ghníomhaíocht atá á cur chun feidhme acu; ag cur sonrú sna freagraí ón gCoimisiún go bhfuil treoirlínte nua cumarsáide agus infheictheachta á bplé aige leis na Náisiúin Aontaithe chun na rioscaí earráide maidir le comhlíonadh rialacha infheictheachta a laghdú;

155. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur aimsigh an Chúirt, ina hiniúchadh TF ar chomhpháirt an chórais faisnéise OPSYS chun rochtain agus cearta úsáideoirí a bhainistiú, trí easnamh lena n-áirítear (i) nár chuir an AS um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta nós imeachta ar bhonn foirmiúil chun cearta rochtana a dheonú agus a bhaint do riarthóirí córais agus d'úsáideoirí caighdeánacha; (ii) ceithre chás ina raibh níos mó cearta rochtana ag úsáideoirí caighdeánacha ná mar a bhí ag teastáil uathu dá bpoist, rud nach bhfuil i gcomhréir le caighdeáin TF an Choimisiúin; agus (iii) nach ndearna AS um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta bainistiú ar na cuntais uile riarthóra ar le foireann Ard-Stiúrthóireachtaí eile iad; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go méadaíonn na laigí sin na rioscaí a bhaineann le rochtain mhíchuí ar an gcóras agus le neamhchomhlíonadh na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le tionscadail gníomhaíochta seachtraí a chur chun feidhme, agus go mbaineann siad an bonn freisin de shláine na bpróiseas córais agus na sonraí;

156. á thabhairt dá haire gur chuir an Coimisiún dlús leis an gcumarsáid le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun feasacht a mhúscailt maidir leis an ngá atá lena áirithiú go bhfaighidh iniúchóirí na Cúirte rochtain iomlán ar dhoiciméid agus iniúchadh á dhéanamh acu ar thionscadail arna gcistiú ag an Aontas, agus gur thacaigh an Coimisiún le tionscnaimh chun teacht ar réitigh bhuana ar na saincheisteanna a bhaineann le rochtain ar dhoiciméid agus le coinneáil doiciméad; á thabhairt dá haire, áfach, gur admhaigh an Coimisiún, in ainneoin iarrachtaí, go bhfuil roinnt srianta fós ann maidir le rochtain ar dhoiciméid mar gheall ar chreataí dlíthiúla na gcomhpháirtithe cur chun feidhme atá ann cheana, ar srianta iad nach meastar go n-athróidh siad go luath amach anseo;

157. ag tathant ar an gCoimisiún feabhas a chur ar chur chuige an smachta reachta atá bunaithe ar choinníollacht chistiú na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) III chun go bhfónfaidh an ionstraim dá cuspóir tíortha aontachais a ullmhú go héifeachtach chun na coinníollacha a bhaineann le bheith ina mBallstáit de chuid an Aontais a chomhlíonadh; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún moltaí Thuarascáil Speisialta 01/2022 ón gCúirt a chur chun feidhme chun tionchar éifeachtach chúnamh airgeadais an Aontais a áirithiú chun tacú leis an smacht reachta sna Balcáin Thiar, go háirithe trí threoirlínte a fhorbairt i dtaobh chur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le modhnú agus coinníollacht faoi IPA III;

158. á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh cabhair ón Aontas in imthosca ar bith – go díreach nó go hindíreach – ag maoiniú na sceimhlitheoireachta, agus dá bhrí sin nár cheart di tacú le haon eintiteas atá nasctha le Hamas ná le haon eagraíocht sceimhlitheoireachta nó antoisceach eile; ag tabhairt dá haire, chun na críche sin, go bhfuil sé dlisteanach agus riachtanach a bheith in ann tairbhithe deiridh uile na cabhrach Eorpaí i dtríú tíortha a bheith ar an eolas go soiléir agus a shainaithint; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le dianrialú ar dháileadh agus ar úsáid cabhrach chun a áirithiú nach mbainfear mí-úsáid as cistí;

159. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis aiféala di, gur mhaoinigh an Coimisiún Eorpach Ollscoil Eolaíochta agus Teicneolaíochta Ioslamaí Gaziantep, a bhfuil naisc chruthaithe aici le heagrú sceimhlitheoireachta Hamas; á iarraidh ar an gCoimisiún gach nasc leis an ollscoil sin agus leis na hollscoileanna eile a bhfuil naisc acu le heagraíochtaí sceimhlitheoireachta a chur ar ceal;

160. ag tathant ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs tacaíocht fheabhsaithe agus cabhair dhaonnúil a chur ar fáil do dhaonra na Palaistíne, leas iomlán a bhaint freisin as comhpháirtithe iontaofa, amhail EDS, WFP Unicef nó eagraíochtaí éagsúla an Chorráin Dheirg; ag meabhrú a thábhachtaí atá sé don Choimisiún rialuithe neamhspleácha UNRWA a ráthú trí shaineolaithe seachtracha, tríd an gCúirt agus trí chomhpháirtithe idirnáisiúnta a bhfuil taithí acu;

161. á thabhairt dá haire go bhfuil an Coimisiún ag obair le UNRWA le míonna anuas, chun feabhas a chur ar na próisis neodrachta agus ar na córais rialaithe sa Ghníomhaireacht, i gcomhréir le torthaí na n-imscrúduithe a rinne OIOS na Náisiún Aontaithe ar na líomhaintí maidir le rannpháirtíocht 19 mball foirne san ionsaí an 7 Deireadh Fómhair 2023, agus chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta a thíolaic UNRWA maidir le cur chun feidhme mholtaí an Ghrúpa Athbhreithniúcháin Neamhspleách faoi stiúir iar-Aire Gnóthaí Eachtracha na Fraince Colonna chun rialú agus maoirseacht a neartú; á thabhairt dá haire go ndearna an Coimisiún athmheasúnú ar chinneadh cistiúcháin 2024 de chuid an Aontais do UNRWA agus, trí mhalartú litreacha idir an Coimisinéir Várhelyi agus Ard-Choimisinéir Lazzarini de UNRWA i mí Aibreáin 2024, gur tháinig an tAontas ar chomhaontú maidir le cúnamh coinníollach an Aontais do UNRWA, atá nasctha le roinnt garspriocanna i ndáil le trí shruth oibre, lena n-áirítear foireann UNRWA a scagadh, iniúchadh ag an Aontas, chomh maith le hathneartú na Roinne Imscrúduithe Inmheánacha agus Eitice; ag tabhairt dá haire gur atosaíodh an cúnamh ón Aontas;

162. á mheabhrú di gur gá d'Údarás na Palaistíne gach ábhar oideachais a bhaint, nach gcloíonn le caighdeáin Unesco faoin gcéad scoilbhliain eile, go háirithe iad siúd ina bhfuil frithsheimíteachas mar a shainmhínítear in aicmiú na Comhghuaillíochta Idirnáisiúnta um Cuimhneamh don Uileloscadh lena dtacaíonn an tAontas, gríosú chun foréigin, fuathchaint, agus glóiriú na sceimhlitheoireachta; ag meabhrú fhorálacha na rún maidir le hurscaoileadh roimhe seo; á chur i bhfáth go gcuirfear tacaíocht airgeadais ón Aontas ar fáil d'Údarás na Palaistíne i réimse an oideachais ar an gcoinníoll go gcuirfí ábhar na dtéacsleabhar i gcomhréir le caighdeáin Unesco, go scriosfar na tagairtí frith-Sheimíteacha uile, agus go mbainfí amach na samplaí a spreagann fuath agus foréigean, mar a iarradh arís agus arís eile sna rúin a ghabhann leis na cinntí maidir le hurscaoileadh; ag meabhrú thorthaí thuarascáil Institiúid Georg Eckert arna cistiú ag an Aontas, inar nochtadh léargas casta ar na téacsleabhair; ag tabhairt dá haire nach maoiníonn an tAontas téacsleabhair Phalaistíneacha, agus nach bhfuil UNRWA freagrach astu, a dhéanann athbhreithniú mar sin féin ar na téacsleabhair eisithe uile chun aghaidh a thabhairt ar aon ábhar achrannach; á thabhairt dá haire go ndéanfaidh an Coimisiún grinnscrúdú géar chun a áirithiú nach leithdháilfear aon chistí ón Aontas, go díreach ná go hindíreach, ar dhréachtú, ar theagasc ná ar neamhchosaint na n-ábhar oideachais sin do leanaí Palaistíneacha, lena n-áirítear na cistí sin arna soláthar ag eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe;

163. á thabhairt dá haire gur aithin AS um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú ina TBG 2023 go bhfuair tionscadail i gCív cuairteanna rialta ach go raibh srianta slándála teoranta maidir le faireachán ar an láthair agus cuairteanna tionscadail i réigiúin eile na hÚcráine; á thabhairt dá haire tuilleadh go bhfuil forchoimeádas athnuaite in TBG 2023 de chuid AS um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú mar thoradh ar na srianta maidir le faireachán leormhaith a dhéanamh ar thionscadail san Úcráin agus go bhfuil gníomhaíochtaí ceartaitheacha á gcur chun feidhme, amhail faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme tionscadal trí athbhreithnithe deisce, réitigh chianda agus soláthraí seirbhíse a úsáid;

164. á chur in iúl gur geal léi go soláthraíonn OLAF cúnamh frithchalaoise spriocdhírithe d'údaráis agus go dtacaíonn sé le haontachas na hÚcráine le Clár Frithchalaoise an Aontais; á thabhairt dá haire go bhforáiltear leis an gCreat-Chomhaontú do Shaoráid na hÚcráine, a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2024, do shocruithe atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le bainistiú, rialú, maoirseacht, faireachán, meastóireacht, tuairisciú agus iniúchadh cistí faoin tSaoráid, chomh maith le bearta chun neamhrialtachtaí, calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a imscrúdú agus a cheartú, agus forálacha maidir le róil OLAF agus OIPE; á chur in iúl gur geal léi, ina theannta sin, gur bhunaigh an Coimisiún, de bhun Airteagal 36 den Rialachán maidir leis an tSaoráid don Úcráin, Bord Iniúchóireachta i mí an Mheithimh 2024, agus é mar mhisean aige cabhrú leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht chórais bhainistíochta agus rialaithe na hÚcráine maidir leis na cistí a sholáthraítear faoin tSaoráid agus míbhainistiú chistiú an Aontais faoin tSaoráid don Úcráin a chomhrac; á iarraidh ar an gCoimisiún Parlaimint na hEorpa a choinneáil ar an eolas go rialta faoi ghníomhaíochtaí agus faoi thorthaí an Bhoird Iniúchóireachta chun formhaoirseacht pharlaiminteach chuí a áirithiú;

165. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, na tuarascálacha le déanaí maidir le torthaí dréacht-tuarascála iniúchóireachta a d'íoc an Coimisiún ar Rúnaíocht Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS) lena líomhnaítear calaois amhrasta, tuarastail neamhíoctha agus dliteanais bhreise; ag tabhairt dá haire, mar a tuairiscíodh, gur ranníoc an Coimisiún EUR 3,7 milliún leis an Rúnaíocht in 2023 agus go bhfuil sé ag iarraidh EUR 3,6 milliún a aisghabháil ó mhí an Mhárta 2024 ar aghaidh; á iarraidh ar an gCoimisiún trédhearcacht agus cuntasacht iomlán a áirithiú, rochtain ar an tuarascáil iniúchóireachta a dheonú agus Feisirí na Parlaiminte a chur ar an eolas faoi na céimeanna nithiúla a glacadh;

166. á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhréir le moltaí na Cúirte i dtuairim 03/2024 uaithi, moltaí na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha a chomhtháthú i dtogra reachtach nua CAI lena gcomhlánaítear meastóireacht an Choimisiúin, lena n-áirítear úsáid mhéadaithe a bhaint as cumasc (deontais) sna tíortha is lú forbairt, i dtíortha leochaileacha nó i dtíortha ina bhfuil coinbhleacht agus comhordú rannpháirteach le geallsealbhóirí amhail an tsochaí shibhialta;

167. á chur in iúl gur cúis bhuartha di leithdháileadh CEFI+ faoin imchlúdach nua solúbtha 'Tacaíocht d'Infheistíochtaí' i bhfabhar tíortha a thairbhíonn de thíortha ina bhfuil sé níos éasca infheistíochtaí Global Gateway a chur chun feidhme agus tosaíocht á tabhairt do TLFanna, agus do thíortha leochaileacha agus do thíortha atá buailte ag coinbhleacht; á iarraidh go ndéanfaí tuairisciú ar mhéid mhéideanna CEFI+ a leithdháiltear agus a dhéantar a chonrú sna tíortha sin agus go mbeadh trédhearcacht ann maidir leis an gcaoi a n-urramaítear cuóta na leithdháiltí ar TLFanna laistigh de MIPanna tíre laistigh de leithdháiltí MIPanna réigiúnacha;

168. á athdhearbhú, agus straitéis na Tairsí Domhanda á haithint aici mar fhreagairt chomhbheartaithe ón Aontas ar dhúshláin dhomhanda, nach mór gníomhaíochtaí lena dtugtar le chéile infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a bheith á dtreorú i gcónaí ag an gcreat dlíthiúil dá bhforáiltear i Rialachán NDICI, i gClár Oibre 2030, agus ag riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta, mar a chuirtear in iúl trí idirphlé macánta ar leibhéal na súl; á chur in iúl gur cúis bhuartha di neamhréireachtaí maidir le cláir Global Gateway; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh trédhearcacht fheabhsaithe, cuntasacht dhaonlathach, sásraí láidre faireacháin agus meastóireachta i dtionscnaimh Global Gateway agus Fhoireann na hEorpa; á iarraidh go mbeadh ardán láraithe ann a mbeidh rochtain ag an bpobal air, a thabharfar cothrom le dáta go rialta, chun tionscadail Global Gateway a mhionsonrú, lena n-áirítear a gcuspóirí, a bhfoinsí cistiúcháin, a gcomhpháirtithe cur chun feidhme, agus na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo;

**An Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF)**

169. á thabhairt dá haire go ndearna an Chúirt scrúdú ar shampla de 140 idirbheart a bhí ionadaíoch ar an réimse iomlán caiteachais ó na CEFanna d'fhonn iniúchóireacht a dhéanamh ar rialtacht na n-idirbheart; á thabhairt dá haire, thairis sin, go ndearnadh an sampla sin de 31 n-idirbheart a bhaineann le Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontas Eorpaigh don Afraic, 87 n-idirbheart arna n-údarú ag 14 thoscaireacht de chuid an Aontais ([21]) agus 19 n-íocaíocht arna bhformheas ag ceanncheathrú an Choimisiúin;

170. á thabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, go raibh earráidí in 62 (44,3 %) as an 140 idirbheart a scrúdaíodh, i gcomparáid le 57 (40,7 %) n-idirbheart in 2022 don líon céanna idirbheart; á chur i bhfáth, thairis sin, gur chainníochtaigh an Chúirt 52 earráid (48 n-earráid in 2022), ar ar a mbonn a mheas sí gurbh é 8,9 % an leibhéal earráide don bhliain airgeadais 2023 (7,1 % in 2022);

171. á thabhairt chun suntais, agus é ina ábhar imní di, gur bhain na trí chineál earráidí is coitianta sa bhliain airgeadais 2023 le caiteachas nár tabhaíodh ag 45 % (51 % in 2022), le heaspa doiciméid tacaíochta riachtanacha ag 31 % (7 % in 2022) agus le caiteachas neamh-incháilithe ag 23 % (24 % in 2022);

172. á thabhairt dá haire gur thug an Coimisiún freagraí ar cheisteanna i scríbhinn chuig na Coimisinéirí Jutta Urpilainen agus Oliver Varhelyi gur mar gheall ar imréiteach iomarcach atá thart ar 45 % de na hearráidí iomlána in 2023, cleachtas ina n-áirítear caiteachas nár tabhaíodh sna cuntais mar chaiteachas arna thabhú, agus, dá bhrí sin, gur earráidí sealadacha iad na hearráidí sin, ós rud é nach mbeidh siad ann a thuilleadh tar éis na n-imréiteach deiridh; á thabhairt dá haire, thairis sin, chun na hearráidí sealadacha sin a laghdú, gur iarr an Coimisiún ar a chomhpháirtithe athbhreithniú a dhéanamh ar a dteimpléid tuairiscithe chun go mbeifear in ann caiteachas tabhaithe a shainaithint ar bhealach níos éasca, agus gur sheol AS um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta meitheal speisialta chun scagadh a dhéanamh ar chomhlíontacht na n-eagraíochtaí ábhartha trí chreat bainistithe riosca; ag tabhairt dá haire freisin go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag AS um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta faoi láthair ar a straitéis rialaithe, arb é is aidhm di freisin a shainaithint conas is féidir rialuithe *ex-ante* a neartú agus feabhas a chur ar thuairisciú na n-eagraíochtaí a ndearnadh measúnú colúin orthu don Choimisiún; á iarraidh ar an gCoimisiún éifeachtaí na ngníomhaíochtaí sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

173. ag tabhairt dá haire go n-áirítear sna torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó athbhreithniú leanúnach AS um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta ar a straitéis rialaithe treisiú treorach maidir le tuairisciú airgeadais agus freisin maidir le rialuithe *ex-ante* feabhsaithe chun earráidí a chosc, lena n-áirítear maidir le himréiteach iomarcach; á iarraidh ar gCoimisiún tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar na bearta ceartaitheacha arna nglacadh tar éis thabhairt chun críche an athbhreithnithe sin;

([21]) Angóla, Beinin, an Cósta Eabhair, Fidsí, Gána, Guine Bissau, an Chéinia, Madagascar, an Mhaláiv, Oileán Mhuirís, Mósaimbíc, an Ghaimbia, Tóga agus Uganda.

174. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, mar a bhí amhlaidh sna blianta roimhe, nár thug na heagraíochtaí idirnáisiúnta seo ach rochtain theoranta ar dhoiciméid (e.g. i bhformáid inléite amháin), rud a chuir bac ar phleanáil, ar fheidhmiú agus ar rialú cáilíochta iniúchadh na Cúirte agus as ar eascair moilleanna; á thabhairt dá haire gur pléadh saincheisteanna iniúchóireachta agus rialaithe le heintitis na Náisiún Aontaithe roinnt uaireanta, lena n-áirítear i gcomhthéacs cruinnithe comhghrúpaí tagartha teicniúla agus na meithle ábhartha um Chreat-Chomhaontú Airgeadais agus Riaracháin (CCAR) idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe; á thabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil an Coimisiún ag obair leis na hEagraíochtaí Idirnáisiúnta lena mbaineann agus go bhfuil dlús curtha aige leis an gcumarsáid leo maidir le rochtain na Cúirte ar dhoiciméid; ag spreagadh an Choimisiúin, mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, na hiarrachtaí sin a mhéadú;

175. á chur i bhfáth nach dearbhú iontaofachta ná iniúchadh atá sa staideár ar an ráta earráidí iarmharacha, de réir mheasúnú na Cúirte, agus go bhfuil sé bunaithe ar mhodheolaíocht an ráta earráidí iarmharacha agus ar an lámhleabhar lena mbaineann a chuireann AS um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta ar fáil; á thabhairt dá haire go soiléiríonn AS um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta go bhfuil sé i gceist leis an staidéar ar an ráta earráidí a bheith ina phríomhtháscaire maidir le tionchar airgeadais measta na n-earráidí iarmharacha, i.e. feidhmiú cuí an chórais rialaithe inmheánaigh a thomhas agus, dá bhrí sin, go léiríonn sé acmhainneacht cheartaitheach an Choimisiúin; á chur i bhfáth, mar a tharla sna blianta roimhe seo, gur aimsigh an Chúirt teorainneacha sa staidéar; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur thug an Chúirt tuairim, mar a thug sí sna blianta roimhe seo, go gceadaítear, le modheolaíocht an ráta earráidí iarmharacha, don chonraitheoir brath go hiomlán ar thorthaí rialuithe AS um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, agus go bhfuil sé contrártha do chuspóir staidéar ar an ráta earráidí iarmharacha má bhraitear ar obair iniúchóirí eile; á thabhairt chun suntais gur chinn an Chúirt, i gcásanna ina raibh na seiceálacha roimhe sin déanta faoi CCAR idir an Coimisiún Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe, nach i gcónaí a bhíonn an conraitheoir in ann tástáil shubstainteach bhreise a dhéanamh de bhrí go gcuireann CCAR teorainn le cearta fíorúcháin an Choimisiúin; á thabhairt chun suntais gur thug an Coimisiún freagra inar sainaithníodh na teorainneacha ó thaobh rialuithe a leagtar síos in CCAR; ag tathant ar an gCoimisiún réitigh inoibrithe a lorg chun an tsaincheist sin a réiteach;

176. á mheabhrú gur cruthaíodh dhá EUTF faoi CEFanna; á mheabhrú go bhfuil os cionn EUR 5 bhilliún slógtha ag EUTF don Afraic, agus gur tháinig 88 % de na ranníocaíochtaí (EUR 4,4 billiún) ó CEF agus ó bhuiséad an Aontais; á chur in iúl gur saoth léi, in ainneoin roinnt iarrataí ón bParlaimint, go bhfuil easpa trédhearcachta fós sa phróiseas chun na cistí sin a bhainistiú agus a leithdháileadh; á chur in iúl gur cúis bhuartha di torthaí na Cúirte ina Tuarascáil Speisialta 17/2024 'Ciste iontaobhais an Aontais don Afraic' d'ainneoin cineálacha nua cur chuige, bhí tacaíocht fós neamhdhírithe; ag tabhairt dá haire, in ainneoin cur chuige nuálach maidir le rioscaí do chearta an duine a shainaithint i dtimpeallacht dheacair, nár tugadh aghaidh go cuimsitheach ar na rioscaí sin agus gur chinn an Chúirt nach raibh an measúnú ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chearta an duine cuimsitheach; á mheabhrú nach bhfuil an Coimisiún in ann na cineálacha cur chuige is éifeachtúla agus is éifeachtaí a shainaithint agus a thuairisciú chun imirce neamhrialta agus easáitiú éigeantach san Afraic a laghdú de réir na Cúirte; á chur in iúl gur cúis díoma di go ndéanann an córas faireacháin nua sin faisnéis ó thionscadail uile CIAE a chomhiomlánú, ach go mbíonn fadhbanna ag baint leis ó thaobh cruinneas sonraí. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé beartaithe deireadh a chur de réir a chéile le ciste iontaobhais an Aontais don Afraic in 2025; á chur in iúl gur cúis uafáis di an dramhaíl a eascraíonn as an gciste EUR 5 bhilliún sin, a bhí ceaptha cabhrú le daoine socrú ina dtíortha tionscnaimh agus teorainn a chur lena n-imirce chun na hEorpa, agus tátal na tuarascála ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa á thabhairt le fios go bhféadfadh éifeacht fhritorthúil a bheith aige sin; á chur in iúl gur oth léi nár fhreagair na tionscadail do riachtanais spriocdhírithe, inbhuanaithe ná éigeandála an daonra, agus gur eascair cistiú dúbailte nó íocaíochtaí díréireacha do thionscadail astu, mar shampla meascthóirí a cheannach do scoileanna gan leictreachas; á chur in iúl gur saoth léi an easpa sonraí inrianaithe agus an deacracht atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a cuid oibre iniúchóireachta a dhéanamh in éagmais tairbhithe deiridh inteagmhála nó inaimsithe chun éifeachtacht na dtionscadal a mhaoinítear le hairgead Eorpach a fhíorú; á iarraidh go gcuirfí deireadh le cistí iontaobhais eile atá ag feidhmiú ar an tsamhail chéanna, i gcás inar cosúil nach féidir leithdháileadh na gcistí a fhíorú;

*Moltaí*

177. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhú ar mholtaí na Cúirte:
   (i) a mhéid a bhaineann le córas iarratais OPSYS, an nós imeachta maidir le cearta rochtana a dheonú agus a bhaint do riarthóirí córais agus d'úsáideoirí caighdeánacha a chur ar bhonn foirmiúil agus a fheabhsú, cáilíocht na mbogearraí nua a fheabhsú, agus na hacmhainní is gá a leithdháileadh chun a aibíocht agus a stóinseacht a fheabhsú;
   (ii) treoir agus rialuithe a neartú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh eagraíochtaí a chuireann conarthaí chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus gníomhaireachtaí stáit, rialacha infheictheachta;
   (iii) leanúint de dhlús a chur lena cumarsáid le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun rochtain iomlán, neamhtheoranta agus thráthúil a thabhairt don Chúirt ar dhoiciméid is gá chun a cúram a chur i gcrích i gcomhréir le CFAE, agus ní hamháin i bhformáid inléite amháin;
   (iv) bearta rialaithe *ex ante* agus *ex-post* leordhóthanacha a chur i bhfeidhm i gcriosanna éagobhsaí nó coinbhleachta chun a áirithiú go ndéanfar rialú cuí ar chaiteachas chistí an Aontais agus ar bhealaí chun cistí an Aontais a aisghabháil;
   (v) bearta a dhéanamh chun feabhas a chur ar chórais rialuithe maidir le réamh-mhaoiniú a íoctar le heagraíochtaí idirnáisiúnta a imréiteach;
   (vi) rialuithe *ex ante* a neartú sula nglactar le caiteachas;

178. á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) dianfhaireachán a dhéanamh trí na sásraí uile atá ar fáil agus oibriú le UNRWA chun cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile a comhaontaíodh a áirithiú chun a ráthú go n-oibreoidh UNRWA i gcomhréir iomlán le prionsabail dhaonnúla agus leis an neodracht dhaonnúil, lena n-áirítear sa dearbhú comhpháirteach AE-UNRWA atá ar na bacáin agus sna cinntí maoiniúcháin atá ar na bacáin maidir le cúnamh coinníollach ón Aontas;

(ii) a áirithiú go n-urramófar go hiomlán, le gach conradh lena mbaineann cistí an Aontais, reachtaíocht infheidhme an Aontais, lena n-áirítear cuntasacht, trédhearcacht, agus bainistíocht fhónta airgeadais, agus go n-áirítear leis sin a fhíorú nach bhfuil aon fhochonraitheoirí, daoine nádúrtha, rannpháirtithe i gceardlanna agus/nó oiliúint nó faighteoirí tacaíochta airgeadais ann a thugtar do thríú páirtithe atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais nó a bhfuil baint acu le maoiniú na sceimhlitheoireachta nó le gníomhartha sceimhlitheoireachta chomh maith le gníomhartha eile fuatha agus gríosaithe chun fuatha;

(iii) spriocdhíriú fianaisebhunaithe ar limistéir gheografacha agus ar thairbhithe a mhéadú, agus feabhas a chur ar chruinneas an méid atá bainte amach ag gníomhaíocht forbartha amach anseo, lena n-áirítear tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda;

**Riarachán poiblí Eorpach**

179. á thabhairt dá haire go bhfuil an Coimisiún freagrach go díreach as 59,1 % de bhuiséad riaracháin foriomlán an Aontais a chur chun feidhme, arb ionann é agus EUR 7,2 billiún; á thabhairt dá haire, thairis sin, go mbaineann 70 % den chaiteachas riaracháin le hacmhainní daonna lena n-áirítear pinsin agus go gcumhdaítear leis an gcuid eile go príomha caiteachas a bhaineann le foirgnimh, trealamh, fuinneamh, cumarsáid agus TF; á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go dtagann an Chúirt ar an gconclúid freisin do 2023 go bhfuil riosca íseal ag baint leis an réimse caiteachais;

180. á thabhairt dá haire, le linn 2023, gur fhág 2 152 státseirbhíseach an Coimisiún go príomha mar gheall ar scor, éirí as oifig nó deireadh a gconarthaí; á thabhairt dá haire gur láimhdeachas réasúnta ard é sin, rud a thabharfadh neart deiseanna don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí leanúnacha san ionadaíocht gheografach ar fud na seirbhísí;

181. ag spreagadh an Choimisiúin, in éineacht leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO), chun a áirithiú go gcuirfear na córais theicniúla is gá i bhfeidhm a luaithe is féidir agus go gcuirfear dlús leis na próisis chun go mbeidh an Coimisiún agus institiúidí eile an Aontais in ann brath ar EPSO chun iarrthóirí ardcháilithe agus spreagtha a roghnú do gach cineál poist sna hinstitiúidí;

182. á chur in iúl gur mór aici gur tháinig méadú ar ionadaíocht na mban i bpoist bhainistíochta ó 46,1 % i mí na Nollag 2022 go 47,8 % i mí na Nollag 2023; ag spreagadh an Choimisiúin leanúint de dhíriú ar chothromaíocht inscne a áirithiú agus a choinneáil ar gach leibhéal bainistíochta;

183. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil beartais curtha chun feidhme ag an gCoimisiún chun feabhas a chur ar chothromaíocht oibre is saoil agus ar fholláine na foirne, lena n-áirítear an ceart chun dícheangail; ag moladh, ag an am céanna, gur glacadh cinneadh nua maidir le ciapadh a chosc agus a chomhrac lena mbunaítear post Príomhchomhairleoir Iontaoibhe mar phríomhphearsa sa chomhrac i gcoinne an chiaptha; á chur i bhfáth gur gá na hacmhainní iomchuí a chur ar fáil don seasamh sin chun cúraimí dúshlánacha iomadúla a chur i gcrích go héifeachtach;

184. ag aithint an dul chun cinn atá déanta ag an gCoimisiún maidir le foireann naíolainne a inmheánú;

185. á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur eisigh an Coimisiún leaganacha nuashonraithe de na treoirlínte maidir le caighdeáin eiticiúla le haghaidh rannpháirtíocht Chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh san fheachtas toghcháin chuig Parlaimint na hEorpa agus treoirlínte maidir le rannpháirtíocht Chomhaltaí an Choimisiúin i bhfeachtais toghcháin ar leibhéal na mBallstát; ag moladh, thairis sin, gur ghlac an Coimisiún, i mí an Mhárta 2023, rialacha neartaithe a bhfuil géarghá leo maidir le misin agus costais a íocann tríú páirtithe;

186. á chur i bhfáth gur gá a áirithiú gur féidir le hinstitiúidí uile an Aontais i Lucsamburg baill foirne a mhealladh chuig gach cineál poist agus gairme; á thabhairt dá haire, go háirithe i gcás seirbhísigh i ngráid phá níos ísle, gur féidir le Lucsamburg a bheith ina rogha nach bhfuil chomh tarraingteach céanna mar gheall ar na costais mhaireachtála; ag tabhairt dá haire, leis an gcomhaontú maidir leis an mbuiséad do 2025, go ndearnadh an chéad chéim trí liúntas speisialta tithíochta a bhunú do bhaill foirne i ngráid ísle atá ag obair in Institiúidí an Aontais i Lucsamburg;

187. á thabhairt dá haire go bhfuil sprioc uaillmhianach ag an gCoimisiún spás oifige foriomlán an Choimisiúin a laghdú 25 % agus líon na bhfoirgneamh a laghdú 50 % faoi 2030 i gcomparáid le 2020; á thabhairt dá haire gur bhain an laghdú iomlán ar an spás foriomlán beagán os cionn 83 000 $m^2$ amach in 2023, arb ionann é agus laghdú 11 %; á chur in iúl gur geal léi gur gné thábhachtach í an sprioc sin chun neodracht carbóin a bhaint amach agus chun costais riaracháin a laghdú; á chur i bhfáth gur tábhachtach go dtarlóidh an laghdú ar líon na bhfoirgneamh agus na spásanna oifige agus leathadh amach spásanna oibre comhoibríocha agus athruithe suntasacha riaracháin eile mar thoradh air sin i ndlúthchomhar leis an bhfoireann;

188. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na moilleanna tromchúiseacha, lena n-áirítear moilleanna suas le 6 mhí, a bhíonn ar státseirbhísigh ar fud na n-institiúidí agus iad ag fáil aisíocaíochtaí costas cúraim sláinte faoi scéim árachais breoiteachta na n-institiúidí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di freisin an chóireáil neamhleor a chuirtear ar státseirbhísigh agus ar Fheisirí le galair uath-imdhíonacha, neamhoird néareolaíocha, COPD (galar scamhógach scriosach), COVID fadmharthanach, galair neamhdhiagnóisithe agus galair neamhchoitianta ag scéim árachais breoiteachta na n-institiúidí; ag tabhairt dá haire gur minic nach n-aisíoctar othair a bhfuil na siomptóim sin orthu as a dtástálacha diagnóiseacha;

189. á thabhairt dá haire gur sheol an tOmbudsman 398 bhfiosrúchán maidir leis an gCoimisiún in 2023; á thabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuair an Coimisiún 187 gcinneadh clabhsúir gan ráitis agus 17 gcinneadh drochriaracháin le linn 2023; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfaigheann an tOmbudsman go leor gearán ó shaoránaigh faoi mhórmhoill maidir le rochtain a fháil ar dhoiciméid iarrtha ón gCoimisiún agus ag spreagadh an Choimisiúin chun a dhícheall a dhéanamh dlús a chur le próiseáil na n-iarrataí sin agus líon na gcinntí drochriaracháin a laghdú tuilleadh agus rialacha soiléire a bhunú maidir le rochtain ar gach cineál téacs scríofa cibé acu ar pháipéar, ar ríomhphost, ar theachtaireachtaí téacs nó ar aon chineál eile cumarsáide, atá mar chuid de phróiseas riaracháin a bhaineann le beartais nó cinntí an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, as na naoi n-imscrúdú a bhain leis an gCoimisiún a thug OLAF chun críche in 2023, gur dúnadh seacht gcinn le moltaí; á iarraidh ar an gCoimisiún trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú san obair leantach ar na cásanna sin;

190. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil líomhaintí éillithe nasctha leis an gCoimisiún; á chur in iúl gur saoth léi, ag an am céanna, go bhfuil líomhaintí ann maidir le hoifigigh ón gCoimisiún a líomhnaítear gur ghlac siad bronntanais ó thír a raibh comhaontú á chaibidliú ag an Aontas léi; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cur chuige soiléir agus córasach chun a áirithiú go ndéanfar gach cás OLAF a bhaineann le cionta coiriúla ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann a tharchur go pras chuig OIPE agus chuig na húdaráis náisiúnta inniúla; á iarraidh ar an gCoimisiún na rialacha agus na nósanna imeachta ábhartha a threisiú chun a áirithiú go ndéileálfar le gach cás ar bhealach docht, ceart agus éifeachtúil;

191. ag tabhairt dá haire nár aithníodh ach fíorbheagán cásanna de chiapadh síceolaíoch agus gnéasach mar sin le blianta beaga anuas agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh sé sin aird a tharraingt ar chaochspotaí institiúideacha sa Choimisiún, i bhfianaise líon suntasach fostaithe na hinstitiúide;

192. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na tuairiscí ar imscrúdú leanúnach a bhfuil baint ag an iar-Choimisinéir um Cheartas leis, a líomhnaítear go raibh sé ag gabháil, le linn a thréimhse oifige, do ghníomhaíochtaí sciúrtha airgid a raibh cistí de bhunús anaithnid ag baint leo; á iarraidh ar an gCoimisiún comhoibriú go hiomlán le húdaráis na Beilge agus a shoiléiriú go práinneach an raibh na gníomhaíochtaí sin nasctha ar bhealach ar bith lena dhualgais oifigiúla laistigh den Choimisiún;

193. á iarraidh ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt do bhaill foirne bhuana seachas do chomhairleoirí seachtracha agus foireann chonarthach, chun dálaí oibre ar ardchaighdeán a ráthú, agus chun nach gcaillfear eolas agus taithí; á iarraidh go mbeadh solúbthacht ann do ASanna a bhfuil cion ard saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNE) acu sa phlean bunaíochta chun poist SNI a thiontú ina bpoist mar ghníomhaire sealadach agus é mar aidhm acu coinneáil saineolais, feidhmiúlacht oibríochtúil agus leanúnachas gnó níos fearr a áirithiú; á áitiú, thairis sin, go seachnófaí seachtrú cúraimí chuig comhairliúcháin nuair is féidir teacht ar an bhfios gnó atá ar fáil go hinmheánach;

194. ag tabhairt dá haire, le blianta beaga anuas, go bhfuil an Coimisiún tar éis measúnuithe tionchair a sheachfhoinsiú chuig cuideachtaí seachtracha, rud a léiríonn imní faoi choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann; á iarraidh ar an gCoimisiún forálacha a neartú chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc agus treoir níos fearr a chur ar fáil do bhaill foirne a láimhseálann nósanna imeachta soláthair phoiblí le haghaidh conarthaí seirbhíse a bhaineann le beartas;

195. á chur in iúl gur oth léi an spiaireacht líomhnaithe a d'eagraigh Rialtas na hUngáire i gcoinne fhoireann OLAF le linn misean imscrúdaitheach; á iarraidh go mbunófaí bearta cosanta láidre go pras chun foireann institiúideach an Aontais ar mhisean sna Ballstáit a choimirciú agus chun aon sáruithe a chosc;

196. á chur in iúl gur geal léi teacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/2841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]); ag cur sonrú in infheistíochtaí cibearshlándála, lena n-áirítear EUR 30 milliún arna leithdháileadh chun feabhas a chur ar an tslándáil dhigiteach sa Choimisiún; á iarraidh ar an gCoimisiún a sheacht ndícheall a dhéanamh cultúr cibearshlándála a fhorbairt tuilleadh, oiliúint agus feasacht a chur chun cinn laistigh d'institiúid an Aontais; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leanúint d'infheistíochtaí leormhaithe sa chibearshlándáil i dtreo na sprice táscaí níos fadtéarmaí maidir le thart ar 10 % ar a laghad den chaiteachas iomlán TF;

197. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di nár tugadh aghaidh go leormhaith fós ar na rioscaí suntasacha do shlándáil agus do chosaint chlárlann agus shásra oibriúcháin chóras an Aontais maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcoinne cibirionsaithe; á chur i bhfios gur aibhsíodh an tsaincheist sin sna Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí (AARanna) ó 2010 i leith, agus go bhfuil forchoimeádais i ngach tuarascáil; ag tabhairt dá haire go leagtar béim arís ar an ábhar imní sin i dTuarascáil Bhliantúil 2023 ar Ghníomhaíochtaí na hArd-Stiúrthóireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide, rud a chuireann béim bhreise ar an mainneachtain leanúnach tosaíocht a thabhairt do shlándáil an chórais;

*Scoileanna Eorpacha*

198. á thabhairt dá haire gur EUR 417,5 milliún a bhí i mbuiséad foriomlán na Scoileanna Eorpacha do 2023 arna mhaoiniú go príomha ag an gCoimisiún, ag institiúidí eile an Aontais, ag na Ballstáit agus ag táillí ó thuismitheoirí; á thabhairt dá haire thairis sin gur caitheadh beagnach 80 % den bhuiséad ar chostais foirne;

199. á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil an Chúirt in ann teacht ar an gconclúid nár tháinig aon rud ar a n-aire a fhágann go gcreideann siad nach bhfuil na cuntais chomhdhlúite do 2023 ullmhaithe, ar gach slí ábhartha, i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí;

200. á thabhairt dá haire gur aimsigh an Chúirt roinnt laigí córasacha nó athfhillteacha in íocaíochtaí agus in acmhainní daonna (AD) gaolmhara agus i nósanna imeachta soláthair gaolmhara lena n-áirítear fíorú neamhleor ar fhianaise thacaíochta a dhéanann difear do rialtacht roinnt nósanna imeachta agus íocaíochtaí AD;

201. á iarraidh ar an gCoimisiún, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (i) a chinntiú gur féidir le hinstitiúidí an Aontais brath ar EPSO chun nósanna imeachta roghnúcháin agus nósanna imeachta eile a bhaineann le baill foirne a eagrú agus a chur i gcrích go héifeachtúil chun iarrthóirí ardcháilithe spreagtha leordhóthanacha a sholáthar d'institiúidí an Aontais le haghaidh poist oscailte;

   (ii) féachaint an bhféadfaí míchothromaíochtaí suntasacha geografacha agus inscne a cheartú i gcatagóirí éagsúla den fhoireann;

   (iii) leanúint den obair ar bhearta lena n-áiritheofar gur féidir le hinstitiúidí an Aontais atá lonnaithe i Lucsamburg leanúint de bhaill foirne ardcháilithe a mhealladh le haghaidh gach cineáil próifíle poist;

   (iv) a áirithiú go ndéanfar spásanna oibre comhoibríocha agus athruithe suntasacha riaracháin eile a leathadh amach i ndlúthchomhar leis an bhfoireann;

   (v) níos mó baill foirne a chur ar fáil chun iarrataí ar aisíocaíocht don scéim árachais breoiteachta a phróiseáil, chun feabhas a chur ar oiliúint foirne agus chun bogearraí TF níos fearr a chur ar fáil chun iarrataí a phróiseáil ar bhonn níos tapúla;

   (vi) gníomhú mar eiseamláir, go háirithe i gcás galair nach dtagann faoi réimsí clasaiceacha agus galair neamhchoitianta; ag tathant ar an gCoimisiún cur lena n-eolas teicniúil agus lena láimhseáil ar na cásanna sin; ag tathant ar an gCoimisiún catalóg na dtástálacha atá incháilithe le haghaidh aisíocaíochta a leathnú chun bandaleithead níos leithne a áireamh le haghaidh tástálacha saotharlainne agus nósanna imeachta diagnóiseacha agus scrúduithe eile chomh maith le cóireálacha; ag tathant ar an gCoimisiún é seo a dhéanamh go pras;

   (vii) a áirithiú go dtabharfar sásraí cosanta láidre isteach go tapa d'fhoireann institiúideach an Aontais atá ar mhisean sna Ballstáit agus i dtríú tíortha, agus a gcearta á gcoimirciú;

   (viii) tacú leis na Scoileanna Eorpacha agus moltaí ón gCúirt ó bhlianta roimhe sin á gcur chun feidhme acu, a luaithe is féidir, chomh maith leis an moladh ón tuarascáil maidir leis an mbliain airgeadais 2023 ina n-iarrtar ar na scoileanna seiceálacha córasacha a dhéanamh ar fhianaise thacaíochta maidir le liúntais a íoctar le baill foirne ar iasacht;

([22]) Rialachán (AE, Euratom) 2023/2841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (IO L, 2023/2841, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2841/oj).

(ix) tuarascáil a ullmhú ina ndéanfar anailís ar na cúiseanna a ndiúltaítear d'fhormhór mór na ngearán ciaptha (iarrataí ar chúnamh) sa Choimisiún, agus an chuid is mó acu gan fiosrúchán riaracháin a oscailt fiú, agus ina moltar conas is féidir aghaidh a thabhairt ar mhífheidhmiúlacht den sórt sin den nós imeachta foirmiúil;

(x) a áirithiú, amhail ó 2025, go ndéanfaidh an Oifig Imscrúdaithe agus Araíonachta (IDOC) nó OLAF obair leantach ar iarrataí ar chúnamh i gcásanna ciaptha chun a áirithiú go dtabharfar ciapadh chun cuntais agus go ngearrfar smachtbhannaí orthu i gcomhréir lena n-éagóiritheoireacht;

CAIBIDIL II

## *An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA)*

*Barúlacha ginearálta*

202. á thabhairt dá haire gur athbhreithníodh 27 bplean téarnaimh agus athléimneachta (PTA) in 2023, agus go raibh tionchar ag na hathbhreithnithe sin ar luas chur chun feidhme na bpleananna sin a bhí ann cheana, ar chúis é sin le moilleanna; ag tabhairt dá haire ag an am céanna gur féidir athrú teacht ar na tosaíochtaí polaitiúla sna Ballstáit; á thabhairt dá haire gur chuir praghsanna méadaithe fuinnimh, boilsciú ard agus saobhadh an tslabhra soláthair mar gheall ar chogadh foghach na Rúise gan údar i gcoinne na hÚcráine, agus i gcásanna áirithe, tubaistí nádúrtha, le hathbhreithniú na PTAnna; á chur i bhfios go láidir gur tháinig na moilleanna a tharla mar gheall ar athbhreithniú na PTAnna i dteannta le moilleanna a bhí cheana ann, mar atá léirithe leis na difríochtaí suntasacha idir an féilire tuartha d'iarrataí íocaíochta agus tarchur iarbhír na n-iarrataí sin ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún; á chur in iúl gur cúis bhuartha di fós an riosca tearcúsáide agus mainneachtana i leith na ngarspriocanna agus spriocanna (M&Tanna) a bhaint amach mar a comhaontaíodh sna PTAnna; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le sásraí faireacháin feabhsaithe chun a áirithiú nach mbeidh tionchar díréireach ag moilleanna ar phríomhthionscadail;

203. ag tabhairt dá haire gur cheart nasc téamach soiléir a bheith ann idir athchóirithe agus infheistíochtaí agus go bhféadfadh moill fhada a bheith ann, i gcásanna áirithe, idir na pleananna téarnaimh náisiúnta a chruthú agus garspriocanna agus spriocanna a chur i gcrích; á chur in iúl gur oth léi nach gceadaítear le dearadh RRF solúbthacht leordhóthanach chun freagairt go pras do ghéarchéimeanna atá ag teacht chun cinn;

204. ag tarraingt aird, agus é ina chúis mhór bhuartha di, ar an ráiteas ó Uachtarán na Cúirte, inar áitíodh nár bhain thart ar leath de na híocaíochtaí ó STA an fíorgheilleagar amach, agus inar cuireadh an cheist ar úsáideadh an leath eile chun caiteachas leanúnach buiséadach a ionadú nó brábús a ghiniúint do na Ballstáit ón ráta úis méadaithe;

205. á mheabhrú gur ionstraim théarnaimh shealadach é STA atá bunaithe ar fheidhmíocht, i.e. go bhfuil íocaíochtaí nasctha le comhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí a áirítear sna PTAnna náisiúnta; á chur i bhfáth nach mór measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht RRF, ní hamháin ó thaobh eisíocaíochta de, ach freisin ó thaobh a cumais feabhsuithe inláimhsithe, fadtéarmacha ar iarmhairtí na paindéime a ghiniúint; á mheabhrú nach bhfuil aon sainmhíniú i Rialachán RRF ar 'chomhlíonadh sásúil M&Tanna'; á mheabhrú gur cheart do gach plean náisiúnta aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fho-thacar suntasach de dhúshláin arna sainaithint sa Seimeastar Eorpach, go háirithe na moltaí tírshonracha arna nglacadh ag an gComhairle; ag tabhairt dá haire, a bhuí leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, go bhfuil méadú 17 % tagtha ar chéatadán na moltaí tírshonracha a bhfuil dul chun cinn déanta ina leith idir 2021 agus 2023;

206. á thabhairt chun suntais gur íoc an Coimisiún EUR 75 bhilliún amach in 2023, chomh maith le híocaíochtaí breise réamh-mhaoinithe de EUR 7,1 billiún, a d'fhág gurbh ionann suim iomlán na n-íocaíochtaí amach faoi dheireadh 2023 agus EUR 220,8 billiún, arna roinnt idir EUR 141,6 billiún i ndeontais (40 % den EUR 357 mbilliún ar an iomlán do dheontais faoi imchlúdach na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA)) agus EUR 79,2 billiún in iasachtaí (27 % den EUR 291 bhilliún ar an iomlán d'iasachtaí faoi imchlúdach STA); ceanglais tuairiscithe mhionsonraithe a shainordú maidir leis an gcaoi a ndéanann na Ballstáit cistí a leithdháileadh, ionadú caiteachas buiséadach athfhillteach a chosc, agus a áirithiú go sroichfidh cistí na tairbhithe atá beartaithe;

*Barúlacha na Cúirte*

207. á thabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt tuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas STA in 2023; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur tháinig an Chúirt ar an gconclúid go ndearna torthaí cainníochtúla difear do 7 as 23 íocaíocht STA a rinneadh in 2023 agus go raibh tionchar ag earráidí ábhartha ar 6 cinn de na híocaíochtaí sin; á thabhairt dá haire, i dtuairim na Cúirte, cé is moite de na hábhair sin, go bhfuil caiteachas STA a

glacadh sna cuntais don bhliain 2023 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha; ag tabhairt dá haire go mbraitheann cineál shamhail chaiteachais RRF ar na measúnuithe ar gharspriocanna agus spriocanna (M&Tanna) atá le déanamh ag an gCoimisiún; ag tabhairt dá haire gur sheiceáil an Chúirt 452 M&T in 2023 a áiríodh in 23 íocaíocht deontais agus nach soláthraíonn sí ráta earráide mar gheall ar chineál shamhail chaiteachais RRF ach go measann sí go bhfuil tionchar airgeadais íosta a cuid torthaí os cionn na tairsí ábharthachta; á chur in iúl go bhfuil sí suite de gur cheart go mbeadh freagracht ar na Ballstáit freisin as earráidí a bhraitear san iar-eisíoc;

208. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di nach raibh an Chúirt in ann tionchar airgeadais iarbhír íocaíochtaí RRF earráideacha nó neamh-incháilithe a fhíorú mar gheall ar theorainneacha bunúsacha na garsprice agus na samhla measúnaithe spriocbhunaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún modheolaíocht rianaithe earráidí níos trédhearcaí a fhorbairt chun mí-leithdháileadh agus neamhéifeachtúlacht a chosc;

209. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt iniúchadh ar 325 gharsprioc as 542 gharsprioc agus ar 127 sprioc as na 135 sprioc a áirítear in iarrataí ar íocaíocht 2023 le haghaidh deontas; á chur in iúl gur oth léi go measann an Chúirt go raibh tionchar ag saincheisteanna rialtachta ar 16 díobh (2,4 % den iomlán); á chur in iúl gur cúis bhuartha di go measann an Chúirt nár comhlíonadh na ceanglais go sásúil le haghaidh 7 ngarsprioc agus spriocanna in 6 íocaíocht agus go ndearna an Coimisiún na híocaíochtaí comhfhreagracha fós; á thabhairt dá haire go bhfuil conclúidí na Cúirte bunaithe ar obair leitheadach iniúchóireachta agus á chur in iúl gur oth léir go gcuireann an Coimisiún in éadan roinnt conclúidí ón gCúirt; á thabhairt dá haire nach mór íocaíochtaí uile STA a mheasúnú de réir an chreata arna chur in iúl agus arna chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún, nach mór dó tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus an grinnscrúdú a dhéanann saineolaithe ó na Ballstáit faoin nós imeachta coiste a chur san áireamh le haghaidh gach íocaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú seachtrach neamhspleách ar gach íocaíocht atá faoi dhíospóid a bhaineann le M&Tanna nach gcomhlíontar go sásúil chun muinín an phobail as an bpróiseas a neartú; á mholadh go dtabharfaí isteach córais rianaithe fíor-ama le haghaidh eisíocaíochtaí agus caiteachais chun mí-leithdháileadh faoi RRF agus CAI a chosc;

210. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní ar leith di, gur shainaithin an Chúirt naoi gcás fhéideartha de M&Tanna neamh-incháilithe a bhaineann le leanúint de thionscadal a bhí ann cheana ar cuireadh tús leis roimh an tréimhse incháilitheachta, nó a bhí ina n-ionadú ar chaiteachas buiséadach náisiúnta athfhillteach; á chur in iúl gur oth léi an easpa soiléireachta i Rialachán RRF, agus nach bhfuil sí ar aon intinn le léirmhíniú an Choimisiúin nach mbaineann an tréimhse incháilitheachta ach le dáta tosaigh na n-oibreacha ar thionscadal sonrach seachas le tús na céime ullmhúcháin nó réamh-mheastacháin; á chur in iúl gur oth léi go raibh bearta a bhí beartaithe sular áiríodh tréimhse incháilitheachta RRF sna RRPanna mar thoradh ar an tuairim sin, agus á aithint nach mór d'aon bheart an raon feidhme, na cuspóirí agus na coinníollacha incháilitheachta a leagtar síos le Rialachán RRF a urramú; á iarraidh ar an gCoimisiún sásraí fíoraithe níos déine a chur chun feidhme chun cosc a chur ar thionscadail atá ann cheana nach gcuireann breisluach ar fáil faoi chreat RRF a chur san áireamh;

211. á mheabhrú nach n-úsáidfear cistí STA chun caiteachas leanúnach buiséadach a ionadú, seachas i gcás a bhfuil údar cuí leis; agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di cinneadh na Cúirte nach raibh údar leordhóthanach sna STAnna le roinnt garspriocanna agus spriocanna a bhí ina n-ionadú ar chaiteachas buiséadach náisiúnta athfhillteach;

212. á chur in iúl, agus é ina ábhar imní di, gur chinn an Chúirt go bhféadfadh níos mó ná dúbailt a luacha tarlú in iasachtaíocht NGEU faoi 2026, agus go mbeidh an chuid is mó den aisíocaíocht curtha siar go dtí CAInna sa todhchaí; á mheabhrú go gcaithfear tús a chur le haisíoc iasachtaíocht NGEU roimh dheireadh 2027, má bhíonn leithreasuithe nár úsáideadh fós ar fáil sa líne bhuiséid chun costais mhaoiniúcháin NGEU a chlúdach, agus go gcaithfear an t-aisíoc a chríochnú faoi 2058 ar a dhéanaí; á thabhairt dá haire go bhfuiltear ag dréim leis go méadófar an neamhchosaint do bhuiséad an Aontais amhail ag deireadh 2023, in 2024 agus 2025 – go príomha mar gheall ar iasachtaí STA; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfaidh sé go bhfágfadh athruithe féideartha i ndálaí an mhargaidh go mbeadh costais iasachtaíochta níos airde ann, ar costais iad sin – i gcás fiachas NGEU a bhaineann le deontais – a bheidh le seasamh ag buiséad an Aontais; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfuil aon phlean aisíocaíochta fós ann go dtí seo d'fhiachas coiteann NGEU, agus go leanann fiachas an Aontais de bheith ag ardú, agus sciar mór den mhéadú sin curtha i leith na hionstraime téarnaimh sealadaí, NGEU; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go mbeidh iarmhairtí fadtéarmacha ag an bhfiachas méadaithe agus ag na costais úis ghaolmhara níos airde ar chobhsaíocht fhioscach an Aontais, rud a d'fhéadfadh brú airgeadais níos mó agus cumas laghdaithe chun freagairt do dhúshláin amach anseo nó infheistíocht a dhéanamh i bpríomhréimsí straitéiseacha a bheith mar thoradh orthu;

213. á thabhairt dá haire gur chinn an Chúirt go raibh íocaíochtaí ó STA níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis in 2023; ag cur béim ar an bhfíoras gur cháin an Chúirt eisíocaíocht agus ionsú mall chistí STA; á chur in iúl gur cúis bhuartha di cinntí na Cúirte i dTuarascáil Speisialta 13/2024 go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le hionsú chistí STA le roinnt moilleanna, go bhféadfadh sé nach mbeadh na Ballstáit in ann na bearta uile a chur i gcrích ag deireadh thréimhse cur chun feidhme STA a bhfuil cion suntasach cistí íoctha amach ina leith cheana féin, agus go bhfuil an dara leath de thréimhse cur chun feidhme STA níos dúshlánaí le méadú ar líon na ngarspriocanna agus spriocanna, aistriú ó athchóirithe go hinfheistíochtaí agus céim cur chun feidhme níos airde, agus cion ard beart atá le cur i gcrích le bliain anuas;

214. á thabhairt dá haire, os a choinne sin, de réir an Choimisiúin go bhfuil baint amach garspriocanna agus spriocanna ar an mbóthar ceart den chuid is mó, ós rud é, faoin 31 Lúnasa 2024, go raibh os cionn 40 % de chistí STA a bhí ar fáil eisíoctha leis na Ballstáit, agus gur shroich eisíocaíocht na ndeontas 48 % agus iasachtaí beagán os cionn 30 %; á thabhairt dá haire go bhfuil dlús curtha freisin le luas na n-iarrataí ar íocaíocht ón dara leath de 2023 agus gur tugadh an t-athbhreithniú ar na STAnna atá nasctha le tabhairt isteach chaibidlí REPowerEU chun críche in 2023;

215. ag tabhairt dá haire torthaí na Cúirte i dTuarascáil Speisialta 13/2024 gur áiríodh sna cúiseanna breise le hionsú mall bearta nach n-oireann do thráthchlár RRF agus gannmheastachán ar an am is gá chun iad a chur chun feidhme (mar gheall ar rialacha soláthair phoiblí agus státchabhrach); chomh maith le héiginnteachtaí maidir le rialacha cur chun feidhme agus conas ba cheart iad a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear easpa treorach maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) agus conas cur síos a dhéanamh air;

216. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di barúil na Cúirte lena léirítear laigí leanúnacha i gcur chun feidhme chórais rialaithe na mBallstát toisc go mbaineann riosca leis sin d'infhaighteacht sonraí iomlána agus cruinne is bonn le hiarrataí ar íocaíocht, do rochtain ar na hiarrataí sin chun críocha rialaithe, agus d'fheidhmiú éifeachtach chórais rialaithe na mBallstát chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; á mheabhrú, dar le Rialachán STA, go bhfuil ról lárnach ag córais rialaithe na mBallstáit chun a chinntiú go dtugtar cosaint éifeachtach do leasanna airgeadais an Aontais; ag tathant ar an gCoimisiún gníomhaíocht chinntitheach agus ghasta a dhéanamh nuair is gá, lena n-áirítear ceartúcháin airgeadais a fhorchur, agus leas iomlán a bhaint as forálacha Rialachán RRF má leanann easnaimh de bheith i gcórais rialaithe na mBallstát;

217. á chur in iúl gur cúis bhuartha di cinntí na Cúirte i dTuarascáil Speisialta 22/2024 maidir le 'Cistiú dúbailte ó bhuiséad an Aontais: Níl eilimintí bunriachtanacha sna córais rialaithe trína ndéanfaí an riosca méadaithe a eascraíonn as samhail maoiniúcháin STA nach bhfuil nasctha le costas a mhaolú'; á thabhairt chun suntais gur féidir leis na Ballstáit 'bearta saor ó chostas', mar a thugtar orthu, a mholadh, i.e. bearta a meastar nach bhfuil aon chostais ag baint leo atá le maoiniú ag STA, agus nach bhfuil aon seiceáil ar bith ann maidir le cistiú dúbailte ina leith, ós rud é go measann an Coimisiún go bhfuil bearta nach bhfaigheann aon chistí STA saor ó riosca ina leith sin; á thabhairt dá haire freisin, agus é ina ábhar imní di, gur chinn an Chúirt go bhfágann an iliomad sraitheanna rialachais lena mbaineann, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó bardasach, go bhfuil an comhordú agus an mhaoirseacht an-dúshlánach ó thaobh na mBallstát de; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, nuair a dhéantar seiceálacha, (i) go bhfuil siad thíos le timpeallacht an-chasta ina n-úsáidtear uirlisí TF éagsúla nach mbíonn idir-inoibritheach go minic agus ina dtaifeadtar sonraí ar bhealach a bhíonn neamhchaighdeánaithe go minic, rud a fhágann gurb iad cros-seiceálacha de láimh ar fud bunachar sonraí an t-aon uirlis a d'fhéadfadh a bheith ann chun cistiú dúbailte a sheiceáil, agus (ii) go mbraitheann córais rialaithe na mBallstát den chuid is mó ar fhéindearbhuithe ó fhaighteoirí chistí an Aontais; á thabhairt dá haire, áfach, nár aimsigh an Chúirt aon chás maidir le cistiú dúbailte;

218. á thabhairt dá haire gur thug an Coimisiún an barúil, de réir Rialachán STA, go bhfuil cistiú dúbailte nasctha go sainráite le costais bhuiséadacha agus, dá bhrí sin, nach féidir cistiú dúbailte a bheith ann mura bhfuil aon mheastachán costais nasctha le beartas ar leith curtha isteach ag an mBallstát mar chuid dá phlean náisiúnta; á thabhairt dá haire go gcuireann an Coimisiún i bhfios go láidir nach méadaíonn athchóirithe gan chostas an t-imchlúdach airgeadais ach gur critéir bhunriachtanacha iad mar sin féin do mheasúnú dearfach an Choimisiúin ar STAnna, chomh maith lena gcur chun feidhme iomlán le haghaidh na n-íocaíochtaí ábhartha; á chur i bhfios gur aithin an Coimisiún, go gairid tar éis obair iniúchóireachta allamuigh na Cúirte, gur shainaithin sé an chéad dá chás féideartha de chistiú dúbailte;

219. a mheabhrú go mbunaítear le hAirteagal 9 de Rialachán RRF breisíocht agus comhlántacht idir cláir agus ionstraimí an Aontais mar phríomhphrionsabail; á chreidiúint, chun na prionsabail sin a urramú ach chun an riosca a bhaineann le maoiniú dúbailte a sheachaint, nár cheart na bearta céanna atá san áireamh cheana féin i bpleananna náisiúnta eile a thairbhíonn de chistiú an Aontais (e.g. comhtháthú, talmhaíocht, etc.) a áireamh in RRPanna nó tuairisc níos críochnúla a thabhairt orthu, fiú mura dtabhaíonn siad aon chostais, chun cistiú dúbailte a sheachaint; á chur i bhfios go láidir, mar gheall ar an tsamhail éagsúil cur chun feidhme, go bhféadfadh sé a bheith níos deacra cistiú dúbailte idir STA agus ionstraimí maoinithe eile de chuid an Aontais a shainaithint, agus ag tathant ar an gCoimisiún leanúint de bheith airdeallach agus réamhghníomhach maidir le haon chás ina bhféadfadh cistiú dúbailte a bheith ann a shainaithint;

220. á chur in iúl gur oth léi an easpa coimircí leormhaithe chun cistiú dúbailte tionscadal faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais araon a chosc; á iarraidh go mbeadh córas cros-seiceála uathoibrithe ann idir an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus Cistí Comhtháthaithe, an Comhbheartas Talmhaíochta, agus cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais chun éilimh dhúblacha a bhrath agus a dhíothú;

221. á chur in iúl gur cúis bhuartha di cinneadh na Cúirte ina hAthbhreithniú 01/2023: 'Maoiniú ón Aontas tríd an mbeartas comhtháthaithe agus tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta: Anailís chomparáideach' go bhfuil cur chuige caighdeánaithe fós in easnamh sa tuairisciú ar chalaois a bhaineann le caiteachas STA le comhordú agus comhar láidir idir na Ballstáit, a bhfuil sé d'oibleagáid orthu tuairisciú a dhéanamh ar chásanna calaoise amhrasta, ní

i gcóras TF comhtháite, ach sa dearbhú bainistíochta a ghabhann le gach iarraidh ar íocaíocht, cé gur thuairiscigh na Ballstáit cásanna lasmuigh de na dearbhuithe bainistíochta freisin; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil aon treoirlínte soiléire ann faoin uair go baileach ar cheart cás de calaois amhrasta a thuairisciú, faoi an bhfuil tairseach tuairiscithe ann, faoin bhfaisnéis chaighdeánach ba cheart a thuairisciú do gach aon chás agus faoi na bearta feabhais a rinneadh; ag tacú, thairis sin, leis an iarraidh a rinne an Chúirt ar an gCoimisiún san Athbhreithniú céanna 01/2023 dearbhú leordhóthanach a fháil ó na Ballstáit maidir le héifeachtacht na gcóras náisiúnta chun calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú;

222. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go raibh ar an gCoimisiún 10 gcinn de gharspriocanna rialaithe breise a thabhairt isteach in 2023 do sheacht mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar na laigí a sainaithníodh ina gcórais rialaithe; á mheabhrú agus ag tacú le meastóireacht na Cúirte gur tugadh isteach garspriocanna rialaithe fíoras, rud a chiallaíonn nach raibh córais na mBallstát ag feidhmiú go hiomlán nuair a tosaíodh ar na pleananna a chur chun feidhme, rud a bhí ina riosca tromchúiseach do rialtacht chaiteachas RRF agus do chosaint leasanna airgeadais;

223. á chur in iúl gur oth léi torthaí Thuarascáil Speisialta Uimh. 26/2023 ón gCúirt nach bhfuil táscaire coiteann comhfhreagrach chun dul chun cinn a thomhas i roinnt réimsí beartais i gcolún STA ina bhfuil beartais sláinte; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go gcuireann sé sin bac ar fhaireachán cuí agus ar thuiscint chuí ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo garspriocanna agus spriocanna atá nasctha le beartais sláinte a bhaint amach;

224. á chur in iúl gur geall léi go ndearna an Coimisiún dul chun cinn in 2023 chun deireadh a chur le haon fhéidearthacht go mí-léirmhíneofaí na figiúirí ar an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta agus gur tugadh aghaidh tuilleadh sa Scórchlár ar an moladh gaolmhar ón gCúirt chun cur i láthair na sonraí arna léiriú ar an Scórchlár a fheabhsú agus mínithe i ndáil lena shrianta a fheabhsú, go háirithe trí mhíniú níos fearr a thabhairt ar na modheolaíochtaí is bonn leis agus trína lua go sainráite, i gcás inar ábhartha, gur sonraí measta atá i gceist;

*Iniúchadh agus rialú*

225. á chur in iúl gur geal léi, bunaithe ar mholtaí na Cúirte agus ar an taithí a fuarthas, gur fhoilsigh an Coimisiún, in 2023, trí nóta modheolaíochta chun cur i bhfeidhm Rialachán STA a shoiléiriú, lena n-áirítear a chreat chun (i) measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh sásúil garspriocanna agus spriocanna, ar mheasúnú a dhéanamh, agus (ii) cur i bhfeidhm na bhforálacha a bhaineann le aisiompú na ngarspriocanna agus na spriocanna, chomh maith le modheolaíocht chun an méid atá le cur ar fionraí mura gcomhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil a chinneadh; á thabhairt dá haire go bhfuil treoir nuashonraithe ann maidir le STAnna, arna glacadh an 19 Iúil 2024, ina soláthraítear treoir bhreise chun a áirithiú go leanann na rialuithe de bheith leormhaith chun aon riosca den chistiú dúbailte a shainaithint agus a sheachaint, chomh maith leis an modheolaíocht le haghaidh laghduithe agus aisghabhálacha faoi STA i gcomhréir le hAirteagal 24(8) de Rialachán STA;

226. á iarraidh ar an gCoimisiún líon na n-iniúchtaí *ex-post* agus na gcigireachtaí ar an talamh do thionscadail arna gcistiú ag RRF a mhéadú, go háirithe in earnálacha ardriosca amhail bonneagar digiteach, fuinneamh i gcás inar sainaithníodh neamhrialtachtaí suntasacha i gcláir chistiúcháin an Aontais roimhe seo;

227. ag tabhairt rabhaidh go mbaintear an bonn de phrionsabal na breisíochta trí thionscadail atá ann cheana a áireamh agus trí chaiteachas buiséadach athfhillteach a ionadú laistigh de chreat RRF, tríd an ionstraim a thiontú go héifeachtach ina sásra maoinithe cúldorais do bhuiséid rialta na mBallstát, seachas fíor-théarnamh agus athléimneacht iar-ghéarchéime a chothú; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú práinneach chun cosc a chur ar chuspóir RRF a chaolú tuilleadh;

228. ag moladh go mbeadh an Coimisiún agus na Ballstáit araon níos cinntithí chun neamhrialtachtaí i gcaiteachas chistí RRF a bhrath agus chun íocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil;

229. á chur in iúl gur cúis bhuartha di frithfhreagairt na Cúirte ar fhreagraí an Choimisiúin maidir le bearna dearbhaithe a bheith ann ar leibhéal an Aontais i ndáil le comhlíonadh rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta maidir le soláthar poiblí agus Státchabhair; á thabhairt dá haire go n-áitíonn an Coimisiún go gcumhdaítear sa dearbhú arna sholáthar ag Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais éifeachtacht rialuithe na mBallstát maidir le comhlíonadh rialacha soláthair phoiblí agus státchabhrach, á chur i bhfáth, áfach, cé go dtagraíonn AAR AS um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais do mheasúnuithe ón gCoimisiún ar rialuithe de chuid na mBallstát a bheith ann agus a n-éifeachtacht, nach bhfuil aon chonclúid ann i ndáil lena héifeachtacht; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go léirítear leis seo, de réir na Cúirte, srian tábhachtach ar raon feidhme dhearbhú urrúis an Choimisiúin, rud a chiallaíonn nach soláthraíonn an Coimisiún dearbhú iomlán fós an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann caiteachas STA – ar a ndéanann an Coimisiún bainistiú díreach – na rialacha;

230. á chur i bhfáth nach amháin go gcuireann moilleanna ar eisíocaíocht agus ionsú chistí RRF moill ar an téarnamh eacnamaíoch ach go gcruthaíonn siad rioscaí suntasacha freisin maidir le caiteachas ag an nóiméad deireanach agus ar cháilíocht íseal i dtreo dheireadh thréimhse RRF; á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireachtaí eatramhacha níos déine a thabhairt isteach chun cosc a chur ar bhrú 'úsáid é nó caill é' a bhféadfadh dramhaíl agus mí-leithdháileadh a bheith mar thoradh air;

231. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, go bhféadfaidh na Ballstáit a n-iarrataí deiridh ar íocaíocht a ligean go straitéiseach chun comhlíonadh garspriocanna agus spriocanna atá íogair ó thaobh na polaitíochta de a sheachaint, agus ar an gcaoi sin athchóirithe riachtanacha ach neamhdhaonra a sheachaint; á iarraidh ar an gCoimisiún pionóis airgeadais a thabhairt isteach maidir le cur chun feidhme neamhiomlán RRF chun cúbláil an struchtúir íocaíochta a chosc;

232. á thabhairt dá haire gur fhreagair an Coimisiún gur leathnaigh sé raon feidhme a oibre iniúchóireachta chun níos mó a chumhdach ná an méid atá de dhíth le Rialachán STA chun a fhíorú go dtugtar an dearbhú is gá leis na nósanna imeachta rialaithe arna gcur i bhfeidhm sna Ballstáit go bhfíoraíonn na Ballstáit comhlíonadh rialacha soláthair phoiblí agus Státchabhrach agus incháilitheacht le haghaidh bhearta STA go rialta agus go héifeachtach, ach ag easaontú le tuairim an Choimisiúin go gcumhdaítear é sin i gconclúidí Thuarascáil Bhliantúil AS um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais ar ghníomhaíochtaí;

233. á thabhairt dá haire, agus é ina chúis imní di, mar atá luaite ag an gCoimisiún i measúnú meántéarma uaidh an 21 Feabhra 2024 ar STA, go measann tromlach na mBallstát go bhfuil an mhodheolaíocht chun íocaíochtaí a chur ar fionraí fós doiléir i ndáil le hathchóirithe mar gheall ar an gcumhacht lánroghnach arna thabhairt don Choimisiún i leith chur chun feidhme na modheolaíochta; ag tathant ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht sin chun aon chaighdeán dúbailte a sheachaint ina cur chun feidhme;

234. á thabhairt dá haire gur shainaithin Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánach an Choimisiúin, ina hiniúchadh ar rialuithe ex-ante do na hiarrataí ar íocaíochta STA a rinneadh in 2023, saincheist an-tábhacht ar dá réir sin ba cheart do AS um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais, i gcomhar leis an Tascfhórsa Téarnaimh agus Athléimneachta, an treoir atá ann cheana a fhorbairt tuilleadh agus a chur ar bhonn foirmiúil do na cásanna ina n-iarann AS um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais go ndéanfadh na Ballstáit gealltanais bhreise a bhaineann le gníomhaíocht a eascraíonn as garspriocanna iniúchóireachta agus rialaithe, go háirithe gur cheart go saineofaí sa treoir (i) an dóigh ar cheart do AS um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais obair leantach a dhéanamh ar chomhlíonadh an dearbhaithe fhoirmiúil do ghealltanas an Bhallstáit, (ii) na critéir chun spriocdhátaí a chinneadh do na Ballstáit na gealltanais a chomhlíonadh, agus (iii) an caidreamh idir an 'creat gealltanais', an 'creat chun measúnú a dhéanamh ar gharspriocanna agus spriocanna faoi Rialachán STA' agus 'Aisiompú garspriocanna agus spriocanna faoin tSaoráid';

235. á thabhairt dá haire go seiceálann an Coimisiún, le linn a iniúchtaí maidir le 'Leasanna airgeadais an Aontais a Chosaint', go bhfuil próiseas soiléir códaithe ag na Ballstáit chun cásanna calaoise, éillithe, coinbhleachtaí leasa agus cistiú dúbailte a tharchur chuig gach údarás inniúil, lena n-áirítear OIPE i gcás inar ábhartha;

236. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur thuairiscigh an Chúirt ina tuarascálacha bliantúla go raibh 206 imscrúdú gníomhach ar siúl ag OIPE faoi dheireadh 2023 a bhí bainteach le cistí arna n-úsáid chun bearta STA a chur chun feidhme agus le damáistí féideartha ós cionn EUR 1,8 billiún (a bhaineann le cistiú náisiúnta agus cistiú an Aontais araon); á thabhairt dá haire go mbaineann na 206 imscrúdú oscailte le deich mBallstát, le thart ar 75 % de na cásanna ar fad ag teacht ó thír amháin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nár thuairiscigh dearbhuithe bainistíochta na mBallstát cás aonair de chalaois amhrasta a braitheadh ag deireadh 2023, rud a chiallaíonn nár thuairiscigh na Ballstáit féin aon cheann de chásanna oscailte OIPE, rud a chaith amhras ar chumas na mBallstát calaoisí a bhrath agus a chomhrac; á chur i bhfáth, cé nach bhfuil aon imscrúdú curtha i gcrích go fóill, go ndearbhaítear leis na figiúirí arna gcur i láthair ag OIPE go bhfuil riosca calaoise ann in STA, agus go gcuireann siad amhras ar iontaofacht dhearbhuithe bainistíochta na mBallstát i dtéarmaí tuairisciú calaoise braite agus na mbeart ceartaitheach arna ndéanamh; á iarraidh go ndéanfaí sásraí braite calaoise a threisiú go práinneach, lena n-áirítear measúnú riosca calaoise éigeantach do gach tionscadal mórscála RRF; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh acmhainní leormhaithe ag OIPE chun imscrúdú a dhéanamh ar chásanna calaoise a bhaineann le caiteachas RRF, i bhfianaise líon méadaitheach na n-imscrúduithe agus na ndamáistí measta arda;

237. ag tabhairt rabhaidh go bhfuil cásanna calaoise féintuairiscithe na mBallstát faoi RRF fós tearcthuairiscithe go suntasach, rud a chruthaíonn léargas míthreorach ar shláine airgeadais;

238. á chur in iúl gur oth léi go mór an easpa trédhearcachta maidir le calaois a bhaineann le cistí RRF a thuairisciú agus á áitiú go gcomhlíonfaidh na Ballstáit uile oibleagáidí tuairiscithe caighdeánaithe agus go n-úsáidfidh siad an Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí (IMS);

239. á mheabhrú go bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais atá i bhfeidhm ón 30 Meán Fómhair 2024 ('athmhúnlú an Rialacháin Airgeadais') do leathnú raon feidhme an Chórais Luathbhraite agus Eisiaimh chun bainistíocht chomhroinnte agus dhíreach a chumhdach i gcásanna ina gcuirtear an buiséad chun feidhme leis na Ballstáit, do chláir arna nglacadh nó arna maoiniú amhail ón 1 Eanáir 2028; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhú ar na forais eisiamh is dáiríre chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar bhealach níos fearr;

240. á thabhairt dá haire, d'fhonn an corrlach idir an Coimisiún agus an Chúirt a laghdú, le haghaidh léirmhínithe éagsúla ar gharspriocanna agus spriocanna, go bhfuil cur chuige an Choimisiúin foilsithe aige maidir le coincheap an dáta tosaigh do bheart agus an coincheap de 'ionadú ar chaiteachas náisiúnta buiséadach athfhillteach' mar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III de Thuarascáil Bhliantúil 2024 uaidh ar chur chun feidhme STA; ag athdhearbhú a hiarrataí ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag obair leis an gCúirt chun an léirmhíniú ar gharspriocanna agus spriocanna a thabhairt le chéile chomh gar agus is féidir;

*Cur chun feidhme agus tionchar*

241. ag tathant ar an gCoimisiún na rioscaí a íoslaghdú a d'fhéadfadh a bheith ann go roghnódh na Ballstáit gan codanna nó méideanna iomlána na hiarrata deiridh ar íocaíocht a fháil, agus ar an gcaoi sin comhlíonadh na ngarspriocanna agus spriocanna deiridh a sheachaint agus cur chun feidhme foriomlán na STAnna a chur i mbaol; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na rioscaí breise a bhaineann le bearta a aisiompú tar éis shaolré STA, agus ag tathant ar an gCoimisiún, agus na híocaíochtaí deiridh á ndéanamh aige, a áirithiú nach dtarlóidh cásanna den sórt sin;

242. ag cur béim ar an bhfíoras, i gcomhréir le measúnú meántéarma an Choimisiún an 21 Feabhra 2024 ar STA, gur thug na Ballstáit chun suntais gur gá níos mó acmhainní a shlógadh ná mar a bhí beartaithe ar dtús chun na STAnna a athbhreithniú, agus go mbíonn éifeachtúlacht an chur chuige feidhmíochtbhunaithe á laghdú leis na 'nósanna imeachta atá casta go pointe iomarcach' do na mhodhnuithe don phlean, nach ndéanann idirdhealú idir mórleasuithe agus mionleasuithe agus a mbíonn formheas ón gComhairle de dhíth orthu le haghaidh aon mhodhnaithe;

243. á thabhairt dá haire, le haghaidh rialú agus iniúchtaí in STA, gur cheart do na Ballstáit socruithe a chur i bhfeidhm chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus go ndéanann an Coimisiún iniúchtaí *ex-post* agus córais ar gharspriocanna agus spriocanna; á chur i bhfáth go leanann roinnt mearbhaill de bheith ann i ndáil le ról na Cúirte, ag a bhfuil straitéis forbartha (Straitéis 2021-2025) chun tabhairt faoina freagrachtaí don chlár NGEU agus do STA, a measann roinnt Ballstát a bheith ina forluí gan ghá agus ina hualach riaracháin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur admhaigh an Coimisiún, i measúnú meántéarma uaidh an 21 Feabhra 2024 ar STA agus i dTuarascáil Bhliantúil uaidh an 10 Deireadh Fómhair 2024 ar STA araon, gur chinn údaráis na mBallstát ar gach leibhéal go raibh na nósanna imeachta iniúchóireachta agus rialaithe róchasta, agus go ndearna na Ballstáit gearáin faoi iniúchtaí forluiteacha ag údaráis náisiúnta, ag an gCoimisiún agus ag an gCúirt; ag tacú go hiomlán le hobair na Cúirte ar RRF; á chur in iúl gur geal léi gur admhaigh an Coimisiún agus gur ghlac sé leis go bhfuil sainordú iniúchóireachta iomlán ag an gCúirt maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, atá ar cheann de na bunchlocha d'urscaoileadh na Parlaiminte maidir le cistí RRF; á mholadh do na Ballstáit comhoibriú le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa;

244. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur tugadh na costais iontrála do lucht riaracháin na mBallstát chun suntais i dTuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2024 ar chur chun feidhme STA, agus go bhfuil spás ann do shimpliú breise; á thabhairt dá haire, i gcomhréir leis an Tuarascáil Bhliantúil seo ón gCoimisiún, i leith dhearadh na hionstraime, gur thagair na Ballstáit sa mheasúnú meántéarma do na hoibleagáidí comhcheangailte atá nasctha (i) leis an bhfianaise is gá chun comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna a chruthú, (ii) le riachtanais tuairiscithe dhiana, mar shampla na táscairí coiteanna agus na sonraí leathbhliantúla; agus (iii) an creat iniúchóireachta agus rialaithe; á mheabhrú go bhfeiceann na Ballstáit deis chun nósanna imeachta rialaithe agus iniúchóireachta a shimpliú, lena n-áirithítear comhordú níos fearr i measc na ngníomhaithe atá bainteach agus lena seachnaítear seiceálacha iolracha; á thabhairt dá haire freisin, dar le Tuarascáil Bhliantúil 2024 ón gCoimisiún ar STA arís, gur tharraing roinnt údaráis náisiúnta aird ar neamhsholúbthacht i measúnú an Choimisiún ar gharspriocanna agus spriocanna agus ar na nósanna imeachta dolúbtha agus dian ar acmhainní chun STAnna a athbhreithniú;

245. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé ar cheann de chuspóirí RRF cabhrú leis na Ballstáit athchóirithe agus infheistíochtaí uaillmhianacha a chur chun feidhme lena ndéanfar a ngeilleagair agus a sochaithe níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos ullmhaithe don aistriú glas agus don aistriú digiteach; á thabhairt chun suntais, agus é ina ábhar imní di, cinneadh na Cúirte i dTuarascáil Speisialta 15/2024 uaithi ina leagtar béim ar easpa ábharthachta, cáilíochta agus inchomparáideachta na sonraí arna dtíolacadh ag na Ballstáit, agus nach leor na sonraí chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hoiriúnú don athrú aeráide sna Ballstáit, agus ar an gcaoi sin an bealach a réiteach don snas glas a d'fhéadfadh a bheith ann; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh RRF a bheith ina mheán airgeadais chun athchóiriú dromchlach a dhéanamh ar chaiteachas traidisiúnta mar chaiteachas 'glas'; ag spreagadh an Choimisiúin sásra a thabhairt isteach laistigh de chreat RRF chun tionchar na n-infheistíochtaí ar an gcomhshaol a rianú agus chun ailíniú le cuspóirí aeráide an Aontais a áirithiú;

246. á thabhairt chun suntais go bhfuil tionchar ag RRF ar ghnó an Aontais agus ar FBManna; ag tabhairt dá haire go bhfuil EUR 78 mbilliún de thacaíocht dhíreach curtha ar fáil ag RRF do FBManna, arb ionann é agus 12 % de chaiteachas iomlán RRF, agus gurb ionann bearta níos leithne a théann chun tairbhe do ghnólachtaí agus EUR 152 bhilliún (23 % de chaiteachas iomlán RRF); ag tabhairt dá haire go bhfuair EUR 2,75 milliún FBManna, thart ar 11 % de na FBManna gníomhacha uile san Aontas, tacaíocht trí RRF; á chur i bhfios go láidir gur bhain beagnach 600 000 gnólacht tairbhe as tionscnaimh digitithe, agus gur leithdháileadh EUR 5,2 billiún ar thionscadail aistrithe ghlais, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite agus hidrigin;

247. á thabhairt chun suntais, agus é ina ábhar imní di, nár éirigh le héascú na dtionscadal trasteorann; á chur in iúl gur saoth léi, in ainneoin gur áiríodh roinnt bearta atá nasctha le Tionscadail Thábhachtach ar mhaithe le Leasanna Coiteanna ('IPCEInna') agus bearta trasteorann i gcaibidlí REPowerEU sna STAnna, nár chuir rialachas náisiúnta na Saoráide comhar trasteorann chun cinn go leormhaith; á áitiú go láidir gur cheart do chistiú an Aontais a bheith nasctha ar bhealach níos fearr le baint amach chuspóirí coiteanna an Aontais agus gur chóir dó breisluach a ghiniúint don Aontas;

248. a chur i bhfios go láidir gur admhaíodh i dTuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2024 ar chur chun feidhme STA go bhfuil rannpháirtíocht neamhleor ann ó na Ballstáit, ó údaráis réigiúnacha agus áitiúla, ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ó chomhpháirtithe sóisialta, agus ó gheallsealbhóirí ábhartha eile in ullmhú agus cur chun feidhme na STAnna náisiúnta; á iarraidh go mbeidís níos rannpháirtí i gcur chun feidhme na STAnna náisiúnta ar an talamh;

249. ag tathant ar an gCoimisiún gan aon athbhreithniú ar RRPanna a fhormheas, a bhféadfadh athphacáistiú ar athchóirithe nó infheistíochtaí atá beartaithe sna RRPanna a bheith mar thoradh air mura n-urramaíonn siad coinníollacha Rialachán RRF; ag tabhairt dá haire gur cheart go mbeadh sé d'aidhm i gcónaí ag aon athbhreithniú breisluach a chruthú agus sineirgí a mhéadú;

*Trédhearcacht*

250. á mheabhrú, cé nach gceanglaítear ar na Ballstáit na sonraí uile maidir le faighteoirí deiridh a fhoilsiú, ceanglaítear ar na Ballstáit le Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]) lena leasaítear Rialachán STA faisnéis a fhoilsiú ar na 100 faighteoir deiridh a fhaigheann an líon is airde den chistiú faoi STA; á chur in iúl gur geal léi, ar an 10 Deireadh Fómhair 2024, gur fhoilsigh an Coimisiún, mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil 2024 ar STA, Iarscríbhinn tiomnaithe chun soiléireacht bhreise a sholáthar maidir le coincheap na bhfaighteoirí deiridh faoi Rialachán STA agus maidir le raon feidhme fhoilsiú na sonraí ar na 100 faighteoir deiridh is mó; á chur in iúl gur cúis bhuartha di léirmhíniú an Choimisiúin ar choincheap an 'fhaighteora deiridh' faoi STA, mar is minic nach liostaítear iad ach ar leibhéal na haireachta amháin, agus go bhfuil na tuairiscí doiléir, agus go bhfuil go leor samplaí ar fáil i mbeagnach gach liosta a chuireann na Ballstáit ar fáil; ag athdhearbhú a héilimh go soláthrófar leis an liosta den 100 faighteoir deiridh is mó an duine nádúrtha fíorasach nó an t-eintiteas is deireanaí i slabhra aistrithe airgid atá le cur ar fáil i mbunachar sonraí a bhfuil rochtain ag an bpobal air chun cuntasacht a fheabhsú agus maoirseacht neamhspleách a chumasú, agus creat dlíthiúil chosaint sonraí an Aontais á urramú ag an am céanna; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go mbeidh fadhbanna ag baint le tionchar chistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a thomhas agus infheictheacht chistí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta do na saoránaigh a ráthú, cé go gcuirtear Scórchlár na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus léarscáil an tionscadail san áireamh freisin; á chur i bhfáth, má leanann an Coimisiún de dhiúltú trédhearcacht iomlán a áirithiú, nach mór don Pharlaimint breithniú a dhéanamh ar na bearta uile atá ar fáil chun comhlíonadh a fhorfheidhmiú, chun cosc a chur ar léirmhíniú comhchosúil a chur i bhfeidhm ar na forálacha trédhearcachta i rialacháin airgeadais eile;

251. á mheabhrú don Choimisiún nach mór cloí go docht le fuarlitir agus spiorad Rialachán STA, agus nach mór glacadh treoirlínte nó doiciméad inmheánach eile a bheith i gcomhréir go hiomlán le torthaí na caibidlíochta idir na comhreachtóirí; á chur in iúl go bhfuil sí suite de nár amhlaidh an cás nuair a ghlac an Coimisiún na forálacha a bhaineann leis an léirmhíniú ar a bhfuil i gceist le 'faighteoir deiridh' ina Threoir maidir le STAnna i gcomhthéacs REPowerEU;

252. ag tabhairt dá haire go bhfuil riosca tromchúiseach ag baint le gan a bheith in ann faighteoirí deiridh chistiú RRF a fhionnadh do thrédhearcacht agus inrianaitheacht chistí an Aontais agus, ar an gcaoi sin, do chosaint leasanna airgeadais an Aontais;

253. á mheabhrú go bhfuil bonneagar láidir TF ríthábhachtach do bhailiú sonraí agus faireachán agus measúnú ar chláir, agus go bhfuil údaráis bhainistíochta agus tairbhithe cáinteach faoi leibhéal na faisnéise is gá agus faoi dhúbláil le córais intíre eile; á thabhairt dá haire, i gcodarsnacht leis an mBeartas Comhtháthaithe, gur tharraing an Chúirt aird, faoi STA, ar na struchtúir éagsúla agus an cur chuige éagsúil a d'úsáid údaráis náisiúnta faireacháin, ar féidir a bhrath go bhfuil níos lú iontaofachta acu trí fhaisnéis neamh-aonchineálach a sholáthar agus spás a fhágáil i gcomhair líon ard earráidí a d'fhéadfadh a bheith ann; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, go n-éascaítear bailiú agus tuairisciú sonraí éifeachtúil le córais láraithe idirinoibritheacha, agus go gcuirtear i bhfios go láidir le córais scoilte go bhfuil gá le cur chuige cuíchóirithe;

([23]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

254. á chur in iúl gur geal léi go mbunaítear bearta cothrománacha, le hathmhúnlú an Rialacháin Airgeadais, le haghaidh suíomh gréasáin láraithe (an Córas Trédhearcachta Airgeadais) ar leibhéal an Aontais, lena gcumhdaítear faighteoirí uile chistiú an Aontais, agus á thabhairt dá haire gurb é atá i ndán don suíomh gréasáin seo ná an scoilt reatha a shárú, trédhearcacht a fheabhsú agus grinnscrúdú poiblí faighteoirí a éascú; á thabhairt dá haire go gceanglófar ar an gCoimisiún, amhail ón gcéad CAI eile (i.e. post 2027) na sonraí ábhartha, arna stóráil san uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca, Arachne, a úsáid chun an suíomh gréasáin láraithe a líonadh chun críocha trédhearcachta, agus, i gcomhréir leis na rialacha um chosaint sonraí, nach n-aifreofar sa suíomh gréasáin ach sonraí poiblí, e.g. sonraí ábhartha maidir le faighteoirí, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus tairbhithe; á chur i bhfáth, thairis sin, go mbeidh oibleagáid ar na Ballstáit rochtain ar na sonraí sin a sholáthar don Choimisiún, lena líonadh in Arachne trí mheáin uathoibrithe; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil úsáid Arachne ag na Ballstáit éigeantach;

255. á thabhairt dá haire nach mór garsprioc agus sprioc deiridh na STAnna náisiúnta a chur i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026 i gcomhréir le hAirteagail 18(4) agus 20(5) den Rialachán; á mheabhrú gur gá don Choimisiún oibriú go dlúth le gach Ballstát chun dlús a chur leis an gcur chun feidhme ar an talamh lena n-áirítear trí threoir rialta a sholáthar agus, ar iarratas, cúnamh teicniúil chun cuidiú le cur chun feidhme na bpleananna; ag athdhearbhú gur ábhar imní di go bhféadfaí na garspriocanna agus spriocanna a aisiompú i ndiaidh shaolré STA, agus ag tathant ar an gCoimisiún cásanna mar sin a chosc;

256. á iarraidh ar an gCoimisiún diúltú d'aon iarraidh chun STAnna a athbhreithniú a laghdódh uaillmhian foriomlán an phlean nó a chuirfeadh deireadh le hathchóirithe struchtúracha tábhachtacha ó na STAnna, agus tús áite a thabhairt do chur i gcrích na mbeart a bhaineann le FSCanna in STAnna; á iarraidh ar an gCoimisiún thairis sin dlús a chur lena chúnamh teicniúil chuig na Ballstáit atá chun deiridh ar chur chun feidhme STA;

*Moltaí*

257. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhú ar mholtaí na Cúirte óna Tuarascáil Bhliantúil chomh maith leis na moltaí óna tuarascálacha speisialta gaolmhara, agus á chur in iúl gur geal léi go nglacann an Coimisiún le formhór na moltaí sin; á iarraidh ar an gCoimisiún iad a chur chun feidhme agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn an chur chun feidhme;

258. á iarraidh ar an gCoimisiún rochtain iomlán a thabhairt don Chúirt ar an uirlis tuairiscithe nua maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), FENIX a luaithe is féidir;

259. á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) cothromaíocht chúramach a bhaint amach idir na ceanglais iniúchóireachta agus rialaithe agus an t-ualach riaracháin a fhorchuirtear ar na Ballstáit agus ar thairbhithe ionstraimí feidhmíochtbhunaithe amach anseo, agus leibhéal leordhóthanach rialaithe agus iniúchóireachta á choinneáil ar bun lena ndeonófaí cosaint láidir do leasanna airgeadais an Aontais;

(ii) dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh leantach na ngarspriocanna agus na spriocanna, go háirithe na cinn sin a bhaineann leis an iniúchóireacht, faireachán agus rialú agus faireachán leormhaith ar aon aisiompú féideartha ar gharspriocanna agus spriocanna;

(iii) úsáid a bhaint as a sheiceálacha ar chórais rialaithe na mBallstát chun conclúid shoiléir a chur in iúl maidir lena n-éifeachtacht agus gach beart iomchuí a dhéanamh;

(iv) pointe teagmhála aonair a bhunú le haghaidh na mBallstát don Ráiteas Dearbhaithe ag an gCoimisiún ar féidir rochtain a bheith ag an gCúirt air gan ualach breise a chur ar na Ballstáit le hiarrataí ar fhianaise bhreise;

(v) gach neamhrialtacht agus gach calaois a dhéanann difear do chistí RRF a thaifeadadh agus faireachán córasach a dhéanamh orthu;

(vi) na forálacha a bhaineann le 'faighteoirí deiridh' Rialachán STA a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go cruinn, trí athbhreithniú a dhéanamh ar a Threoir ar STAnna i gcomhthéacs REPowerEU, agus teagmháil a dhéanamh leis na Ballstáit faoi chur i bhfeidhm ceart an tsainmhínithe ar 'fhaighteoirí deiridh'; á iarraidh ar an gCoimisiún tograí a chur chun cinn lena gceanglófar ar na Ballstáit sonraí na bhfaighteoirí deiridh uile a fhoilsiú;

(vii) a rialú ar na M&Tanna a chuíchóiriú trí chur chuige Iniúchóireachta Aonair a chur chun feidhme, lena bhféadfaí an t-ualach riaracháin a laghdú, freagrachtaí iniúchóireachta a chomhdhlúthú idir an Coimisiún agus an Chúirt, amlínte agus ceanglais iniúchóireachta a chomhordú chun dúbailt agus rialuithe agus iniúchtaí forluiteacha a sheachaint, ach cosaint iomlán leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú ag an am céanna;

(viii) tacú leis na Ballstáit córais TF a dhéanamh fíor-idir-inoibritheach, chun bailiú, tuairisciú agus malartú sonraí éifeachtúil a éascú idir ranna/gníomhaireachtaí rialtais éagsúla chun íoslaghdú na rioscaí cistithe dhúbailte a cheadú, cros-seiceáil ghníomhach a dhéanamh idir bunachair sonraí ábhartha, agus cumarsáid a dhéanamh leis na Ballstáit faoina n-acmhainneachtaí riaracháin chun a áirithiú nach dtarlóidh cistiú dúbailte; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, na samplaí dearfacha a cuireadh ar fáil ag Comhdháil na Cúirte maidir le Trédhearcacht agus Inrianaitheacht Chiste Téarnaimh agus Athléimneachta AE i mí Dheireadh Fómhair 2024;

(ix) oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar M&Tanna, go háirithe iad siúd de chineál struchtúrach nó atá nasctha le CSRanna, a chur chun feidhme go hiomlán agus go dícheallach, agus nach bhformheasfar aon athbhreithniú ar RRPanna i gcásanna inar íslíodh an uaillmhian nó inar lagaíodh bearta tábhachtacha; athbhreithniú ar phleananna a sheachaint, a mhéid is féidir, arb ionann iad agus 'athphacáistiú' ar bhearta atá beartaithe sna RRPanna mura n-urramaíonn siad coinníollacha Rialachán RRF;

(x) forálacha Rialachán STA a chur i bhfeidhm go docht, lena n-áirítear na forálacha sin i ndáil le híocaíochtaí a chur ar fionraí nó suimeanna a aisghabháil, go háirithe mura ndéantar cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú;

(xi) an mhodheolaíocht maidir le híocaíochtaí páirteacha a chur i bhfeidhm go han-docht, lena n-áirítear i ndáil le bearta struchtúracha agus bearta atá nasctha le cur chun feidhme na FSCanna;

(xii) modheolaíocht a fhorbairt a bheidh bunaithe ar cháilíocht agus inchomparáideacht sonraí chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, chomh maith leis na tairbhí inláimhsithe, sna Ballstáit;

(xiii) a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit forálacha infheictheachta STA i bhfeidhm go docht, agus á chinntiú go ndéanfar na bearta arna gcur chun feidhme tríd an tSaoráid a mharcáil mar chistithe ag an Aontas;

(xiv) cúnamh teicniúil, tacaíocht riaracháin agus comhairle a sholáthar do na Ballstáit chun a n-acmhainneacht riaracháin a neartú, lena n-áirítear trí eagrú chruinnithe rialta an Ghrúpa Saineolaithe Neamhfhoirmiúil ar chur chun feidhme STA chun gnéithe teicniúla a phlé agus malartú dea-chleachtas i measc údaráis náisiúnta a spreagadh;

(xv) anailís chuimsitheach a dhéanamh, aon uair a mholtar athbhreithniú a dhéanamh ar na RRPanna, ar bhearta nua agus ar bhearta atá ann cheana agus ar cé acu a bheidís nó nach mbeidís in ionad caiteachas buiséadach athfhillteach nó an mbeadh siad ag sárú coinníollacha incháilitheachta eile na RRPanna;

(xvi) oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit chun acmhainneachtaí riaracháin a mhéadú, lena n-áirítear oiliúint maidir le scileanna speisialaithe agus eolas speisialaithe agus samplaí de dhea-chleachtais a sholáthar;

(xvii) leanúint de bheith ag obair leis an gCúirt chun an léirmhíniú ar garspriocanna agus spriocanna a thabhairt le chéile chomh gar agus is féidir;

(xviii) úsáid a bhaint as moltaí na Cúirte óna hobair ar STA agus an taithí arna fáil sa chur chun feidhme chun ailtireacht an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile a dhearadh lena n-áirítear cur chun feidhme ionstraimí feidhmíochtbhunaithe an Aontais amach anseo;

(xix) dearadh na n-ionstraimí feidhmíochtbhunaithe amach anseo a neartú trí nasc níos dlúithe a áirithiú idir eisíocaíochtaí agus dul chun cinn sa chur chun feidhme;

(xx) a áirithiú go ndéanfar aon athbhreithniú a dhéanfar amach anseo, chomh maith le cur chun feidhme foriomlán, ar RRPanna i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, agus go rachfar i gcomhairle leo, chun tionchar RRP a uasmhéadú;

(xxi) anailís a dhéanamh ar na laigí atá in ionstraimí feidhmíochtbhunaithe, agus aghaidh a thabhairt ar na laigí sin agus cláir nua á ndearadh amach anseo;

(xxii) tógáil, sa chéad CAI eile, ar ardleibhéal idir-inoibritheachta agus malartaithe sonraí idir ranna agus gníomhaireachtaí rialtais éagsúla chun malartú sonraí éifeachtúil agus nuashonruithe fíorama a éascú feadh roinnt ardán chun rianú tionscadal forluiteacha a cheadú, lena n-íoslaghdaítear na rioscaí comhairimh dhúbailte agus cistithe dhúbailte.